
# STRAITÉIS TURASOIREACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE
23–31

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Gaillimh

Ireland's Hidden HEARTLANDS

WILD ATLANTIC WAY



# CLÁR


**Réamhrá an Chathaoirligh** **4**

**Achoimre Feidhmiúcháin** **5**

**CUID 1: AN COMHTHÉACS** **11**

**1. Réamhrá** **12**

1.1 Cúlra agus Eolas faoin Tionscadail 12

1.2 Cur chuige agus Modheolaíocht 13

**2. Beartas agus Comhthéacs Straitéiseach** **14**

**3. Anailís ar an Margadh** **16**

3.1 Príomhphointí ó Mheasúnú ar Thaobh an Éilimh 16

3.2 Príomhphointí ó Mheasúnú ar Thaobh an tSoláthair 20

3.3 Bunlíne Eacnamaíochta a bhunú 30

3.4 Príomhthorthaí ón Tionscal, ón bPobal, ó Pháirtithe Leasmhara agus ó Rannpháirtíocht na Foirne 32

3.5 Príomhthorthaí ó Chuairteanna Rúnda ar Shiopaí 34

**4. Anailísí Bearna agus SCOT** **35**

4.1 Anailís Bearna 35

4.2 Anailís 38




| CUID 2: FREAGAIRT STRAITÉISEACH | 41 |
|---|---|
| **5. An Fhís agus an Creat Straitéiseach** | **42** |
| 5.1 An Fhís | 42 |
| 5.2 Spriocanna | 44 |
| 5.3 Creat Straitéiseach | 45 |
| 5.4 Criosanna Forbartha Turasóireachta | 47 |
| **6. Straitéis Margaíochta** | **59** |
| 6.1 Suíomh an Mhargaidh | 59 |
| 6.2 Comhpháirteanna de Chur Chuige Straitéiseach maidir le Margaíocht ar Thurasóireacht Chontae na | 59 |
| 6.3 Imlíne Achoimre ar Phlean Gnímh Margaíochta | 60 |
| **7. Cur i bhFeidhm na Straitéise** | **61** |
| 7.1 Cur i bhFeidhm | 61 |
| 7.2 Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Acmhainní | 61 |
| 7.3 Tomhas | 62 |
| 7.4 Gnéithe atá Criticiúil don Rath | 63 |
| **8. Aguisíní** | **65** |
| A8.1 Plean Gnímh | 67 |
| A8.2 Plean Margaíochta | 101 |

# Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Cuirim fáilte, i mo Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, roimh an gcéad Straitéis Turasóireachta seo don Chontae agus roimh na deiseanna a thagann léi.

Tá áit speisialta ag Contae na Gaillimhe i gcroí agus i meon go leor daoine. Leis an timpeallacht nádúrtha, cultúr tradisiúnta agus comhaimseartha, na daoine agus an chruthaitheacht atá i gContae na Gaillimhe, leantar de bheith ag mealladh turasóirí agus cinntítear go bhfanann Gaillimh ina áit a bhfuil na cónaitheoirí mórtasach as. Tá sé d'fhreagracht chomhchoiteann orainn a chinntiú go bhfanfaidh sé mar sin agus go mbeidh sé ina áit tharraingteach i gcónaí le cuairt a thabhairt air agus le cónaí ann.

Tá cor cainte ann go mbaineann an turasóireacht le gach duine agus deimhnítear gurb amhlaidh atá leis an gcomhoibriú trasearnála agus idirghníomhaireachta atá i gcroílár na Straitéise nua seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a thug a gcuid ama, taithí agus fuinnimh dúinn i bhforbairt na Straitéise seo, na comhlachtaí poiblí, fiontair phríobháideacha, pobail agus daoine aonair ina measc - gach duine acu a d'aithin na tairbhí forleathana a bhaineann leis an turasóireacht.

Cuirtear bonn dearfach láidir ar fáil leis an gcur chuige comhpháirtíochta seo chun an turasóireacht a fhorbairt tuilleadh ar fud Chontae ar leith na Gaillimhe, agus níl aon dabht agam go bhfreastalóidh an Straitéis seo go maith ar na comhpháirtithe uile sna hocht mbliana atá amach romhainn.

**Liam Carroll**
Cathaoirleach
Galway County Council

# Réamhrá an Phríomh-Fheidhmeannaigh

Tá Gaillimh ar an gceann scríbe is mó a dtugtar cuairt air taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, agus baineann Gaillimh leas ollmhór as an turasóireacht - tugadh 984,000 cuairt intíre ar Ghaillimh agus tháinig 1.7 milliún cuairteoir ó thar lear chuig an gcontae, rud a chuir €754 milliún leis an gcaiteachas turasóireachta.

Le glacadh na Straitéise seo, ciallaíonn sé, den chéad uair, go bhfuil creat comhoibríoch i bhfeidhm d'fhorbairt na turasóireachta sna hocht mbliana amach romhainn ar fud an Chontae. Sa chreat sin, tacófar leis an bhfís a bhaint amach atá curtha in iúl mar ráiteas treorach rúin, is é sin:

**Gurb é Contae na Gaillimhe an príomh-cheann scríbe turasóireachta in Éirinn i leith oidhreacht nádúrtha agus chultúir - ceann scríbe bríomhar agus comhtháite a bhfuil meas aige ar a thimpeallacht agus cultúr uathúil agus a roinneann iad sin go mórtasach le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha. Déantar ceiliúradh i gContae na Gaillimhe ar an éagsúlacht, caomhnaítear a oidhreacht agus tá prionsabail inbhuanaithe chun tosaigh sa chontae.**

Tá an Creat Straitéiseach, a sholáthraíonn an struchtúr chun an Straitéis a chur ar fáil, bunaithe ar cheithre réimse straitéiseacha agus tá príomhghníomhartha agus moltaí ag gach ceann acu. Tacaítear leis freisin trí sé Chrios Forbartha a aithint a chinntíonn idirghabhálacha níos spriocdhírithe sa chás go bhfuil siad ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar níos mó deiseanna agus dúshláin áitiúla.

Chomh maith leis na tairbhí sóisialta, cultúir agus comhshaoil, bainfear tairbhí eacnamaíochta suntasacha amach don Chontae le fás inbhuanaithe na turasóireachta. Is ionann an straitéis turasóireachta seo agus deis tacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht atá ann faoi láthair agus fostaíocht nua a chruthú. Leis an straitéis seo, bunófar inbhuanaitheacht mar bhonnchloch don todhchaí agus cuirfear tuilleadh leis na tairbhí a bhaineann leis an turasóireacht do cheantair nach dtugtar mórán cuairte orthu.

Mar a dúradh, tá cur chuige comhoibríoch ag teastáil chun straitéis turasóireachta a chur ar fáil agus cuimsítear comhpháirtíocht agus comhoibriú sa Straitéis seo. Tá mé ag súil go mór dul i mbun oibre lenár bpríomh-chomhpháirtithe lena chinntiú go mbeidh an turasóireacht i gContae na Gaillimhe fós ag dul chun tairbhe cuairteoirí, pobail agus gnólachtaí.

**Liam Conneally**
Príomh Fheidhmeannach
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



# Réamhrá an Stiúrthóir Seirbhise

Is sprioc thábhachtach don Chomhairle í Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe. Cuireann sí treochlár ar fáil a bhainfidh an leas sóisialta, cultúir agus eacnamaíochta is fearr is féidir as an turasóireacht ar fud an chontae ar fad agus déantar sin ar bhealach inbhuanaithe. Trí fheabhas a chur ar thionscal na turasóireachta a bhfuil borradh faoi agus faoi mar atá ag éirí le príomhchinn scríbe a threisiú, cuirfidh an straitéis leis an gcur chuige comhoibríoch a glacadh sa chontae le himeacht na mblianta agus cuirfidh sí leis na straitéisí réigiúnacha do Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus do Chroíthailte Ceilte na hÉireann. Déantar iarracht sa Straitéis forbairt na turasóireachta a spreagadh ar fud na Gaillimhe, an turasóireacht a fheabhsú i gceantair ina bhfuil sí láidir cheana féin agus í a chothú i gceantair nach bhfuil chomh aibí céanna ó thaobh dhearcadh na turasóireachta agus táthar tiomanta sa straitéis do thairbhí eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil a bhaint amach i bpobail agus in áiteanna éagsúla.

Trí chomhoibriú leanúnach leis an bpobal, le páirtithe leasmhara an tionscail agus le comhpháirtithe straitéiseacha, tá sé de chuspóir againn ceann scríbe turasóireachta bríomhar acmhainneach a bhunú ina mbeidh béim ar inbhuanaitheacht, fás eacnamaíochta agus éagsúlacht ó thaobh na réigiún. Le seoladh na straitéise seo, cuirtear creat struchtúrtha agus cur chuige straitéiseach ar fáil chun infheistíochtaí agus tacaíocht turasóireachta amach anseo a threorú sna hocht mbliana amach romhainn.

**Alan Farrell**
Alan Farrell, Stiúrthóir Seirbhisí
Comhairle Chontae na Gaillimhe





# Achoimre Fheidhmeach

Tá clú ar Chontae na Gaillimhe as an saibhreas d'acmhainní oidhreachta tógtha agus nádúrtha atá aige a chuireann eispéiris luachmhara agus éagsúla ar fáil ar fud an chontae. Is éard is cuspóir na Straitéise Turasóireachta seo ná cur chuige dírithe i leith chur chun cinn agus fhorbairt na turasóireachta a chur ar fáil d'fhonn rannchuidiú na turasóireachta i ngeilleagar an chontae a mhéadú agus ag an am céanna inbhuanaitheacht agus caighdeán na beatha i gContae na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú.

Tá Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031 suite laistigh de chomhthéacs straitéiseach i gcoitinne a chuireann bunús agus treoir d'fhorbairt na turasóireachta sa Chontae ar fáil. Tá achoimre tugtha orthu sin thíos.

Agus an méid sin ag dul ar aghaidh sa chúlra, ní mór an turasóireacht a mheas mar chuiditheoir i leith cuspóirí forbartha náisiúnta, agus tá an treoir straitéiseach a aithníodh do thurasóireacht Chontae na Gaillimhe sa Straitéis Turasóireachta seo ag teacht leis na cuspóirí sin. Mar sin féin, tá gá freisin béim a choinneáil ar eispéireas den scoth a chur ar fáil do chuairteoirí agus ar an gcaoi chéanna déanann iompar, riachtanais agus roghanna na dturasóirí eolas don Straitéis Turasóireachta.

**Straitéis & Polasaí Náisiúnta**
Tionscadal Éireann 2040, Creat Náisiúnta Pleanála & Plean Forbartha Náisúnta, Beartas Forbartha Tuaithe, Clár an Rialtais

↓

**An Straitéis Réigiúnach Spáis & Eacnamaíochta 2020-2032**
An Straitéis Réigiúnach Spásúil & Eacnamaíoch, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair

↓

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

↓

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail**

↓

**Straiéis Forbartha Turasóireachta Bhealach an Atlantaigh Fhiáin** → **Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031** ← **Straiéis Forbartha Turasóireachta Chroíthailte Ceilte na hÉireann**



Is ceann scríbe turasóireachta seanbhunaithe é Gaillimh do chuairteoirí baile agus idirnáisiúnta araon agus tugadh 984,000 cuairt intíre ar Ghaillimh agus tháinig 1,694,000 cuairteoir ó thar lear chuig an gContae chun rannchuidiú €754 milliún san iomlán a chruthú. Aithnítear sa Straitéis seo roinnt príomh-mhíreanna a chuireann na hacmhainní is fearr ar fáil don turasóireacht i gContae na Gaillimhe, chomh maith le roinnt míreanna luachmhara níos lú - mar atá léirithe thíos.

## SPRIOCSCIARTHA

| Spriocmhargaí /Spriocsciartha Príomhúla |
| --- |
| Cuairteoirí Neamhspleácha ar Camchuairt |
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe Réchúiseacha) |
| Teaghlaigh ón Margadh Baile |
| Sosanna Deireadh Seachtaine i gCeantair Uirbeacha do Dhaoine Fásta ón margadh Baile |

| Spriocmhargaí /Spriocsciartha Nideoige |
| --- |
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe tiomnaithe) |
| Turais Ghinearálta ar Bhus |
| Turais do Ghrúpaí Sainleasa |
| Turasóirí Lae |
| Cuairteoirí atá faoi mhíchumas / faoi luaineacht theoranta |
| Ugach, Imeachtaí agus Crúsáil |

Níl an clú céanna ar gach ceantar sa Chontae. Tá an príomhbhonneagar - amhail lóistín agus áiseanna is díol spéise - cruinnithe i gceantair ar leith ag cloí, ar ndóigh, leis na patrúin a bhaineann leis an éileamh is airde ó chuairteoirí. Dá bhrí sin is é ceann de na dúshláin a bhaineann leis an Straitéis seo ná iarracht a dhéanamh ceantair thurasóireachta dhea-fhorbartha laistigh den Chontae a bhainistiú agus ceantair níos lú bunaithe a fhorbairt tuilleadh.

Leagtar béim ar shainghnéithe an chontae san Fhís atá léirithe sa Straitéis seo don turasóireacht i gContae na Gaillimhe, sainghnéithe a chuireann eispéiris shaibhre oidhreachta nádúrtha agus tógtha ar fáil atá báite i dtraidisiúin na nglúnta atá lán le cultúr bríomhar comhaimseartha. Léiríonn sé freisin na dúshláin a bhfuil sé i gceist againn a shárú le linn shaolré na Straitéise, lena n-áirítear feabhas a chur ar cheantair ina bhfuil an turasóireacht tearcfhorbartha, agus an deis a cuireadh ar fáil le branda cinn scríbe turasóireachta na Cathrach agus an Chontae aontaithe.

**Is mar a leanas a dhéantar an Ráiteas Físe a chuir in iúl:**

**"Is é Contae na Gaillimhe príomhcheann scríbe turasóireachta na hÉireann mar a bhaineann leis an oidhreacht chultúir agus leis an oidhreacht nádúrtha - ceann scríbe bríomhar comhtháite a léiríonn meas ar a chultúr agus ar a thimpeallacht uathúil, agus a roinneann é go bródúil le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha.**

**Ceiliúrann sé an éagsúlacht, cosnaíonn sé a hoidhreacht agus tá prionsabail inbhuanaithe á dtreorú."**



**FÓCAS STRAITÉISEACH 1**
**Ceann Scríbe a Bhainistiú**

**FÓCAS STRAITÉISEACH 2**
**Eispéiris a Fhorbairt**

**FÓCAS STRAITÉISEACH 3**
**Cumas & Scileanna a Fhorbairt**

**FÓCAS STRAITÉISEACH 4**
**Margaíocht agus Cumarsáid**

Soláthraítear struchtúr sa Chreat Straitéiseach a chuirfidh ar chumas Chontae na Gaillimhe a Fhís a bhaint amach agus cuirtear soiléireacht ar fáil do ghníomhaíocht agus infheistíocht le linn thréimhse ocht mbliana na Straitéise. Aithnítear ceithre réimse le haghaidh béim straitéiseach sa Chreat:


Fanfaidh sé ina thosaíocht do Thurasóireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe tionscadail chomhoibríocha nua agus atá ann a sholáthar ar bhonn leanúnach, tionscadail a chuireann mórdheiseanna ar fáil d'fhás na turasóireachta ar fud an Chontae, agus cuideoidh roinnt prionsabal le gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha a threorú lena chinntiú go mbeidh an fás amach anseo inbhuanaithe. Is iad seo a leanas na prionsabail:

1. Tús áite a thabhairt i gcónaí do mhórdheiseanna comhoibríocha a chur ar fáil le comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear Pleananna Forbartha Eispéireas na gCeann Scríbe/na gCuairteoirí, Máistirphleananna Turasóireachta agus na Glasbhealaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.
2. Tacaíocht a thabhairt do shíneadh a chur leis an achar a fhanann turasóirí agus don chaiteachas agus taiscéalaíocht i gceantair nach dtugtar mórán cuairte orthu a spreagadh.
3. Tús áite a thabhairt don sprioc a bhaineann le bheith go hiomlán inbhuanaithe ó thaobh na turasóireachta de agus le bheith ag teacht le Pleananna Gníomhaithe náisiúnta agus áitiúla ar son na hAeráide.
4. Tacaíocht a thabhairt do phobail, teanga agus cultúr na Gaeltachta.
5. Tús áite a thabhairt do leas a bhaint as acmhainní tógtha agus nádúrtha atá ann faoi láthair, an turasóireacht faoin spéir agus infheistíochtaí leanúnacha, go háirithe i mbonneagar gorm agus glas.
6. An turasóireacht a bhunú mar phríomhghníomhaíocht eacnamaíochta ar fud an Chontae agus fás na turasóireachta a chur chun cinn - lena n-áirítear ceantair nach dtugtar mórán cuairte orthu - trí chinn scríbe agus eispéiris turasóireachta nua agus atá ann faoi láthair a fhorbairt.
7. Cur chuige creasa a fhorbairt le go mbeifear in ann díriú ar idirghabhálacha ábhartha ar leibhéal níos áitiúla.
8. Nuálaíocht a thabhairt isteach agus tacú léi.
9. Comhoibriú idir páirtithe leasmhara, an pobal agus an tionscal a fheabhsú.
10. Rochtain uilíoch ar eispéiris turasóireachta a fheabhsú.

Cé go mbeidh sé ina thosaíocht i gcónaí mórthionscadail chomhoibríocha a chur ar fáil, tá níos mó dúshlán agus deiseanna ann freisin a bhaineann go sainiúil leis an gceantar a bhainfeadh tairbhe as cur chuige a thugann aghaidh orthu sin go díreach. Mar gheall air sin, aithníodh sé chrios forbartha freisin - bunaithe ar aibíocht, inbhuanaitheacht, acmhainní, tionscal agus cumas an phobail. Cuireann na Criosanna struchtúr ar fáil d'idirghabhálacha comhtháite agus dírithe atá ag teacht lena riachtanais reatha agus acmhainneacht turasóireachta amach anseo. Ní cinn scríbe mhargaíochta iad.








Tá i bhfad níos mó i gceist le timpeallacht bhisiúil don fhás a chruthú ná earnáil na turasóireachta. Beidh cur i bhfeidhm rathúil na Straitéise Turasóireachta seo ag brath ar an gcreat eagraíochta don soláthar, ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha i measc príomhshuimeanna agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Tá idir-spleáchas na bpáirtithe leasmhara mar chuid thábhachtach chun Straitéis Turasóireachta a chur ar fáil ar leibhéal na gceann scríbe agus cé go bhfuil gníomhartha ann ar féidir leis an údarás áitiúil tabhairt fúthu, ní féidir ach páirtithe leasmhara eile, chomh maith leis na hearnálacha gnó agus pobail, tabhairt faoi go leor gníomhartha. Ní éireoidh le Comhairle Chontae na Gaillimhe, aisti féin, Straitéis Turasóireachta a chur ar fáil ach is féidir ról riachtanach a bheith ag an gComhairle ó thaobh na suimeanna éagsúla agus páirtithe leasmhara a thabhairt isteach, a chomhordú agus a nascadh. Trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú bunaithe ar shraith aontaithe gníomhartha agus spriocanna, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe, cruthaítear coinníollacha fabhracha chun tacaíocht a thabhairt don fhás inbhuanaithe.



# AN COMHTHÉACS











# 1 Réamhrá

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Áitiúil do Chontae na  Gaillimhe gan ceantar na Cathrach san áireamh. Tá 39 Comhalta Tofa ó 5 Cheantar Bardasacha ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus cheadaigh siad sin Plean nua Forbartha Chontae na Gaillimhe i mí Iúil 2022. Tá dhá phríomhfhreagracht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe– seirbhísí ar ardchaighdeán a bhfuil teacht go héasca orthu a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus na dualgais phoiblí atá orainn inár ról ceannaireachta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir an Chontae a chur chun cinn ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe.

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe gníomh ar leith ina *Plean Corparáideach 2020-2024* chun Straitéis Turasóireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, straitéis a d'fhéadfadh éascaíocht a dhéanamh ar leathnú leanúnach ar earnáil na turasóireachta trí phríomhthionscnaimh bhrandála, bholscaireachta agus mhaoinithe a fhorbairt. Tacaíonn an gníomh seo lena cuid straitéisí uileghabhálacha lena n-áirítear forbairt eacnamaíochta agus fiontraíochta atá leanúnach agus inbhuanaithe a uasmhéadú sa Chontae.

## 1.1 Cúlra agus Eolas faoin Tionscadal

Agus í ceaptha taobh istigh den Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíochta, Pobail agus Tuaithe, is croífheidhm í Roinn Turasóireachta an Chontae agus tá sí ina tosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus aitheantas tugtha don turasóireacht mar ghné ríthábhachtach le go ndéanfar athghiniúint ar an ngeilleagar, ar an saol sóisialta agus ar an saol cultúir. In 2021, lorg Comhairle Chontae na Gaillimhe tairiscintí do straitéis turasóireachta *Chontae na Gaillimhe, 2022 – 2030*, agus é mar chuspóir uileghabhálach forbairt a dhéanamh ar:

"Straitéis Turasóireachta comhtháite agus inbhuanaithe don Chontae chun treoir a thabhairt d'fhorbairt, do chomhtháthú agus d'fhás earnáil na turasóireachta ar fud Chontae na Gaillimhe san am atá amach romhainn, agus gach ceantar sa Chontae taobh amuigh de theorainneacha bardasacha Chathair na Gaillimhe curtha san áireamh"

Dá réir seo tá an Straitéis ag tabhairt aghaidh ar fhorbairt, ar mhargaíocht agus ar ghníomhartha na turasóireachta ar a bhfuil an measúnú ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht á leabú.

I measc scóip na hoibre bhí aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht na turasóireachta; ar an bhforbairt eacnamaíochta agus pobail; ar fhorbairt táirgí; treochlár soiléir; cuspóirí brandála agus margaíochta; measúnuithe comhshaoil a bhaineann le doiciméad reachtúil; agus treochlár d'fhorbairt turasóireachta suas go dtí 2030.

Ceapadh CHL Consulting agus Minogue & Associates chun oibriú le foireann an chliaint le linn 2022 ar mhaithe le Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2022–2030, a bhfuil na sonraí a bhaineann leis á gcur i láthair anseo, a





fhorbairt. Cuimsítear sa Straitéis seo an Phríomhthuarascáil agus Comhthéacs an Bheartais, na hAnailísí Margaidh, Bearna agus SCOT á gcur i láthair i gCuid 1 sula mbogtar ar aghaidh go dtí an Creat Straitéiseach agus an Cur i bhFeidhm i gCuid 2. Tá Tuarascálacha Scagthástála SEA agus AA ar leith ag gabháil leis.

## 1.2 Cur chuige agus Modheolaíocht

Bhí ceithre chéim i gceist le cur chuige an tionscadail.

San áireamh i **gCéim a hAon** bhí taighde deisce, athbhreithnithe ar bheartais agus ar straitéisí, suirbhé poiblí ar a bhfuarthas 199 freagra, comhairliúcháin aonair agus comhairliúcháin le grúpaí, bailiú sonraí agus anailís, measúnuithe ar láithreáin agus siopadóireacht rúnda, ceardlanna smaointe don tionscal, ceardlanna do pháirtithe leasmhara, scagthástáil chomhshaoil agus rannpháirtíocht reachtúil. Léirítear é sin i bhFíor 1.

San áireamh i **gCéim a Dó** bhí fís agus creat straitéiseach a fhorbairt don Straitéis Turasóireachta, tús a chur leis na príomhghníomhartha, scagthástáil tosaigh SEA & AA, agus treochlár don mhargaíocht agus don chur i bhfeidhm a fhorbairt.


San áireamh i **gCéim a Trí** bhí oibriú leis an ngrúpa cliant ar na doiciméid deiridh den straitéis, iad a chur ar aghaidh le haghaidh scagthástáil reachtúil SEA / AA agus na doiciméid seo a chur ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí. Tá torthaí na scagthástála SEA/AA ar fáil i bhfoirm tuairiscí ar leith.

San áireamh i **gCéim a Ceathair** bhí an Dréachtstraitéis Turasóireachta a chur ar fáil don Chomhairle lena plé agus, tar éis don aiseolas a bheith curtha isteach chun é a ghlacadh. Bhí baint ag an gCoiste um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Beartas Straitéiseach Fiontraíochta[1] le múnlú an tionscadail ón tús, chuidigh siad le cruthú na mbeartas ag gach céim d'fhorbairt na straitéise, agus thug sé tacaíocht don Straitéis Turasóireachta deiridh sular ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe léi (dáta) XXX

Leis an gcomhairliúchán idir-rannach laistigh den Chomhairle agus le rannpháirtíocht láidir ó Bhallraíocht Thofa, rinneadh eolas don loighic phraiticiúil taobh thiar den Straitéis.


Mar gheall ar nádúr fairsing an chláir oibre, bailíodh lear mór pleananna agus straitéisí a bhí ann cheana agus faisnéis nua. Tá príomhphointí a bhí mar threoir don Straitéis ar fáil sa doiciméad seo agus tá siad curtha i láthair sna codanna seo a leanas.

FÍOR 1: ACHOIMRE AR MHODHEOLAÍOCHT CHÉIM A HAON




1 Cuireann na Coistí Beartais Straitéiseacha (SPCanna) fóram ar fáil atá dírithe ar bheartais agus atá in ann leas a bhaint as taithí comhlachtaí agus grúpaí seachtracha ábhartha. Chomh maith leis sin cuireann siad le ról na gComhairleoirí tofa trí ardán a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo ionchur a bheith acu go luath sa phróiseas agus beartais á bhforbairt, monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar bheartais atá ann cheana agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais. Tá sé de chúram ar an SPC comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle maidir le beartais a fhorbairt, cé gurb í an Chomhairle iomlán, i ndeireadh na dála, a bheidh freagrach as an gcinneadh deiridh i leith an bheartais.







2

# Beartas agus Comhthéacs Straitéiseach

Tá *Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2022–2030* suite taobh istigh de chomhthéacs straitéiseach atá níos leithne, a thugann an réasúnaíocht agus an treo d'fhorbairt na turasóireachta sa Chontae - féach Fíor 2.

**FÍOR. 2: ORDLATHAS AN CHOMHTHÉACS STRAITÉISIGH DON STRAITÉIS TURASÓIREACHTA**

**Straitéis & Polasaí Náisiúnta**
Tionscadal Éireann 2040, Creat Náisiúnta Pleanála & Plean Forbartha Náisúnta, Beartas Forbartha Tuaithe, Clár an Rialtais

↓

**An Straitéis Réigiúnach Spáis & Eacnamaíochta 2020-2032**
An Straitéis Réigiúnach Spásúil & Eacnamaíoch, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair

↓

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

↓


**Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail**

↓

**Straiéis Forbartha Turasóireachta Bhealach an Atlantaigh Fhiáin** ↘

**Straiéis Forbartha Turasóireachta Chroíthailte Ceilte na hÉireann** ↙

**Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031**



Ag an leibhéal náisiúnta, oibríonn Tionscadal Éireann 2040, an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta le chéile chun cur chuige comhordaithe don phleanáil a leagan síos don tír, agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair ag cur straitéis níos réigiúnaí ar fáil. Sa chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach seo, leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe an treoirphlean d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae agus as sin tagann roinnt pleananna eile chun cinn a chuireann bonn eolais faoin Straitéis Turasóireachta, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail, an Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta, an Plean Ealaíon agus an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta.

Tá straitéisí breise ann freisin a thugann comhthéacs níos leithne mar a bhaineann leis an turasóireachta- *Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Bhealach an Atlantaigh Fhiáin don bhliain 2023-2027 (dréacht); Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí Chroíthailte Ceilte na hÉireann don bhliain 2023-2027 (dréacht); Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Loch Deirgeirt; Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chósta Chonamara agus na nOileán; Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Bhoirne; an Máistirphlean Turasóireachta don tSionainn 2020-20230; agus Máistirphlean Turasóireachta Bhealach Bheara Bréifne.*

Sa chúlra seo is gá an turasóireacht a fheiceáil mar rannpháirtí mar a bhaineann leis na cuspóirí forbartha náisiúnta, agus tagann an treo straitéiseach a aithníodh don turasóireacht i gContae na Gaillimhe sa Straitéis Turasóireachta seo leis na cuspóirí sin. Mar sin féin, is gá díriú freisin ar eispéireas den scoth a chur ar fáil do chuairteoirí agus tá an Straitéis Turasóireachta bunaithe freisin ar a n-iompar, ar a riachtanais agus ar a roghanna siúd(Cuid 3 agus 4).

Rinneadh athbhreithniú ar bhreis agus tríocha doiciméad, plean agus straitéis mar chuid den phróiseas. Aithnítear i dTábla 1 na príomhstraitéisí agus na príomhbheartais a chuireann an comhthéacs straitéiseach ar fáil d'fhorbairt na Straitéise Turasóireachta. Bhí go leor treoirlínte náisiúnta, pleananna bailte agus sráidbhailte, nuashonruithe straitéise, pleananna gnímh agus aighneachtaí aonair eile a rinne eolas d'fhorbairt na Straitéise freisin.

**TÁBLA 1: PRÍOMHDHOICIMÉID STRAITÉISEACHA**

| Doiciméad |
|---|
| Tionscadal Éireann 2040: an Creat Náisiúnta Pleanála |
| Tionscadal Éireann 2040: Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 |
| An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta 2020-2032, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair |
| Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025 |
| Clár Éire Ildánach 2017-2022 |
| Clár an Rialtais – Ár dTodhchaí Chomhroinnte |
| Plean Gnímh ar Son na hAeráide 2021 |
| Fís Bhia 2030 |
| Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 |
| Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe 2016-2022 |
| Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025 |
| Straitéis Forbartha Turasóireachta Chroíthailte Ceilte na hÉireann 2023-2027 (dréacht) |
| Straitéis Forbartha Turasóireachta Bhealach an Atlantaigh Fhiáin 2023-2027 (dréacht) |


I bhfianaise a chomhtháite agus atá an polasaí a bhaineann leis an bpleanáil agus leis an bhforbairt in Éirinn, ní haon ionadh é go mbeadh na téamaí céanna ag teacht chun cinn arís agus arís eile. Déantar achoimre anseo ar an gcuid is tábhachtaí díobh seo ó thaobh Straitéis Turasóireachta nua



**NA PRÍOMHTHÉAMAÍ A EASCRAÍONN AS AN ATHBHREITHNIÚ AR BHEARTAIS**

- Tacaíocht d'inbhuanaitheacht an gheilleagair agus an phobail faoin tuath.
- Fócas ar inbhuanaitheacht de gach cineál, lena n-áirítear inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíochta.
- An gá atá le tuilleadh comhtháthaithe agus nascachta, fisiciúil agus digiteach.
- Tacaíocht do theanga agus do chultúr na Gaeltachta.
- Tacaíocht do bhonneagar agus d'inniúlacht dhigiteach níos fearr i ngach réimse agus i ngach earnáil.
- Rannpháirtíocht an phobail mar chuid lárnach den fhorbairt ar fad.
- Tacaíocht don chomhoibriú idir idirghníomhaireachtaí / páirtithe leasmhara / dlínsí.
- Béim ar 'an taobh amuigh a oscailt suas'.
- Béim ar an mbonneagar glas agus gorm agus ar áiseanna agus ar eispéiris atá bainteach leo
- Níos mó aitheantais don luach a bhaineann leis an gcultúr agus leis na healaíona.








# Anailís ar an Margadh

Tá an timpeallacht mhargaíochta ina bhfeidhmíonn Contae na Gaillimhe mar cheann scríbe turasóireachta ríthábhachtach ó thaobh na ndeiseanna agus na ndúshlán de. Seo a leanas na príomhphointí a d'eascair as an anailís ar an margadh, lena n-áirítear measúnú ar éileamh agus ar thaobh an tsoláthair, chomh maith le haiseolas ón tionscal, ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal. Áirítear leis freisin táscairí bonnlíne eacnamaíochta a leagan síos don Chontae.

## 3.1 Príomhphointí ón Measúnú Ar Thaobh an Éilimh

### 3.1.1 Treochtaí na dTomhaltóirí

Tháinig athrú suntasach ar chúrsaí turasóireachta le dhá bhliain anuas de bharr phaindéim Covid19 agus na srianta a bhain leis. Tá treochtaí áirithe a bhí le tabhairt faoi deara roimh an ráig fós ábhartha d'Éirinn, agus do Ghaillimh, mar cheann scríbe turasóireachta, lena n-áirítear

- fás an-sciobtha ar an úsáid a bhaintear as ábhair dhigiteacha le haghaidh smaointe a fháil le haghaidh turais, iad a phleanáil agus a cur in áirithe,
- agus béim a bheith ar 'eispéiris' a bheith ag duine seachas 'táirgí' turasóireachta a cheannach.

Mar sin féin, tá roinnt treochtaí nua tagtha chun cinn, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, atá ábhartha thar a chéile. Ina measc seo tá:



- níos mó úsáide a bheith á bhaint as an taobh amuigh le haghaidh fóillíochta agus caitheamh aimsire, agus breis úsáide as cosáin agus as an uisce;
- níos mo deiseanna le bia a ithe taobh amuigh, agus tuilleadh cruthaitheachta ina leith;
- fás ar 'edventures[2]', laethanta saoire a nascann oideachas le saoire don dream níos óige den teaghlach fad is atá na daoine fásta ag nascadh am teaghlaigh leis an gcianobair;
- teacht chun cinn na bhfánaithe digiteacha a athlonnaíonn as baile ar feadh tréimhsí níos faide mar gheall ar níos mó solúbthachta a bheith ag baint le coinníollacha oibre agus an bonneagar don chianobair a bheith feabhsaithe anois;
- tuilleadh fócais a bheith ar roghanna taistil glasa, go háirithe leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair agus níos mó úsáide a bheith á bhaint as feithiclí leictreacha.

I bhfianaise na hinfheistíochta a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe le blianta beaga anuas sa bhonneagar le haghaidh caitheamh aimsire faoin aer, bia lasmuigh agus cianobair, agus an bhéim a cuireadh ar áiseanna luchtaithe a sholáthar, leagann na treochtaí thuas bunús maith síos le haghaidh tuilleadh fáis ar an turasóireacht, agus go háirithe i gcás ceantar nach mbíodh ina gceann scríbe turasóireachta go traidisiúnta.

Mar sin féin, tá roinnt srianta ag teacht chun cinn freisin a gcaithfear súil a choinneáil orthu ó thaobh a dtorthaí fadtéarmacha. Ina measc sin tá an ghéarchéim fuinnimh agus a thionchar ar an ioncam a bhíonn ag daoine le caitheamh chomh maith leis an gcostas a bhaineann le taisteal. D'fhéadfadh an choimhlint san Úcráin agus an éiginnteacht a bhaineann leis an mBreatimeacht tionchar a bheith acu ar an taisteal idirnáisiúnta freisin. Mar fhocal scoir, cé go bhfuil deireadh curtha leis na srianta a bhaineann le paindéim Covid19, tá éiginnteacht áirithe fós ann maidir le tuilleadh ráigeanna de agus an t-achar a thógfaidh sé ar an taisteal idirnáisiúnta teacht chuige féin arís.

2 Tourism Trends 2022, UNWTO



### 3.1.2 An Turasóireacht i nGaillimh

Cuireann an turasóireacht go mór leis an eacnamaíocht i gContae na Gaillimhe. Bunaithe ar mheastacháin roimh Covid maidir le méid agus luach na turasóireachta i gCathair agus i gContae na Gaillimhe bhí 2.7 milliún cuairteoir ann agus caiteachas €743m acu. Is féidir é seo a bhriseadh síos idir an margadh thar lear agus an margadh baile mar seo a leanas:


> 1.6 milliún turasóir ó thar lear[3] a chaith €532m[4]
> 1.1 milliún turasóir baile a chaith €211m[5]

Fágann sin go bhfuil sé ar cheann de na cinn scríbe is mó a bhfuil éileamh air ag turasóirí in Éirinn, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, agus é ar chomhchéim le Corcaigh. San áireamh sna meastachán sin, áfach, tá an chathair - ceann scríbe mór turasóireachta- agus ní thugann na staitisticí oifigiúla aon bhriseadh síos eile idir an Chathair agus an Contae.

Anuas air sin, bíonn sreafaí cuairteoirí ag tarraingt ar limistéir ar leith - mar atá léirithe i léarscáil Fáilte Ireland de na 'príomhionaid' turasóireachta, agus Cathair na Gaillimhe agus an ceantar díreach timpeall uirthi ina ceann scríbe suntasach. Is léir go bhfuil an Clochán ina cheann scríbe ann féin chomh maith. Ach is léir ón léaráid seo, agus ó na sonraí tacaíochta a chuirtear i láthair in áiteanna eile sa Straitéis seo, go bhfuil limistéir mhóra taobh istigh den Chontae nach bhfuil i mbéal an phobail ó thaobh na turasóireachta de, go háirithe sa leath thoir den Chontae.

### 3.1.3 An Turasóireacht sna Contaetha in aice láimhe

Mar fhoinse le haghaidh cuairteoirí breise, d'fhéadfadh sé a bheith ina bhuntáiste a bheith gar do cheantair a bhfuil tóir orthu - go háirithe iad siúd a bhfuil ceangal acu le Gaillimh trí thionscadail chomhoibríocha amhail Pleananna Forbartha do Thaithí Cuairteoirí (e.g. Loch Deirgeirt, An Bhoirinn), Glasbhealaí, Gormbhealaí, cosáin eile, agus brandáil comharchumainn. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith ina dhúshlán ó thaobh na hiomaíochta de. Tá sé limistéar de chuid údaráis áitiúil eile i gcomharsanacht Chontae na Gaillimhe: An Clár, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Maigh Eo agus Cathair na Gaillimhe. Is cinn scríbe suntasacha turasóireachta iad cuid acu seo astu féin  (féach Tábla 2), rud atá ina bhuntáiste agus ina mhíbhuntáiste do cheantair sa Chontae a bhfuil teorainn acu leo.




3 NB Is turasóir ó thar lear é 'turasóir' a chaitheann oíche amháin ar a laghad (agus níos lú ná bliain) sa tír. Clúdaíonn an téarma 'cuairteoirí' gach cineál duine, lena n-áirítear cuairteoirí ón tír s'againne féin agus turasóirí lae.
4 2019, curtha le chéile bunaithe ar shonraí a d'fhoilsigh Fáilte Ireland in 2017 maidir le turasóirí ó thar lear go Gaillimh
5 2019. *Irish Resident Travel by County*, Fáilte Ireland.



TÁBLA 2: LÍON NA GCUAIRTEOIRÍ SNA CONTAETHA IN AICE LÁIMHE[6]

| Contae | Líon na gCuairteoirí |
|---|---|
| Gaillimh (Cathair & Contae) | 2.7m |
| An Clár | 1.1m |
| Tiobraid Árann | 688,000 |
| Maigh Eo | 827,000 |

HEATSPOT MAP OF TOURISM OVERNIGHTS




### 3.1.4 Príomhthréithe na gCuairteoirí[7]

Bíonn formhór na dturasóirí[8] a thagann go Gaillimh ar saoire - rud a chiallaíonn gur féidir poiblíocht a chur ina dtreo, go mbeidh cóiríocht turasóireachta á lorg acu agus go bhfuil siad ar fáil chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta/áineasa. Ach tá sciar maith VFR (cairde agus gaolta ar cuairt) ann freisin, a bhfuil impleachtaí aige do dheiseanna chun ioncaim a shaothrú chomh maith le gníomhaíochtaí cumarsáide/margaíochta. Tá an sciar VFR an-láidir in oirthear an Chontae (Is cuairteoirí VFR iad 39% de na cuairteoirí ó thar lear a thagann chuig réigiún Chroíthailte Ceilte na hÉireann). D'fhéadfadh an mheánthréimhse a chaitheann siad anseo a bheith gearr go leor agus bíonn difríochtaí ann ag brath ar an gcuid den Chontae atá i gceist – ó bheagán thar 2 oíche ar an meán i gcás turasóirí ón tír seo a thagann chuig Croíthailte Ceilte na hÉireann go dtí cuairteoirí ó thíortha thar lear a chaitheann seachtain ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin.

Chomh maith leis sin tá margadh na turasóireachta an-séasúrach ar fud an Chontae, thiar agus thoir, cé go bhfuil fad ag teacht air de réir a chéile. Is i mí Iúil agus i mí Lúnasa a thugann thart ar 36% den dream a thagann ar saoire ó thíortha thar lear cuairt ar an Iarthar, cé go bhfuil idirshéasúr láidir ann (Bealtaine/Meitheamh/Meán Fómhair ). Ní bhíonn i gceist le hEanáir-Aibreán ach faoi bhun 10%. D'fhéadfadh cuairteoirí gníomhaíochta (siúlóirí, rothaithe, slatiascairí) a bheith ina bhfoinsí luachmhara gnó san earrach agus san fhómhar, chomh maith leis an dream a bhíonn páirteach in imeachtaí, i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí gnó.


### 3.1.5 Anailís ar Dheighilt an Mhargaidh

Maidir leis an turasóireacht ó thíortha thar lear go hÉirinn, tá ceithre phríomhréimse den mhargadh, a thugann an deis is fearr do thurasóireacht na hÉireann, aitheanta ag na gníomhaireachtaí turasóireachta: An Bhreatain, an Ghearmáin, an Fhrainc agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

- B'fhéidir go mbraitheann cuairteoirí **ón mBreatain** go bhfuil a fhios acu céard atá ar fáil in Éirinn, mar gheall ar iad a bheith chomh cóngarach, agus dá bhrí sin bíonn a n-iompar cosúil le hiompar lucht saoire an mhargaidh baile.
- Spreagann na deiseanna le bheith gníomhach amuigh faoin aer na **Gearmánaigh** agus is gné dhíolacháin uathúil don mhargadh seo iad radharcanna drámatúla an chósta; bíonn suim acu freisin sa chultúr áitiúil dílis.
- Baineann na **Francaigh** taitneamh as a bheith ar chúl éaga agus ag iniúchadh tírdhreacha nach bhfuil millte, mealltar iad chuig eispéiris áitiúla dílse agus bíonn suim ar leith acu in eispéiris atá bunaithe ar uisce.
- Fanann cuairteoirí ó na **Stát Aontaithe** níos faide agus caitheann siad níos mó, agus bíonn ceangal ag cuid acu leis an tír trí dhiaspóra na hÉireann. Meallann ionaid spéise aitheanta iad.

Díríonn na VEDPanna[8] reatha laistigh den Chontae, den chuid is mó, ar na margaí thar lear. Mar sin féin, is margadh an-luachmhar é an margadh baile do Chontae na Gaillimhe agus d' éirigh sé níos tábhachtaí ná riamh le dhá bhliain anuas de thoradh na srianta ar thaisteal idirnáisiúnta. Tá cur chuige nua maidir le deighilt an mhargaidh glactha ag Fáilte Ireland, bunaithe ar inspreagadh taistil na gcuairteoirí. Is féidir achoimre ghearr a dhéanamh orthu seo mar seo a leanas.

6 Foinse: Topline Regional Performance 2017, Fáilte Ireland. Tabhair faoi deara go n-áiríonn cuairteoirí baile chuig Uíbh Fhailí Laois agus go n-áiríonn cuairteoirí go Ros Comáin an Longfort.
7 Foinsí: CSO,Fáilte Ireland
8 Pleananna Forbartha ar Eispéireas do Chuairteoirí do Loch Deirgeirt, Conamara agus na hOileáin, Fáilte Éireann





- **Fuinneamh Sóisialta:** taitneamh a bhaint as atmaisféar, as beocht agus as fuinneamh áite.
- **Eachtraíocht:** mé féin a bhrú le rudaí a dhéanamh atá dúshlánach dom, amuigh faoin aer den chuid is mó.
- **Taiscéalaíocht:** iniúchadh a dhéanamh ar an rud atá nua agus nach bhfuil eolas agam ina thaobh i gceantar, an cultúr san áireamh.
- **Sos: éalú** ó mo ghnáthshaol agus an strus a dhíbirt.
- **Athcheangal:** a bheith ar mo shuaimhneas agus gan mórán ar siúl agam, go háirithe le duine / cairde a bhfuil mé mór leo.
- **Nascadh:** na caidrimh le mo theaghlach agus leis na daoine a bhfuilim mór leo a chothú
- **Ceiliúradh:** ócáid speisialta a cheiliúradh.

I gcás na turasóireachta chuig ceantair i gContae na Gaillimhe atá taobh istigh de chroíthailte Ceilte na hÉireann, is iad an nascadh, an fuinneamh sóisialta agus an eachtraíocht na príomh ábhair spreagtha. Chomh fada agus a bhaineann sé leis an turasóireacht ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith leis an nascadh agus fuinneamh sóisialta, tá athcheangal agus taiscéalaíocht tábhachtach freisin.

Bunaithe ar a bhfuil thuas agus ar na táirgí agus sócmhainní nádúrtha atá ar fáil sa Chontae, aithníodh roinnt sciartha den mhargadh do Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear sciartha nideoige a bheadh in ann gnó luachmhar, fiú más gnó níos lú é, a sholáthar do cheantair ar leith agus ag amanna áirithe den bhliain. Tá siad seo liostaithe i dTábla 3 agus rinneadh measúnú breise orthu san Anailís ar na Bearnaí i gCuid 4.

#### TÁBLA 3: SPRIOCSCIARTHA

| Spriocmhargaí /Spriocsciartha Príomhúla |
|---|
| Cuairteoirí Neamhspleácha ar Camchuairt |
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe Réchúiseacha) |
| Teaghlaigh ón Margadh Baile |
| Sosanna Deireadh Seachtaine i gCeantair Uirbeacha do Dhaoine Fásta ón margadh Baile |

| Spriocmhargaí /Spriocsciartha Nideoige |
|---|
| Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe tiomnaithe) |
| Turais Ghinearálta ar Bhus |
| Turais do Ghrúpaí Sainleasa |
| Turasóirí Lae |
| Cuairteoirí atá faoi mhíchumas / faoi luaineacht theo-ranta |
| Ugach, Imeachtaí agus Crúsáil |



## 3.2 Príomhphointí ó Mheasúnú Ar Thaobh an tSoláthair

### 3.2.1 Rochtain

Leis an bhfeabhas atá curtha ar an ngréasán bóithre náisiúnta leis na deicheanna de bhlianta anuas, tá teacht go héasca anois ar Ghaillimh tríd an M6, ní hamháin ag muintir na hÉireann atá ina gcónaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ach freisin ag cuairteoirí a thagann isteach go dtí an phríomhchathair san aer agus ar an bhfarraige. Is furasta do chuairteoirí a thagann isteach go hÉirinn trí Aerfort an Iarthair agus trí Aerfort na Sionainne teacht ar Ghaillimh freisin tríd an M17 agus an M18.

Braitheann tábhacht na dtrí aerfort idirnáisiúnta seo ar cén chuid de Ghaillimh atá i gceist – mar a léirítear i dTábla 4. Tá Aerfort na Sionainne thar a bheith tábhachtach d'iardheisceart agus d'oirdheisceart na Gaillimhe, níl an Gort ach leathuair an chloig uaidh i gcarr, Órán Mór cúig nóiméad déag níos faide ná sin agus Port Omna uair agus ceathrú. Ó Aerfort Iarthar na hÉireann, is féidir le cuairteoirí tiomáint go hÓrán Mór in uair an chloig nó mar sin, go Béal Átha na Sluaighe in uair agus deich nóiméad, agus go dtí an Clochán in dhá uair an chloig. Cé go bhfuil sé tábhachtach ó thaobh rochtain isteach chun na tíre ina hiomláine, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhfad níos faide ó bhaile. Tá Baile Átha Cliath an t-achar céanna ó Bhéal Átha na Sluaighe agus atá Béal Átha na Sluaighe ón gClochán.

Léiríonn na pointí sin go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint lena chinntiú go mbeadh taisteal aeir sách maith ó na foinsí margaidh éagsúla go dtí Aerfort na Sionainne agus go dtí Aerfort Iarthar na hÉireann ar mhaithe leis an turasóireacht i gContae na Gaillimhe.

Go dtí seo, cé go bhfuil naisc réasúnta idir Sionainn agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Sionainn agus SAM, tá na naisc leis an Eoraip lag agus déanann siad freastal go príomha ar dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn. Tá ceangail réasúnta le hAerfort Iarthair na hÉireann ón Ríocht Aontaithe ach arís freastalaíonn na naisc leis an Eoraip go príomha ar dhaoine a bhíonn ag taisteal amach as Éirinn.[9]

**TÁBLA 4: ACHAR Ó PHRÍOMHAERFOIRT GO DTÍ BAILTE ÉAGSÚLA I GCONTAE NA GAILLIMHE**

| Ceann scríbe | Ó Aerfort Iarthair na hÉireann, Cnoc Mhuire | Ó Aerfort na Sionainne | Ó Aerfort Bhaile Átha Cliath |
|---|---|---|---|
| **Béal Átha na Sluaighe** | 125km - 1.24uair | 116km - 1.09uair | 164km - 1.55uair |
| **Port Omna** | 125km - 1.36uair | 98km - 1.12uair | 180kms - 2.18uair |
| **An Gort** | 111km - 1.14uair | 49km – 30nóim | 232kms - 2.30uair |
| **Óran Mór** | 94km - 1.05uair | 73km – 46nóim | 209km - 2.21uair |
| **Uachtar Ard** | 108km - 1.47uair | 118km - 1.39uair | 242km - 3.15uair |
| **An Clochán** | 126km - 2.01uair | 168km - 2.21uair | 293km - 3.57uair |

Ar bhonn níos áitiúla, chuir bealach camchuairte Bhealach an Atlantaigh Fhiáin leis an eolas atá ag daoine i dtaobh na mbóithre cósta ar fud an Chontae, rud a chuireann leis an úsáid a bhaintear as an N67 ó Chinn Mhara go Cathair na Gaillimhe, agus as sin féadfaidh na cuairteoirí atá ar chamchuairt rogha a dhéanamh idir an N59 trí lár Chonamara go dtí an Clochán agus an ceantar cósta timpeall air, nó bóthar cósta an R336 a úsáid.




9 Source: Fáilte Ireland



Is féidir le cuairteoirí go hiondúil an t-achar idir na bailte sa Chontae a thaisteal i gcarr gan stró, is cuma an bhfuil siad ar mhótarbhealach nó ar bhóthar náisiúnta. Mar sin féin, tá ceantair taobh istigh den Chontae a dteastaíonn tuilleadh ama le taisteal fad leo agus caithfidh cuairteoirí nach bhfuil ag fanacht sa cheantar cheana féin a bheith sách spreagtha le go rachaidh siad as a mbealach le haghaidh cuairt a thabhairt orthu. Mar shampla, is féidir tiomáint idir Cathair na Gaillimhe agus an Clochán ar bhealach a bhfuil radhairc iontacha ann, feadh an chósta tríd an Spidéal, Carna, Cloch na Rón agus Baile Conaola, ag cur san áireamh an cheantar timpeall ar Cheantar na nOileán, ach tógann sé seo beagnach trí uair an chloig - má chuireann tú am stoptha san áireamh- agus ós rud é nach mbíonn an oiread sin ama go hiondúil ag cuairteoirí ó thíortha thar lear is mó seans go mbeidh siad ag iarraidh an t-am atá acu a chaitheamh ag tabhairt cuairt ar áiteanna a bhfuil cáil orthu amhail An Clochán féin, An Choill Mhóir agus an Pháirc Náisiúnta.

Maidir leis an gcóras iompair phoiblí, tá naisc bus Expressway idir Cathair na Gaillimhe agus Aerfort na Sionainne agus Aerfort Iarthair na hÉireann araon. Tá seirbhísí iarnróid go dtí Oirdheisceart agus Iardheisceart an Chontae: Béal Átha na Sluaighe, Móta, Áth Tiomáin, Baile Átha an Rí, Órán Mór, Creachmhaoil, Ard Raithin agus An Gort. Cuireann Bus Éireann seirbhísí ar fáil a nascann Cathair na Gaillimhe le bailte eile sa Chontae agus cuireann Nasc Áitiúil na Gaillimhe[10] ceangail bhus ar fáil idir Port Omna agus Béal Átha na Sluaighe, idir Béal Átha Sluaighe agus Baile Locha Riach, agus idir An Gort agus Baile Locha Riach. Tá seirbhís bus atá úsáideach feadh chósta Chonamara theas, ach is seirbhís an-teoranta atá ann go dtí na bailte agus sráidbhailte níos lú.[11]

FÍOR 4: LÉARSCÁIL ACHOIMRE DE STRAITÉIS IOMPAIR AGUS PLEANÁLA AN CHONTAE[12]




- ▲ Radhairc áite
- Bealach Radhairc Chuan na Gaillimhe
- Bealach Radhairc na Gaillimhe/ an Chlocháin
- Bealach Radhairc Loch Coirib
- Bealach Radhairc Loch Coirib - Contae Mhaigh Eo
- Bealach Radhairc Muirí
- Bealach Radhairc Ghleann an Mhámа
- Bealach Radhairc Leitir Fraic/An Sraith Salach
- Bealach Radhairc Shliabh Ea
- County Boundary

10 https://www.locallinkgalway.ie/services
11 Tá anailís mhionsonraithe le fáil i bPlean Forbartha an Chontae, Aguisín 3: Straitéis Iompair agus Pleanála an Chontae
12 Galway County Development Pla n, Appendix 3



### 3.2.2 Accommodation Capacity


Tá Gaillimh go maith ó thaobh cóiríochta do thurasóirí de, agus breis agus 17,000 spás leapa don oíche ar fáil idir an Chathair agus an Contae, rud a thugann uasacmhainneacht bhliantúil de os cionn 6 mhilliún leaba ar an iomlán. Tá os cionn leath den acmhainneacht sin i gContae na Gaillimhe, a bhfuil acmhainneacht oíche de 9,000 spás leapa ann (lena n-áirítear Airbnb) rud a thugann uasmhéid de 3.3 milliún leaba[13] - féach Tábla 5.

Tá éagsúlacht mhaith ann freisin ó thaobh na gcineálacha cóiríochta, agus freastal á dhéanamh ar bhuiséid éagsúla agus ar sciartha éagsúla de chuairteoirí. Tá roinnt bearnaí suntasacha ann áfach, lena  n-áirítear bearna ó thaobh cóiríocht carbhán agus campála, agus bearna sa soláthar ó thaobh stadanna RV.

Rud atá níos tábhachtaí fós, áfach, ó thaobh na dturasóirí a bheith scaipthe ar fud an Chontae, is ea go bhfuil an chóiríocht cnuasaithe feadh chósta an iarthair agus cóngarach do Chathair na Gaillimhe, mar atá léirithe i bhFíor 5. Is beag cóiríocht atá ar fáil in oirthuaisceart an Chontae agus thug meastacháin a rinneadh le déanaí le fios nach raibh ach 7% de chumas iomlán leapa Chathair agus Chontae na  Gaillimhe lonnaithe taobh istigh de Réigiún i gCroíthailte Ceilte na hÉireann.[14]

Gné eile ar gá a mheas sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma is ea an srian a cuireadh le déanaí ar an acmhainn ó thaobh cóiríochta de mar gheall ar an ngéarghá atá le cóiríocht a chur ar fáil do theifigh na hÚcráine. Tá fianaise ann freisin go bhféadfadh go gcaithfí áitribh a dhúnadh mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh a bhfuiltear ag déileáil léi tráth a foilsíodh seo.

**FÍOR 5: DÁILEADH CÓIRÍOCHTA[15]**




13 Tá an uasacmhainn bhliantúil bunaithe ar gach leaba a bheith ar fáil 365 oíche den bhliain, rud nach dtarlaíonn ach go hannamh. Tugann sé léargas úsáideach ar an bhfuil go leor de na leapacha ann chun freastal ar an éileamh reatha agus ar an éileamh a cheaptar a bheidh ann amach anseo.

14 2019, 'Accommodation Investment Toolkit', Fáilte Ireland.

15 Foinse:Fáilte Ireland





**TÁBLA 5: UASACMHAINNEACHT NA CÓIRÍOCHTA OÍCHE[16]**

| Cineál | Líon Réadmhaoine | Líon seomraí | Spásanna Leapa |
|---|---|---|---|
| **Óstán** | 51 | 1,861 | 4,757 |
| | | | |
| **5-réalta** | 2 | 158 | |
| **4-réalta** | 18 | 932 | |
| **3-réalta** | 19 | 586 | |
| **2-réalta** | 7 | 123 | |
| **Ceadaithe** | 5 | 62 | |
| | | | |
| **Teach Lóistín** | 10 | 107 | 271 |
| **B&B** | 73 | 316 | 777 |
| **Brú** | 7 | 163 | 326 |
| **Carbhán & Campáil** | 3 | 130 | 538 |
| **Féinfhreastal** | 36 | 36 | 194 |
| **Caighdeán Fáilte** | 112 | 484 | 1,525 |
| **Líon Iomlán** | **292** | **3,097** | **8,388** |
| **Cumas Airbnb*** | 166 | 400 | 804 |

* seachas iad siúd atá liostaithe in áiteanna eile & seomraí roinnte

### 3.2.3 Ionaid Spéise, an Oidhreacht agus an Cultúr

Tá saibhreas i nGaillimh ó thaobh oidhreachta agus cultúir de, ó chultúr traidisiúnta na Gaeltachta - an ceol, an damhsa, an scéalaíocht agus an Ghaeilge - agus oidhreacht nádúrtha na sléibhte, na bportach agus an uisce, go dtí an ealaín agus an cultúr comhaimseartha, chomh maith leis an oidhreacht mhara agus bádóireachta atá sna ceantair ar an gcósta. Tá fianaise ar na mílte bliain de stair i dtírdhreach agus struchtúir an Chontae, tá bailte agus sráidbhailte bríomhara ann agus cuirtear fáilte i gcónaí roimh dhaoine ó chultúir eile, rud a fhágann go bhfuil Contae na Gaillimhe ina bhaile ag an dream seo anois.

I gcuid mhaith áiteanna sa Chontae, tá grúpaí fuinniúla dírithe ar chúrsaí oidhreachta. D'oibrigh siad seo go gníomhach le hOifigeach Oidhreachta an Chontae agus trí Phlean Oidhreachta an Chontae ar thionscadail éagsúla[17] lena n-áirítear léarscáileanna fuaime agus cúrsaí digitithe. Tugann na grúpaí agus na tionscadail seo léargas ar shócmhainn luachmhar atá in ann lucht féachana nua a shroicheadh trí chomhtháthú isteach i gcreat straitéiseach comhtháite don turasóireacht. Tá neart ar leith ag baint leis an oidhreacht thógtha in áiteanna áirithe sa Chontae freisin, go háirithe in oirthear an Chontae, e.g. Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, Port Omna.

Mar a bheifí ag súil leis i gcás ceann scríbe suntasach turasóireachta, tá rogha mhaith de nithe móra agus beaga ar díol spéise iad do chuairteoirí le fáil i gContae na Gaillimhe, chomh maith leis na gnéithe nádúrtha a bhíonn á mealladh (féach 3.2.5 le haghaidh tuilleadh faoi na nithe faoin aer). Is féidir a rá gur 'cinn scríbe' a bhíonn in ann cuairteoirí a mhealladh chucu féin go sonrach iad cuid de na nithe a tharraingíonn cuairteoirí agus is féidir leo tionchar suntasach a bheith acu ar gheilleagar na turasóireachta sna ceantair áitiúla trí fhostaíocht a chruthú agus mar gheall ar bhuntáistí eile den chineál sin. Ina measc seo tá Mainistir na Coille Móire, Páirc Náisiúnta Chonamara agus Dún Aonghasa.

Tá cuid mhaith acu freisin nach dtarraingíonn mórán cuairteoirí – rud a léiríonn an deacracht a bhaineann le dáileadh cothrom a bhaint amach ó thaobh cuairteoirí de. Díreach toisc go bhfuil áit nó ní ann gur díol spéise é ní hionann sin is a rá gur féidir a bheith cinnte go meallfaidh sé turasóirí (tag. Tábla 5). Is fiú a thabhairt faoi deara arís freisin go bhfuil formhór na nithe ar díol spéise iad/a mheallann turasóirí cruinnithe le chéile in iarthar an Chontae (Fíor 5).


16 Foinsí: Fáilte Ireland agus CHL Consulting, ní áirítear Cathair na Gaillimhe. Tabhair faoi deara, cé go dtugann na sonraí sa Tábla le fios nach bhfuil aon óstán 5* sa Chontae, go bhfuil Caisleán Cheapach Corcóige 5* suite laistigh de Chontae na Gaillimhe cé go ndéanann sé margaíocht air féin den chuid is mó mar óstán de chuid Mhaigh Eo mar gheall ar an áit a bhfuil sé i sráidbhaile Chonga.

17 Tá go leor cosáin oidhreachta ar fud an Chontae freisin, lena n-áirítear cosán eaglasta ar gá é a uasghrádú anois chun deiseanna nua a chur ar fáil.




Is féidir ról Chathair na Gaillimhe a mheas mar 'dhíol suntais' inti féin, agus í suite i lár Chontae na Gaillimhe, mar shócmhainn straitéiseach. Is mol seanbhunaithe atá anseo ina bhfuil lear mór d'eispéiris oidhreachta agus chultúrtha agus nithe ar díol spéise iad chomh maith le bia, cóiríocht, miondíol, siamsaíocht oíche agus roghanna ó thaobh córas iompair de. Fágann a laghad ama a thógann sé le tiomáint ón gCathair go dtí áiteanna eile sa Chontae gur féidir le cuairteoirí iad féin a bhunú sa Chathair agus dul ar thuras lae, go neamhspleách nó ar bhus go dtí pé áit a thograíonn siad. Tugann sé seo deis do cheantair nach bhfuil chomh haitheanta sin leas a bhaint as margadh turasóireachta mór atá seanbhunaithe ach gan aon ghá cóiwiríocht thar oíche, siamsaíocht tráthnóna nó tacaíochtaí eile don turasóireachta a chur ar fáil. I gcás ceantar níos seanbhunaithe, áfach, mar gheall air seo ní bhíonn an buntáiste céanna acu ó thaobh teacht isteach de ó thárla gur sa Chathair a chaitear an t-airgead a bhaineann le cóiríocht agus le bia um thráthnóna. Maidir leis na ceantair dheireanacha atá luaite, d'fhéadfadh sé cur leis an mbrú tráchta sa bhuaicshéasúr freisin, mar go mbíonn lear mór turasóirí lae in ann rochtain a fháil go héasca, trí thurais lae ar bhusanna, ar na príomh-ionaid a mbíonn turasóirí ag tarraingt orthu.

**FÍOR.6: DÁILEADH NA GCUAIRTEOIRÍ AR IONAID SPÉISE[18]**







18 Foinse: Fáilte Ireland



TÁBLA 6: ÉILEAMH NA DTURASÓIRÍ AG PRÍOMHIONAID TURASÓIREACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE[19]

| Ionaid spéise | Líon na gCuairteoirí |
|---|---|
| Mainistir agus Gairdíní na Coille Móire | 540,500 |
| Páirc na Cúile | 311,702 |
| Páirc Náisiúnta Chonamara | 238,378 |
| Dún Aonghasa | 131,273 |
| Feirm Peataí agus Páirc Fóillíochta an Tuair Rua | 110,000 |
| Ionad na gCaorach & na hOlanna | 105,000 |
| Ionad Cultúrtha an Líonáin | 92,000 |
| Pallas Karting | 80,000 |
| Fearann agus Ionad Oidhreachta Dan O'Hara | 48,000 |
| Caisleán Dhún Guaire | 45,286 |
| Ionad Cuairteoirí Criostail Chonamara | 38,700 |
| Caisleán Achadh na nIúr | 31,519 |
| Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh | 25,134 |
| Gairdín Bhríde | 25,000 |
| Caisleán Phort Omna | 20,777 |
| Feirm an Rátha Bháin | 16,500 |
| Teach Deataigh Chonamara | 12,000 |
| Ionad Theach na mBocht in Éirinn | 11,500 |
| Caisleán Bhaile Átha an Rí | 10,595 |
| Feirm Gabhar Árann | 5,000 |
| Feirm Oisrí Chonamara | 2,000 |
| Ionad Léirmhínithe Chath Eachroma | 1,200 |
| Músaem Gregory Chill Tartan | 1,000 |


201921



### 3.2.4 An Ghaeltacht agus na hOileáin

Tá ceantair mhóra Ghaeltachta i gConamara, ag síneadh ó dhíreach taobh amuigh de chathair na Gaillimhe amach chomh fada le Carna, ó thuaidh go Corr na Móna agus isteach i Maigh Eo, agus na hOileáin Árann san áireamh (tag. Fíor 7). Chomh maith leis na háiseanna a bhaineann leis na radhairc agus an oidhreacht iontach atá luaite cheana féin agus atá fud fad an Chontae, bíonn deis as na ngnáth ag cuairteoirí sna ceantair Ghaeltachta an Ghaeilge a chloisteáil a labhairt ar bhonn laethúil agus a thabhairt faoi deara an chaoi a bhfuil na healaíona agus na scileanna agus an cheardaíocht thraidisiúnta fite fuaite an t-am ar fad i saol na Gaeltachta. Chomh maith leis sin tá an ceol traidisiunta chomh láidir i gConamara agus atá in áit ar bith in Éirinn agus amhránaithe agus damhsóirí ar an sean-nós ann a bhfuil an-chur amach acu ar a gceird.

FÍOR. 7: CEANTAIR GHAELTACHTA I GCONTAE NA GAILLIMHE[20]




Bíonn deis ag turasóirí freisin a bheith páirteach sna féilte agus sna himeachtaí éagsúla a bhíonn ar bun sa Ghaeltacht, chomh maith leis na cláir ghearra agus na cláir níos faide a bhíonn ar fáil do chuairteoirí de gach aois agus iad plé leis an teanga, leis an gceol traidisiúnta, leis an damhsa agus leis an gceardaíocht.

Tá ceithre oileán a bhfuil cónaí orthu amach ó chósta an Chontae - Inis Oírr, Inis Meán, Inis Mór agus Inis Bó Finne, agus tá an chéad trí cinn acu seo sa Ghaeltacht freisin. Cuireann na hoileáin eispéireas ar leith ar fáil do chuairteoirí, mar a bhaineann le modh maireachtála, chomh maith le saibhreas ó thaobh tírdhreacha, muirdhreacha agus bithéagsúlachta. I gcás na gcuairteoirí a fhanann, bíonn deis acu an saol a thógáil go réidh agus meascadh leis an bpobal a bhfuil an scaradh ón mórthír ina rud réalaíoch, rí-fhollasach dóibh – agus as ar tháinig a dtraidisiúin agus a stíl mhaireachtála chun cinn.

### 3.2.5 Féilte agus Imeachtaí

Mar atá ráite roimhe seo, tá oidhreacht shaibhir ó thaobh an chultúir ag Contae na Gaillimhe agus tacaíocht aici ó Phlean Ealaíon Chomhairle Contae na Gaillimhe 2020-2024, a bhfuil glactha leis, chomh maith le féilire breá d'fhéilte agus d'imeachtaí atá ann cheana féin a mheallann cuairteoirí agus a ghineann ioncam don gheilleagar áitiúil. Mar shampla, tarraingíonn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe thart ar 80,000 cuairteoir. Mheall Féile Ealaíon an Chlocháin - an fhéile ealaíon pobail is faide atá ar siúl in Éirinn - 38% de na cuairteoirí ó thíortha thar lear in 2016 agus bhí an meánchaiteachas in aghaidh an chuairteora os cionn €80023. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil Féile Ealaíon Idirnáisiúnta

20 Cuimsítear sa léaráid ceantair i ndeisceart Mhaigh Eo; Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2021-2025





na Gaillimhe lonnaithe sa Chathair tá níos mó saothar á gcur i láthair in ionaid sa Chontae, de réir a chéile. Mheall sí 210,000 cuairteoir in 2019 agus bhí tionchar eacnamaíochta €29.5M aici.

Ó cheann ceann na bliana, bíonn saothair chultúir ar ardchaighdeán i ngach foirm ealaíne ar fáil i nGaillimh agus pobal mór d'ealaíontóirí cónaitheacha ann. Tá deis ann tuilleadh spreagadh a thabhairt don cháil atá ar Ghaillimh mar cheann scríbe bríomhar ó thaobh an chultúir de, trí roinnt cuspóirí straitéiseacha comhroinnte a shainaithint a bhainfeadh leas as comhthéacs an pholasaí. D'fhéadfaí gníomhartha a chuirfeadh deiseanna fostaíochta ar fáil d'ealaíontóirí agus do léiritheoirí/láithreoirí ealaíne a leagan amach agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar bhearnaí in eispéireas na gcuairteoirí i gceantair airithe.

Chun díriú go sonrach ar réimse na hoidhreachta, imeasc na bhféilte agus na n-imeachtaí atá seanbhunaithe agus a d'fhéadfaí a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile tá Baile Locha Riach na Meánaoise, Lá Múrtha Bhaile Átha an Rí, Féile na gCloch agus Cruinniú na mBád.

Chomh maith leis sin, tá féilte siúil amhail Féile Siúlóide Sléibhe Chonamara sa Líonán agus Féile Siúil Inis Bó Finne ag cuidiú le cuairteoirí a mhealladh le linn an idirshéasúir (féach freisin Cuid 3.2.6).

Tá roinnt imeachtaí spóirt/imeachtaí eachtraíochta ann freisin a thugann turasóireacht luachmhar chuig an gContae agus a cabhraíonn le próifíl an chinn scríbe mar áit le haghaidh gníomhaíochtaí níos déine lasmuigh, a ardú. Ina measc seo tá Conamara 10K, Snámh an Chaoláire Rua agus an Tour de Connemara. Anuas air sin, tá tábhacht an bhia mar chuid d'oidhreacht agus de chultúr na Gaillimhe le feiceáil i bhféilire na n-imeachtaí a bhí ar siúl mar chuid de Réigiún Eorpach na Gastranómachais 2018. Léiríonn féilte amhail BIA Lover, Féile Oisrí Dhroichead an Chláirín, Féile Diúilicíní Chonamara agus an lear mór seónna talmhaíochta an deis atá ann don bhia ról tábhachtach a bheith aige sa turasóireacht. Tugann na féilte deis do ghnólachtaí beaga, lena n-áirítear earnáil na cruthaitheachta agus na ceardaíochta, agus déantar a gcuid táirgí a fhorbairt ag na margaí (féach freisin Cuid 3.2.7).

### 3.2.6 Imeachtaí agus Áiseanna le haghaidh caitheamh aimsire faoin aer agus le haghaidh Eachtraíochta

Is réimse é an caitheamh aimsire faoin aer a bhfuiltear ag díriú níos mó ar a fhorbairt anois ar fud na hÉireann, agus maoiniú ar fáil dó tríd an Scéim Bonneagair Áineasa Lasmuigh (ORIS) agus trí scéimeanna eile, agus tá sé anois ina ábhar sa Straitéis Náisiúnta nua maidir le Caitheamh Aimsire Lasmuigh[21] . D'fhéadfadh Gaillimh, mar gheall ar an éagsúlacht atá ann ó thaobh talún agus uisce, a bheith ina cheann scríbe a bheadh aitheanta go hidirnáisiúnta le haghaidh gníomhaíochtaí lasmuigh agus le haghaidh turasóireacht eachtraíochta. Ó shléibhte a chuireann talamh traenála ar fáil do shléibhteoirí atá an-dáiríre, go dtí an siúl níos suaimhní agus an rothaíocht réchúiseach, is ceann scríbe é le fada an lá do chuairteoirí atá ag iarraidh cuid mhaith dá gcuid saoire a chaitheamh taobh amuigh i dtimpeallacht nádúrtha. Tacaíonn infheistíocht nach beag i mbonneagar an Ghlasbhealaigh agus i mbonneagar cosáin timpeall an Chontae leis seo, agus is beag ceantar i nGaillimh anois nach bhfuil teacht ann go héasca ar chosán siúil nó ar chosán rothaíochta. De bharr go bhfuil sé chomh héasca teacht orthu, fágann sé seo go bhfuil líonra na gcosán thar a bheith suntasach i gcomparáid le háiseanna eile a bhfuil go leor acu ar fáil san iarthar.

21 Á thabhairt chun críche ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi láthair. Dúnadh an comhairliúchán poiblí i mí na Bealtaine 2022.




Meallann cósta an Chontae líon mór turasóirí. Tá ceithre thrá is fiche sa Chontae atá liostaithe ar Threoir Trá an EPA[22]. Tránna ag a bhfuil Brat Gorm is ea sé cinn acu seo - dhá thrá intíre san áireamh - agus is Tránna Cósta Glasa iad seacht gcinn acu. Tá go leor de na tránna i gceantair sa Chontae nach dtugtar an oiread sin cuairte orthu agus tá an deis ann iad a fheabhsú tuilleadh le go mbeidh siad ina gcinn scríbe do chuairteoirí.

Agus 1,086km de chósta aige agus aitheantas ag cuid acu mar bhealaí gorma[23], tá an-lear céanna, cuanta agus pointí tuirlingthe ar feadh chósta an Chontae freisin - 244 ar fad, agus tá 88 díobh sin faoi úinéireacht na Comhairle. Tá ról tábhachtach ag an gcuid atá mór ó thaobh cúrsaí iascaireachta agus iompair a éascú ach i gcás na gcinn bheaga[24] - chomh maith leo siúd atá ar aibhneacha agus ar lochanna-d'fhéadfaidís níos mó deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfí an fharraige le haghaidh caitheamh aimsire do chuairteoirí neamhspleácha nó d'oibreoirí gníomhaíochta. Tá straitéis ar bun ag an gComhairle[25] le go mbeifear ag úsáid na gcéanna níos lú atá ar na cóstaí agus beidh sé seo tábhachtach de bharr go mbeidh sé níos éasca teacht ar an bhfarraige.

Ina theannta sin, is sa Chontae atá ceann de na ceithre chosán Gormbhealaí baile atá creidiúnaithe – Gormbhealach Loch Deirgeirt, lena n-áirítear Port Omna. Tá iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ar a indéanta a bheadh sé ceann eile fós a fhorbairt ar Loch Coirib.

Rinneadh iniúchadh ar oibreoirí agus ar áiseanna mar chuid d'fhorbairt Straitéise, agus fuarthas amach go bhfuil suas le caoga gnó ann a thugann deis do chuairteoirí a bheith gníomhach amuigh faoin aer. Saoire siúil faoi theoir nó siúlóidí féinthreoraithe a chuir 20% ar a laghad acu seo ar fáil agus chuir beagnach an oiread céanna turais bháid ar fáil. Rothar ar cíos, cadhcáil, tumadóireacht scúba agus gníomhaíochtaí éagsúla nó meascán de ghníomhaíochtaí eachtraíochta faoin aer a bhí i gceist leis an gcuid eile acu.

Mar atá i gcás an phatrúin níos leithne a bhaineann leis an turasóireacht sa Chontae, áfach, is beag soláthraí gníomhaíochta atá ag cur seirbhísí ar fáil in oirthuaisceart an Chontae. Anuas air sin, is gnólachtaí fíorbheaga iad a bhformhór nach mbíonn sé éasca i gcónaí teagmháil a dhéanamh leo agus nach bhfuil feiceálach ar an talamh do chuairteoirí ócáideacha nach smaoineodh ar iad a chuardach nó a chur in áirithe roimh ré.

### 3.2.7 Bia agus Ceardaíocht

Is cuid thábhachtach dá laethanta saoire do go leor daoine é an bia agus an miondíol a bhíonn bunaithe ar tháirgeadh ó cheardaithe áitiúla agus tá sé tábhacht go háirithe i gcás cuid de spriocmhargaí na hÉireann, e.g. cuairteoirí ó thar lear. Tugann siad deis freisin le haghaidh ioncam áitiúil a ghiniúint agus cuidíonn siad le táirgeoirí beaga, a bhíonn go minic i bpobail tuaithe.

Tá traidisiún fada ceardaíochta agus bia ag Gaillimh. Chomh maith leis sin is deimhniú é an próiseas a bhí i gceist le bheith ainmnithe mar Réigiún Eorpach Gastranamaíochta agus an Nuálaí BIA seasamh na Gaillimhe mar threoraí ó thaobh táirgeadh bia agus eispéiris itheacháin de. In 2019, bhí liosta de 40 táirgeoir le feiceáil in Eispéiris Bhia Discover Galway, agus tá deis ann é seo a spreagadh tuilleadh ach na líonraí agus na cosáin bhia a leathnú amach, agus comhtháthú a dhéanamh ar an táirgíocht, ar an miondíol agus ar an bhfáilteachas, chomh maith leis an tacaíocht leanúnach ó Thurasóireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfoirm oiliúna agus bolscaireachta. Chomh maith leis sin, bhainfeadh cuid de na tionscadail a mhaoinítear faoi ORIS agus a bhíonn dírithe ar nascadh, ar uasghrádú agus ar chomharthaíocht tairbhe as infheistíocht le haghaidh na chéad chéime eile. Baineann sé seo le



22 www.beaches.ie
23 Inis Bó Finne, An Caoláire Rua agus Cuan Mhanainn.
24 Ag tabhairt aird ar riachtanais thionscal na hiascaireachta.
25 https://www.galway.ie/en/services/roads/marine/



soláthar cumhachta taobh amuigh, scéimeanna soilsithe a bheadh íogair ó thaobh an chomhshaoil de agus spás do thobsholáthraithe fáilteachais. Tabharfaidh sé seo ardú céime do na heispéiris tírdhreacha seo, atá faoi láthair ina bhfoinsí taitneamhachta, nó go mbeidh siad ina gcinn scríbe fóillíochta.

Mar fhocal scoir, tugadh go leor tacaíochta agus maoiniú don itheachán taobh amuigh le blianta beaga anuas mar gheall ar na srianta a bhain le bheith ag ithe taobh istigh le linn Covid19. Nuair a bhí na srianta maolaithe, choinnigh go leor de na bialanna, na caiféanna agus na tithe tábhairne an t-itheachán taobh amuigh ar siúl mar gur rud breise a chuirfeadh le heispéiris a gcustaiméirí agus a thabharfadh tuilleadh spáis dóibh. Beidh sé seo fós ina ghné thábhachtach d'eispéireas an bhia sa Chontae sna blianta atá amach romhainn.

### 3.2.8 An tSlatiascaireacht

Tá cáil ar Chontae na Gaillimhe le fada mar cheann scríbe don tslatiascaireacht agus cé nach bhfuil an margadh chomh láidir agus a bhí tráth, tá tóir i gcónaí ar an gContae ag na slatiascairí atá an-dáirire faoi. Tá cáil go háirithe ar Loch Coirib mar gheall ar an mbreac donn fiáin agus meastar go mbíonn tuairim is 1,500 bád slatiascaireachta ar an Loch. Tá éagsúlacht ag baint le hiascaigh an Chontae, agus na huiscí sa taobh thiar faoi chúram Iascaigh Baile Éireann (IFI) agus Gleann na Suca faoi chúram Bhord Soláthar an Leictreachais. Chomh maith leis sin tá lochanna in úinéireacht phríobháideach san Iarthuaisceart. Chomh maith leis an mbreac donn is féidir slatiascaireacht fhiáin a dhéanamh sna lochanna sléibhe, tá slatiascaireacht mhaith sa bhfarraige agus ó na cladaigh, agus tá iascaireacht bradán ann freisin. Agus é seo á scríobh, tá an IFI lena dhréachtphlean ar Bhainistíocht Lochanna an Iarthair a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí.

### 3.2.9 Turasóireacht Inbhuanaithe

Chomh maith leis na heispéiris bunaithe ar an dúlra atá clúdaithe faoi na ceannteidil éagsúla thuas, tá beagán den éiceathurasóireacht thiomnaithe agus den turasóireacht inbhuanaithe le fáil sa Chontae. Tá an-iarracht déanta ag na hoibreoirí seo a chinntiú go bhfuil ardchaighdeán ó thaobh na hinbhuanaitheachta ag baint lena ngnólachtaí turasóireachta agus tá oiliúint agus deimhniú dá réir faighte acu. I láthair na huaire tá 13 ball ag Taisteal Inbhuanaithe Éireann[26] (Éiceathurasóireacht Éireann roimhe seo). Thabharfadh siad seo túsphointe maith le haghaidh grúpa turasóireachta inbhuanaithe speisialta, rud a d'fhéadfadh cabhrú le prionsabail na hinbhuanaitheachta, agus iad ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta, a leabú go forleathan. Comhthreomhar leis sin, tá bearta breise is gá a chur i gcrích ag leibhéal na bainistíochta ceann scríbe[27]. Tá gach beart fréamhaithe i spriocanna na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe - féach Fíor 8.

Ar bhonn níos leithne tá níos mó béime ar chaitheamh aimsire, ar thurasóireacht agus ar bhonneagair éagsúla a thacaíonn le taisteal níos inbhuanaithe sna earnálacha poiblí agus príobháideacha araon agus tá níos mó infheistíochta déanta iontu. Áirítear leis seo infheistíocht in uiscebhealaí agus in éiceachóiríocht ar mhionscála.

FÍOR 8: SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE NA NÁISIÚN AONTAITHE




26 https://www.sustainabletravelireland.ie/who-we-are/

27 Leagan an Chomhairle Dhomhanda don Turasóireachta Inbhuanaithe critéir síos maidir le caighdeáin dhomhanda don turasóireacht agus don taisteal inbhuanaithe. Tá dhá shraith critéar forbartha, sraith do chinn scríbe agus ceann eile don tionscal.



## 3.3 Bunlíne Eacnamaíochta a Leagan Síos

Cé go n-aithnítear gur tír bheag í Éire agus nach gá go dtabharfadh cuairteoirí teorainneacha na gcontae faoi deara, ionas go bhféadfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe monatóireacht a dhéanamh ar an turasóireacht taobh istigh dá dlínse féin agus í a thomhas mar chabhair don fhorbairt, caithfidh sí a bheith in ann méid agus méadracht luacha, ar a laghad, a mheas.

Seo a leanas an staid mar atá go dtí seo:

- Níl aon sonraí againn a bhaineann go sonrach leis an gcontae de bharr go bhfuil cathair na Gaillimhe san áireamh i staitisticí foriomlána na Gaillimhe.
- Mar gheall air sin, ní féidir a rá cén ioncam/luach eacnamaíochta a bhaineann leis an turasóireacht sa Chontae.
- Braitheann na sonraí maidir leis na hionaid spéise do chuairteoirí ar shuirbhéanna FI agus AVEA a bheith á seoladh ar ais, rud nach dtarlaíonn i gcónaí.

D'fhonn túsphointe a chur ar fáil don Straitéis Turasóireachta, d'fhéadfaí cur chuige nua a bhunú a d'oibreodh le sonraí atá ann cheana chun bonnlíne eacnamaíochta, fiú más ceann teoranta é, a leagan síos. Déantar achoimre ar an gcur chuige mar seo a leanas:

- Méadrachtaí láidre i dtaca le méid a bhunú don turasóireacht sa Chontae trí úsáid a bhaint as acmhainn chóiríochta agus sonraí faoi áitíocht. Léirítear i dTábla 7 an bealach a bhféadfaí é seo a chur i gcrích agus úsáid á baint as sonraí ó fhoinsí éagsúla.
- Méadrachtaí maidir leis an luach eacnamaíochta a bhunú trí úsáid a bhaint as dáileadh pro-rata shonraí Fáilte Ireland ar chaiteachas sa Chontae - mar a léirítear i dTábla 8.
- D'fhéadfadh na sonraí ó na hionaid spéise do thurasóirí agus ó chomhaireamh tráchta méadracht bhreise a chur ar fáil mar a bhaineann le patrúin sreafa cuairteoirí, lena n-áirítear turasóirí lae.

Mar thacaíocht don chur chuige seo, leis an Straitéis Turasóireachta tugtar deis uirlisí nua don tomhas a thabhairt isteach a chuirfidh sonraí díreacha ón earnáil ar fáil - ach braithfidh sé seo ar thionscal na turasóireachta a bheith páirteach. Pléitear é seo tuilleadh i gCuid 7.

**TÁBLA 7: AN CUMAS CÓIRÍOCHTA AGUS ÁITÍOCHTA BLIANTÚIL MAR BHONN LE MEASTACHÁN A DHÉANAMH AR AN TURASÓIREACHT THAR OÍCHE I GCONTAE NA GAILLIMHE[28]**

| | Seomraí | Líon Seomraí de Réir an Oíche | Ráta Áitíochta | Oícheanta de Réir Seomra |
|---|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán Óstán** | 4,577 | 1,670,605 | 65% | 1,085,893 |
| | | | | |
| **Teach Ósta** | 271 | 98,915 | 55% | 54,008 |
| **L&L** | 777 | 283,605 | 43% | 121,496 |
| **Brú** | 326 | 118,990 | 54% | 63,969 |
| **Carbhán agus campáil** | 538 | 196,370 | 39% | 77,527 |
| **Féin-fhreastal** | 194 | 70,810 | 45% | 31,525 |
| **Caighdeán Fháilte** | 1,525 | 556,625 | 43% | 238,458 |
| | | | | |
| **Airbnb** | 804 | 239,460 | 43% | 125,718 |
| **Iomlán** | 9,012 | 3,289,389 | | 1,798,594 |

28 Bhí talamh slán á dhéanamh de roinnt rudaí agus é seo á ríomh.
- Bunaithe ar na foinsí a bhí ar fáil, bhí an áitíocht i seomraí óstáin i gCathair na Gaillimhe ag 77% (rátaí áitíochta seomraí do Chathair na Gaillimhe in 2018 mar a mheas ag Fitzpatrick Associates i dtuarascáil do FI – "Soláthar na Cóiríochta Turasóireachta Amach Anseo i gCorcaigh, Gaillimh & Luimneach").
- Is ó IHF atá an figiúr de 65% a bhaineann le háitíocht seomraí in óstáin ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin (Nuacht RTÉ– "Tuarascálacha Earnáil na nÓstán -Torthaí Measctha do 2019")
- Cuireann FI rátaí áitíochta seomra ar fáil do chineálacha éagsúla cóiríochta ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin - cuireadh iad seo i bhfeidhm ar stoc Chathair na Gaillimhe (FI: "Feidhmiú na Cóiríochta Turasóireachta, Eanáir - Meitheamh 2018p")
- I gcás stoc Chontae na Gaillimhe nach mbaineann le hóstáin, tá an ráta áitíochta seomra ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin coigeartaithe de réir chóimheas na háitíochta seomra in óstáin sa Chathair & sa Chontae– i.e. 65%/ 77% = 84%
- Chun coigeartú a dhéanamh mar gheall ar na leibhéil éagsúla d'áitíocht dhúbailte, toisc go bhfuil roinnt mhaith taistil le haghaidh gnó i gceist sa Chathair ach gur laethanta saoire den chuid is mó atá i gceist sa Chontae, tá na seomraí ar fad sa chathair atá áitithe coigeartaithe faoi 1.6 agus na seomraí sa Chontae faoi 1.8. Fágann sé seo an meastachán coigeartaithe ar líon foriomlán na dturasóirí go Gaillimh ag 58% sa Chathair agus 42% sa Chontae.
- Cuireadh na tosca seo i bhfeidhm ar líon na gcuairteoirí agus ar an ioncam ó chuairteoirí do 2019.

### TÁBLA 8: LÍON NA DTURASÓIRÍ AGUS IONCAM DO CHONTAE NA GAILLIMHE, GAN AN CHATHAIR SAN ÁIREAMH

| Turasóirí 2019 | Turasóirí Idirnáisiúnta | Turasóirí Baile | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Uimhreacha** | 672,005 | 462,004 | 1,134,009 |
| **Ioncam €m** | 223 | 89 | 312 |

Is ionann seo agus :

- caiteachas na dturasóirí ó thar lear per capita ar an meán = €332
- caiteachas na dturas baile per capita ar an meán = €193
- ranníocaíocht €1,700 in aghaidh gach duine den daonra[29]

Tugann an anailís seo ar mheánchaiteachas le fios go bhfuil scóip ann an méid per capita a chaitheann turasóirí ó thar lear a ardú toisc gurb é an meánchaiteachas ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin ná €551 agus go gcaitear €397 ar an meán i gCroíthailte Ceilte na hÉireann[30]. Bainfear é seo amach trí mheascán de thionscnaimh a spreagfaidh iad le fanacht níos faide agus tuilleadh deiseanna le hairgead a chaitheamh a fhorbairt. Mar sin féin, tá an meánchaiteachas seo a bhaineann le turasóirí ó thíortha thar lear i gContae na Gaillimhe ag leibhéal sláintiúil. I bPlean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Bhoirne, mar shampla, luaitear gurb é €211 an meánchaiteachas i gContae an Chláir- an dara ceann is ísle sa tír agus rud atá ina dhúshlán straitéiseach don cheantar sin.

Tá an caiteachas ó thurais bhaile níos gaire don ghnáthleibhéal sna réigiúin, sin €210 i gcás Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus €164 i gcás Chroíthailte Ceilte na hÉireann.

Bunaithe ar an anailís seo ar mhéid agus ar luach na turasóireachta go heisiach i gContae na Gaillimhe, is féidir a luach ó thaobh thuairisceán an Státchiste a mheas ag os cionn €71.8 milliún[31]. Rud atá níos tábhachtaí fós do Ghaillimh, áfach, is ea an tionchar iarmhartach a bhíonn ag an gcaiteachas díreach seo ag cuairteoirí ar an ngeilleagar áitiúil. Taobh amuigh de na gnólachtaí ina gcaitheann cuairteoirí a gcuid airgid go díreach, baineann daoine eile tairbhe go hindíreach as an ioncam breise seo: an dream a soláthraíonn earraí agus seirbhísí do na gnólachtaí a fhreastalaíonn ar chuairteoirí; fostaithe a bhfuil níos mó airgid acu le caitheamh acu sa Chontae; gnólachtaí coimhdeacha a dtéann sé chun tairbhe dóibh go bhfuil níos mó airgid á chaitheamh ag na daoine atá ina gcónaí go háitiúil.



29 Daonra Chontae na Gaillimhe 179,048, Daonáireamh 2016.

30 Dréachtphleananna Turasóireachta Réigiúnacha, Bealach an Atlantaigh Fhiáin agus Croíthailte Ceilte na hÉireann, Fáilte Ireland

31 Luann Fáilte Ireland go gcabhraíonn gach €1m den chaiteachas turasóireachta le 27 post turasóireachta agus go ngineann gach €1 a chaitheann turasóirí 23c i gcáin.



## 3.4 Príomhthorthaí ón bPlé leis an Tionscadal, leis an bPobal, le Páirtithe Leasmhara agus leis na Foirne


Chun an Straitéis Turasóireachta a fhorbairt, bhí gá le hionadaíocht mhionsonraithe ó pháirtithe leasmhara, ó phríomhghníomhaireachtaí agus ó chomhoibritheoirí leis an turasóireacht a phleanáil agus a fhorbairt, agus tá comhréiteach straitéiseach maidir leis na forbairtí ar bhonneagair ar fud an Chontae le feiceáil sa Straitéis agus sa Phlean Gnímh a théann leis.

Leis an gcomhairliúchán idir-rannach taobh istigh den Chomhairle agus rannpháirtíocht láidir ó na Baill Tofa, rinneadh eolas don loighic phraiticiúil atá taobh thiar den Straitéis, agus aird á tarraingt ar an idirspleáchais a bhí idir na Ceantair Bardasacha in aice láimhe agus Ranna na Comhairle, d'fhonn a chinntiú go mbeadh an Straitéis in ann cuspóirí uileghabhálacha Phlean Forbartha an Chontae a chur i gcrích.

Tugadh deis do lear mór gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí cur leis agus ina measc iad siúd tá na cinn atá liostaithe anseo.

Baineadh úsáid as roinnt struchtúir éagsúla sa phlé leis na Páirtithe Leasmhara agus leis an bpobal, lena n-áirítear suirbhé ar líne agus deis aighneachtaí a chur isteach, comhráite díreacha agus ceardlanna. Leagadh béim sna ceardlanna ar na deiseanna atá ann le haghaidh barr feabhais a chur ar eispéireas na gcuairteoirí taobh istigh de limistéir thíreolaíochta, rud a chuidiú le heolas a dhéanamh do thionscnaimh shaincheaptha agus tionscnaimh áitiúla.

| COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANNPHÁIRTITHE |
|---|
| Údarás na Gaeltachta |
| Fáilte Ireland |
| Uiscebhealaí Éireann Gaillimh LEO |
| ITOA |
| Oifig na nOibreacha Poiblí |
| Campas Nuálaí BIA Comhar Caomhán Teo |
| GMIT / Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair |
| Coillte |
| Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair |
| Turasóireacht an Chláir |
| Cósta Gaelach |
| Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin |
| Fóram Chonamara |
| Forbairt Tuaithe na Gaillimhe |
| Iascach Baile Éireann |
| Burns Consulting |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| Oifig na nOibreacha Poiblí |






## EOLAS COITEANN Ó NA PÁIRTITHE LEASMHARA

- Go ginearálta, tá deis shuntasach ann leis an turasóireacht a fhás tuilleadh i ngach ceantar ach is gá cothromaíocht a aimsiú idir an fás seo agus ar chuairteoirí a bhainistiú i bpríomhionaid, e.g. Inis Mór, Inis Oírr, Cloch na Rón, le linn mhí Iúil agus Lúnasa.
- Tá spéis i dtionscnaimh a thugann spreagadh do chuairteoirí a gcuid carranna a fhágáil agus dul ag fámaireacht de shiúl na gcos, ar rothar, san uisce agus úsáid a bhaint as modhanna taistil eile atá níos moille agus níos inbhuanaithe.
- Aithnítear go bhfuil deis ann níos mó úsáide a bhaint as áiteanna nádúrtha taobh amuigh agus as an infheistíocht i mbonneagar áineasa lasmuigh - go mbeadh sé níos éasca teacht orthu agus ceangal leo, agus go ndéanfaí 'sócmhainní' atá ann cheana féin a fheabhsú/ a fhorbairt.
- Tá scóip ann oibriú le húinéirí talún stáit le go bhféadfar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eispéiris agus ar áiseanna atá bunaithe ar an dúlra.
- Aithníodh go dtugann an Straitéis nua an deis cur chuige comhtháite a fhorbairt i leith na turasóireachta.

Mheall an suirbhé ar líne 199 freagra agus tá na príomhthorthaí á gcur i láthair anseo.

## PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN SUIRBHÉ AR LÍNE

- Glactar leis gurb iad Conamara agus Bealach an Atlantaigh Fhiáin na sócmhainní turasóireachta is láidre sa Chontae, i ndiaidh Chathair na Gaillimhe.
- Táthar den tuairim gurb iad na costais arda agus a laghad gníomhaíochtaí uile-aimsire atá ar fáil is mó a stopann daoine ó chuairt a thabhairt ar an gContae.
- Feictear an gá atá le fís aontaithe mar thosaíochtaí don Straitéis nua ach meas a bheith á léiriú ag an am céanna ar an éagsúlacht a bhaineann leis na cinn scríbe.
- Feictear an Straitéis mar dheis le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí turasóireachta ó thaobh forbairt margaíochta, líonraithe agus scileanna. Tá na brandaí is minice a úsáideann gnólachtaí turasóireachta léirithe thíos.




## 3.5 Na Príomhthorthaí ón tSiopadóireacht Rúnda

Mar atá luaite i gCuid 1, tugadh faoi chlár cuimsitheach siopadóireachta rúnda ar fud an Chontae. Leis na conclúidí ba logánta, rinneadh eolas don Chreat Straitéiseach, a cuireadh i láthair i gCuid 5. Cuireann siad acmhainn úsáideach ar fáil le haghaidh tuilleadh forbartha a dhéanamh laistigh de réimsí ar leith. Déantar achoimre ar na conclúidí níos leithne thíos.

### CONCLÚIDÍ LEATHANA ÓN TSIOPADÓIREACHT RÚNDA

- Go ginearálta, tá líonra na mbóithre, an chomharthaíocht agus an nascacht go maith cé go bhfuil an córas iompair phoiblí teoranta taobh amuigh de na príomhbhailte.
- Tá an iomarca comharthaí agus brandaí éagsúla in úsáid, go háirithe in áiteanna i gConamara.
- Tá lear mór tírdhreacha iontacha agus tírdhreacha faoi chosaint ar fud an Chontae.
- Meallann cuid de na ceantair atá tábhachtach ó taobh na hoidhreachta nádúrtha de turasóireacht ard-dlúis freisin. Tarraingíonn sé seo aird ar fhadhbanna leis an inbhuanaitheacht agus léiríonn sé a riachtanaí atá sé cuairteoirí a dháileadh ar bhealach níos cothroime.
- De bharr an oiread farraige, lochanna agus aibhneacha a bheith ann, d'fhéadfaí forbairt shuntasach a dhéanamh ó thaobh caithimh aimsire a bheadh bunaithe ar an uisce.
- Tá soláthar maith táirgí turasóireachta i gceantair in iarthar agus iardheisceart Chonamara ach tá líon teoranta táirgí in oirthear na Coiribe agus i gceantair in oirthuaisceart an chontae.
- Tá deiseanna teoranta ann chun stopadh agus airgead a chaitheamh, rud a chuireann teorainn leis an sochar eacnamaíochta do phobail.
- Tá roinnt bailte agus sráidbhailte beaga tarraingteacha i ndeisceart Chathair na Gaillimhe ach níl ceann ar bith acu ag feidhmiú mar chrann taca don cheantar. Tá deiseanna ann níos mó béime a bhaineann go sonrach le réigiún a chur ar cheantair ina bhfuil acmhainn iontu.
- Tá saincheisteanna áirithe ann a bhaineann le líon, dáileadh agus am cónaithe na gcuairteoirí ar Inis Mór agus Inis Oírr, rud a rachadh chun tairbhe plean bainistithe comhoibríoch agus idirchontae le Comhairle Contae na Chláir.
- Tá deiseanna ann in oirthear agus in oirdheisceart an Chontae go háirithe chun ceangal a dhéanamh idir na héispéiris thógtha oidhreachta a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.
- Is féidir leis na praghsanna a bheith ard i gceantair atá níos dírithe ar an turasóireachta, lena n-áirítear an costas a bhaineann le dul amach don dinnéar.







4

# Anailís ar Bhearnaí agus Anailís SCOT

## 4.1 Anailís ar Bhearnaí

Leis an Anailís ar Bhearnaí i dTábla 9 déantar forbairt ar Anailís an Mhargaidh a cuireadh i láthair roimhe seo agus tugann sé tuiscint ar an gcaoi a bhfreastalaíonn an Contae ar na riachtanais a bhíonn ag spriocghrúpaí i measc na dtomhaltóirí, nó a bhféadfadh sé freastal orthu, agus aird á tharraingt freisin ar réimsí ina bhfuil tuilleadh forbartha de dhíth.

**TÁBLA 9: ANAILÍS AR BHEARNAÍ: TURASÓIREACHT CHONTAE NA GAILLIMHE**

| Príomh-Spriocmhargaí/ Sciartha | Riachtanais | Cé mar atá éiri le Gaillimh? | Bearnaí? |
|---|---|---|---|
| **Cuairteoirí Neamhspleácha ar Chamchuairt** | Cultúr agus oidhreacht<br>Bailte, sráidbhailte agus radhairc tharraingteacha Fionnachtain neamhspleách<br>Inchreidteacht<br>Cóiríocht agus bia ar ardchaighdeán<br>Deis dul ar chúl éaga agus eolas dáiríre a chur ar cheann scríbe | Go ginearálta feileann sé go maith don sciar seo, go háirithe san iardheisceart agus i gConamara. Tarraingíonn radhairc an chósta go leor turasóirí. | Tá easpa nithe a bheadh ina ndíol spéise, gníomhaíochtaí agus táirgí eile bainteach leis an turasóireacht i gceantair áirithe, lena n-áirítear siar ón N84 agus ó thuaidh den M6, agus sa cheantar Geopháirce atá beartaithe.<br>Chomh maith leis sin tá easpa miondíola, easpa bia ócáideach/ caiféanna i gceantair nach dtagann an oiread sin cuairteoirí chucu.<br>Níl dóthain tacaíochtaí i gcuid de na bailte tairseacha. |
| **Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe fánacha)** | Deiseanna (cosáin, limistéir lainseála) do shiúlóidí féintreoraithe, siúlóireacht, rothaíocht, spóirt uisce agus gníomhaíochtaí eile taobh amuigh.<br>cóiríocht agus bia in aice leis na háiteanna ina mbíonn gníomhaíochta ar bun, chun fhreastal orthu siúd atá an-tugtha don chaitheamh aimsire taobh amuigh. | Feileann sé go maith don sciar seo ach tá feabhas de dhíth. Neart cosáin siúil/cosáin rothaíochta ar fáil agus /nó iad á bpleanáil. | Neart uisce (aibhneacha/ lochanna/farraige) ach ní bhíonn sé éasca i gcónaí teacht ar na pointí rochtana ná ní choinnítear caoi orthu i gcónaí. Ní bhíonn cóiríocht agus bia oiriúnach ar fáil i gcónaí gar do na háiteanna ina mbíonn gníomhaíochtaí ar bun (e.g. na háiteanna is tábhachtaí ar na Glasbhealaí). |

| Príomh-Spriocmhargaí/ Sciartha | Riachtanais | Cé mar atá éiri le Gaillimh? | Bearnaí? |
|---|---|---|---|
| **Teaghlaigh Bhaile** | Neart rudaí comhpháirteacha uile-aimsire le déanamh agus iad dírithe ar réimse leathan aoiseanna agus cumais. Bia agus cóiríocht atá báúil don teaghlach. Trealamh ar cíos, ceachtanna blaiste, campaí, deiseanna 'oideachais/ siamsaíochta' | Tá bonn maith cóiríochta féinfhreastail sa Chontae, rud a oireann don sciar seo, agus tá sé oiriúnach den chuid is mó cé go bhfuil scóip ann le forbairt a dhéanamh agus go bhféadfadh na praghsanna fadhb a chothú. Bíonn na láithreacha cósta tarraingteach i gcónaí don sciar seo. | Feabhas ag teastáil ó thaobh gníomhaíochtaí amuigh faoin aer a chur ar fáil agus iad a chomhordú, lena n-áirítear trealamh ar cíos, láithreacha le haghaidh rochtain a fháil ar an uisce, ceachtanna. Níos mó áiseanna le haghaidh laethanta báistí agus eispéiris dírithe ar pháistí ag láithreáin oidhreachta. |
| **Sosanna Deireadh Seachtaine i gCeantair Uirbeacha do Dhaoine Fásta Baile** | Luach ar airgead agus cóiríocht agus bia ar ardchaighdeán, go príomha i mbailte a bhfuil teacht orthu go héasca, agus nithe le déanamh i rith an lae (m.sh. gníomhaíochtaí lasmuigh, turais bháid, siopadóireacht, folláine). | Níl an Contae oiriúnach don sciar seo, cé is moite de shosanna deireadh seachtaine i gcomhar le himeachtaí/ féilte (m.sh. An Clochán). | Teastaíonn tuilleadh forbartha ar eispéiris bunaithe sna bailte móra, go háirithe iad siúd atá ar an líonra iarnróid. |
| **Gníomhaíochtaí Lasmuigh (rannpháirtithe tiomnaithe)** | Radhairc tharraingteacha, líonra maith bóithre, óstáin atá in ann freastal ar ghrúpaí agus stadanna/ láithreacha suimiúla atá oiriúnach do ghrúpaí agus a bhfuil páirceáil do bhusanna, neart leithris agus sólaistí ar fáil iontu. | Feileann sé go maith don sciar seo. | Bainistiú ar thrácht na mbusanna agus<br><br>ar an mbrú tráchta i gceantair áirithe sa bhuaicshéasúr sa chaoi nach mbeidh droch-eispéireas ag cuairteoirí. |
| **Turais do Ghrúpaí a bhfuil Spéiseanna ar leith acu** | Braitheann na riachtanais ar na hábhair spéise e.g. an Ghaeilge, an oidhreacht, an bhithéagsúlacht, saol sóisialta. Is iad na riachtanais ghinearálta ná áiteanna suimiúla a bheith acu le cuairt a thabhairt orthu, cóiríocht agus bia ar ardchaighdeán agus saineolas a bheith ar fáil dá réimse spéise. | Feileann sé go maith don sciar seo. | Margaíocht agus eolas |
| **Turasóirí Lae** | Rochtain éasca ar láithreacha a bhfuil rud éigin suimiúil le déanamh agus le feiceáil iontu. | Tá roinnt cinn scríbe seanbhunaithe le haghaidh turas lae ag Gaillimh, in iarthar an Chontae. | Na turasóirí lae a bhainistiú le linn an bhuaicshéasúir i gceantair a mbíonn tóir orthu. |



| Príomh-Spriocmhargaí/ Sciartha | Riachtanais | Cé mar atá éiri le Gaillimh? | Bearnaí? |
|---|---|---|---|
| **Cruinnithe, Spreagadh agus Imeachtaí** | Láithreacha suimiúla, dílse, bríomhara ina bhfuil ionaid oiriúnacha atá in ann freastal ar ghrúpaí móra agus beaga, a thugann aird ar mhionsonraí agus atá ar ardchaighdeán ar gach bealach. Teacht a bheith orthu go héasca ó na háiteanna a dtagann cuairteoirí idirnáisiúnta isteach sa tír. | Bheadh an Contae in ann freastal ar dhreasachtaí go mór, ach i gcás an sciar a bhaineann le cruinnithe agus le himeachtaí seans go mbeadh an t-achar a bheadh le taisteal ina bhac. | Margaíocht agus comhordú; ionaid spéisiúla a aithint agus oibreoirí atá in ann eispéiris ar ardchaighdeán a chur ar fáil. |
| **Cuairteoirí faoi Mhíchumas/le deacrachtaí Siúil** | Braitheann na riachtanais ar na hábhair spéise - d'fhéadfaí breathnú ar an sciar seo mar fho-sciar de na cinn eile ar fad. I measc na riachtanais ba choitianta bhí áiseanna, seirbhísí agus eispéiris a mbeadh teacht ag cách orthu. | Tá an deis ann freastal ar líon níos mó ach is gá cur leis an acmhainneacht sa réimse seo agus eolas soiléir a bheith ar fáil. | Tuilleadh pointí rochtana chuig an uisce do chách; tuileadh eispéireas agus seirbhísí a mbeadh fáil orthu ag gach aon duine.<br>Margaíocht agus eolas mar thacaíocht. Ba cheart prionsabail an Dearaidh Uilíoch a chomhtháthú i dtionscadail a bhaineann le comhfhorbairt áite agus leis an réimse poiblí. |



## 4.2 Anailís SCOT

Tugann Anailís SCOT achoimre ar na phríomhláidreachtaí, na dúshláin, na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann leis an turasóireacht trí chéile i gContae na Gaillimhe. Nuair a thugtar faoi anailís SCOT is gá roinnt príomhphointí a choinneáil i gcuimhne.

Baineann na Láidreachtaí agus na Dúshláin atá in Anailís SCOT le dinimic inmheánach na turasóireachta i gContae na Gaillimhe agus tá siad bunaithe ar a bhfuil á dhéanamh go maith ag an gceann scríbe, na hacmhainní atá ar fáil dó. Athróidh siad, dar ndóigh, de réir na tíreolaíochta taobh istigh den Chontae - pointe a bhfuil tuilleadh forbartha déanta air sa Chreat Straitéiseach a chuirtear i láthair i gCuid 2.

Baineann na Deiseanna agus na Bagairtí le tosca seachtracha nach bhfuil aon smacht ag an gceann scríbe orthu - ach a gcaithfidh an ceann scríbe a bheith ar an eolas ina thaobh agus a gcaithfidh sé freagra a thabhairt dóibh. Ó tharla an tír a bheith chomh beag beidh go leor den ábhar céanna i gceist maidir leis an gcuid a aithníodh do Chontae na Gaillimhe agus an chuid a bhaineann le hÉirinn trí chéile.

**TÁBLA 10: ANAILÍS SCOT: AN TURASÓIREACHT I GCONTAE NA GAILLIMHE**

### Láidreachtaí

- An timpeallacht nádúrtha, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh): na radhairc bhaile agus na radhairc feadh an chósta atá fiáin agus éagsúil, tránna an Bhrait Ghoirm agus an Chósta Ghlais, an bhithéagsúlacht, an Bhoirinn, na Beanna Beola, Abhainn na Sionainne, Loch Coirib, Loch Deirgeirt, na portaigh.
- Na Daoine a mbuailtear leo sna pobail agus le linn gníomhaíochtaí agus imeachtaí
- Cultúr agus oidhreacht na Gaeltachta, lena n-áirítear an teanga, an ceol, an damhsa agus an cheardaíocht
- Na healaíona agus an cultúr comhaimseartha
- 'Brandaí' a aithnítear, go háirithe i gcás Chonamara, na Gaillimhe agus Bhoirne.
- Bailte agus sráidbhailte tarraingteacha
- Roinnt cinn scríbe turasóireachta seanbhunaithe a bhfuil tionscal le taithí iontu, e.g. Conamara
- Láithreáin oidhreachta, lena n-áirítear na cinn atá seanbhunaithe amhail Dún Aonghasa, chomh maith le láithreáin nach bhfuil an oiread eolais ina dtaobh, ina measc Mhainistir an Rois agus Chill Mhic Dhuach
- Cóiríocht agus bia (i gceantair áirithe )
- Infheistíocht sa réimse poiblí agus san fhorbairt ar chosáin ar fud an Chontae
- Traidisiún na bádóireachta
- Céanna agus cuanta atá in úinéireacht na Comhairle
- Grúpaí láidre pobail agus grúpaí oidhreachta i gceantair áirithe.

### Deiseanna

- Níos mó tomhaltóirí a bheith páirtíocht i ngníomhaíochtaí faoin aer
- Níos mó béime a bheith ar an inbhuanaitheacht
- Níos mó de na cuairteoirí baile a bheith i mbun taiscéalaíochta i gceantair nach bhfuil an oiread sin cáil orthu.
- Tuilleadh maoinithe a bheith ar fáil don bhonneagar ábhartha, don fhorbairt ar bhailte agus don fhorbairt ar chosáin
- Brandaí réigiúnacha: Conamara, Bealach an Atlantaigh Fhiáin, Croíthailte Ceilte na hÉireann, Sionainn agus Loch Deirgeirt
- Spéis i gcóiríocht mhalartach, m.sh. glampáil, RV
- Cur leis an nascacht tríd an teicneolaíocht
- Níos mó tuisceana a bheith ag tomhaltóirí ar shláinte agus ar fholláine
- An fás atá tagtha ar an deis atá ag na fánaithe digiteacha díriú orthu seo trí GTeic agus moil eile don chianobair a fhorbairt



# Dúshláin

- Gan dóthain comhordaithe foriomlán a bheith á dhéanamh ar thionscal na turasóireachta ar fud an Chontae
- Meascán ann de chinn scríbe atá seanbhunaithe agus cinn scríbe atá ag teacht chun cinn
- Ganntanas nascachta agus iompair phoiblí i gceantair tuaithe
- Plódú sa bhuaicshéasúr i gceantair áirithe, go háirithe iarthar Chonamara agus Oileáin Árann
- Ganntanas cóiríochta agus táirgí don turasóireacht ar an mórgóir i gceantair áirithe
- Maoiniú don turasóireacht
- Easpa eolais faoi Oirthear na Gaillimhe
- Easpa forbartha ó thaobh fáil a bheith ar chaitheamh aimsire bunaithe ar an uisce (cé is moite den tSionainn)
- Gan mórán éilimh a bheith ar an turasóireachta idir Deireadh Fómhair agus Aibreán

# Bagairtí

- Ganntanas foirne
- Costas: Laghdaíonn an boilsciú / an costas maireachtála an acmhainn chaiteachais agus ardaíonn siad praghsanna / costas breosla a bhfuil tionchar acu seo ar chuairteoirí camchuairte; agus tionchar ar chostas gnó earnáil na tionsclaíochta freisin
- Athruithe ar chúrsaí taistil go hidirnáisiúnta: Tionchar an Bhreatimeachta ar thaisteal ón Ríocht Aontaithe; tionchar fadtéarmach na n-athruithe ar phatrúin taistil a d'eascair as Covid agus as srianta dá leithéid
- Comórtas ó chinn scríbe turasóireachta atá ag teacht chun cinn in Éirinn ina bhfuil breis infheistíochta déanta i mbonneagar agus in eispéiris, agus a thugann luach níos fearr ar airgead



# FREAGAIRT STRAITÉISEACH

# 2








# 5 An Fhís agus an Creat Straitéiseach

## 5.1 An Fhís

Tá an fhís don turasóireacht i gContae na Gaillimhe ag teacht i dtír ar na láidreachtaí atá aige mar chontae a thugann eispéiris a bhfuil stór mór den oidhreachta nádúrtha agus den oidhreacht thógtha atá bunaithe ar ghlúnta den traidisiún, ina sraitheanna ann, ach atá chomh maith leis sin ag borradh leis an mbeocht a bhaineann leis an gcultúr bríomhar comhaimseartha. Léirítear freisin na dúshláin a bhfuil sé i gceist againn dul i ngleic leo le linn thréimhse na Straitéise, lena n-áirítear ardú céime a thabhairt do na ceantair nach bhfuil an turasóireacht forbartha iontu, chomh maith leis an deis a thiocfaidh as branda níos comhtháite don Chontae agus don Chathair, a thabharfaidh léargas ar na tréithe a bhaineann leis an gContae trí chéile, a chur i láthair an turasóra. Tá sé i gceist ráiteas aontaithe gonta, maidir lena bhfuil i gceist don todhchaí a chur ar fáil, ráiteas a threoróidh forbairt agus bainistiú na turasóireachta. Ní mana margaíochta atá anseo.



Cuirtear an Ráiteas Físe in iúl mar seo a leanas.

**"Is é Contae na Gaillimhe príomhcheann scríbe turasóireachta na hÉireann mar a bhaineann leis an oidhreacht chultúir agus leis an oidhreacht nádúrtha - ceann scríbe bríomhar comhtháite a léiríonn meas ar a chultúr agus ar a thimpeallacht uathúil, agus a roinneann é go bródúil le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha. Ceiliúrann sé an éagsúlacht, cosnaíonn sí a hoidhreacht agus tá prionsabail inbhuanaithe á dtreorú."**





Má léitear an Fhís go cúramach is féidir an bhrí a fheiceáil ina sraitheanna istigh ann. Tugtar achoimre i bhFíor 9 ar na himpleachtaí atá ag an bhFís don cheann scríbe, agus na príomhfhocail a thugann fócas don fhorbairt á mbriseadh síos.

#### FÍOR 9: AN RÁITEAS FÍSE Á BHRISEADH SÍOS

- Bríomhar, beoga - áit in a mbíonn rudaí ar siúl i gcónaí
- Cultúr agus oidhreacht caomhnaithe agus feabhsaithe
- Cúltúir traidisiúnta agus nua
- Talamh, uisce, flóra, fána agus bithéagsúlacht

**Is é Contae na Gaillimhe príomhcheann scríbe turasóireachta na hÉireann mar a bhaineann leis an oidhreacht chultúir agus leis an oidhreacht nádúrtha - ceann scríbe bríomhar comhtháite a léiríonn meas ar a chultúr agus ar a thimpeallacht uathúil, agus a roinneann é go bródúil le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha.**

**Ceiliúrann sé an éagsúlacht, cosnaíonn sé a hoidhreacht agus tá prionsabail inbhuanaithe á dtreorú.**

- Ceangailte, nasctha, comhoibríoch
- Tugtar cuireach roimh chuairteoirí a bheith páirteach mar bhaill shealadadh den phobal
- Eispéarais a mheallann cuairteoirí
- Ionchas go léireoidh cuairteoirí ómós freisin



## 5.2 Spriocanna

I bhfianaise na héiginnteachta a bhí ann le blianta beaga anuas, agus chomh míshocair is atá cúrsaí taistil idirnáisiúnta faoi láthair, glacadh cur chuige measartha dóchasach agus spriocanna á leagan síos don Straitéis - ceann ina bhfeicfear fás 3% ar líon na dturasóirí ó thar lear go dtí an Contae agus fás 5% ar thurais bhaile leis na hocht mbliana anuas[35]. Meastar go dtarlóidh an fás seo sa dara leath de shaolré na Straitéise seo, agus sa chéad leath go mbeifear ag athbhunú na leibhéal turasóireachta a bhí i gceist roimh 2019. Rud atá chomh tábhachtach céanna is ea go dtiocfadh, mar chuid den fhás seo, ardú ar an turasóireacht san idirshéasúr agus ar an ngnó taobh amuigh den bhuaicshéasúr chomh maith le go bhfásfadh an turasóireacht chuig ceantair sa Chontae nach bhfuil an tóir chéanna orthu. Chuige sin, cabhróidh go leor de na tionscnaimh atá sa Straitéis seo le forbairtí a láidreoidh ceantair nach dtugtar cuairt orthu chomh minic céanna agus spreagfaidh sé cineál turasóireachta atá níos moille, níos inbhuanaithe.

Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh níos mó teacht isteach ón turasóireacht. Mar a luadh cheana, tá an caiteachas reatha per capita sa Chontae faoi bhun an mheáin faoi láthair mar a bhaineann le turasóirí ó thíortha thar lear agus dá bhrí sin tá sprioc fáis níos airde leagtha síos don mhéadracht áirithe sin agus tá gníomhartha ag tacú leo a mheallfaidh na cuairteoirí a bhfuil luach níos airde a baint leo, a spreagfaidh cuairteoirí le fanacht taobh istigh den Chontae agus a ghinfidh tuilleadh ioncaim. Cé go bhfuil an meánchaiteachas, a bhaineann leis na turais bhaile níos gaire don mheánchaiteachas sna réigiúin, léiríonn sé go bhfuil deis fáis ann freisin agus tá spriocanna fáis níos measartha leagtha síos sa chás seo.

D'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna seo, moltar méadrachtaí cáilíochtúla chomh maith le huirlisí tomhais nua le go bhféadfar measúnú a dhéanamh de réir limistéir taobh istigh den Chontae - féach Tomhas i gCuid 7. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna i lár na tréimhse de réir feidhmíochta agus spriocanna náisiúnta.

**TÁBLA 11: SPRIOCANNA MÉIDE AGUS LUACHA DON TURASÓIREACHT I GCONTAE NA GAILLIMHE 2030**

| Méadrach | Faoi láthair | % Fáis | Sprioc 2030 |
|---|---|---|---|
| **Turais Bhaile** | 462,004 | 4% | 485,000 |
| **Caiteachas per Capita ó Thurais Bhaile** | €193 | 5% | €203 |
| **Turasóirí ó Thar Lear** | 672,005 | 3% | 692,000 |
| **Caiteachas per Capita ó Thar Lear** | €332 | 6% | €352 |
| **Líon Iomlán na dTurasóirí** | 1.1m | - | 1.2m |
| **Teacht isteach iomlán ón turasóireacht** | €312m | - | €342m |



33 Agus an anailís á déanamh, sháraigh an chaoi ar tháinig an t-aerthaisteal idirnáisiúnta chuige féin go sciobtha agus an bealach ar thosaigh na tomhaltóirí ag taisteal chomh tapa céanna, na cásanna téarnaimh atá leagtha amach ag ITIC don tréimhse iar-Covid. Mar sin féin, fágann ghéarchéim fuinnimh is déanaí, fadhbanna leanúnacha a eascraíonn as an mBreatimeacht agus an boilsciú a bheith ag ardú nach mbeidh an t-éileamh ar thaisteal chomh láidir agus a bhíodh. Tá sé á thuar ag ETC faoi láthair nach bhfuiltear ag súil go bhfillfidh an taisteal idirnáisiúnta ar leibhéil na bliana 2019 go dtí 2025, agus tá ITIC ag tuar go mbeidh an bhliain 2026 ann sula mbainfidh turasóireacht na hÉireann leibhéil 2019 amach. Tá tacaíocht bhreise aige seo ó Fáilte Ireland mar go gcuirtear in iúl sna Straitéisí Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí dá chuid, nach bhfuiltear ag súil go bhfillfear ar leibhéil turasóireachta na bliana 2019 go dtí 2026.



## 5.3 Creat Straitéiseach

Leagann an Creat Straitéiseach síos an struchtúr a chuirfidh ar chumas an chinn scríbe a Fhís a bhaint amach. Déanann an Creat dearcadh na dtomhaltóirí, dearcadh an tionscail agus dearcadh an phobail a chomhtháthu le torthaí anailíse gairmiúla (féach Fíor.10), agus cothaíonn sé comhleanúnachas mar a bhaineann le gníomhaíochtaí agus infheistíocht thar thréimhse ocht mbliana na Straitéise seo.

Aithnítear ceithre réimse le díriú isteach orthu go straitéiseach sa Chreat. Tugtar míniú ar gach ceann acu seo sa chéad leathanach eile agus tá an Plean Gnímh struchtúrtha dá réir. Tá monatóireacht agus tomhas tábhachtach freisin agus tá siad sin comhtháite i ngach réimse.

FÍOR 10: CREAT CHUN STRAITÉIS TURASÓIREACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE A CHUR AR FÁIL






**Fócas Straitéiseach 1 - Ceann Scríbe a Bhainistiú:** Gníomhartha a bhaineann le forbairt agus bainistiú an chinn scríbe trí chéile, ina measc ceisteanna a bhaineann le comharthaíocht, treoshuíomh, cur i láthair agus comhordú. Taobh istigh den téama seo freisin tá gníomhartha a bhaineann le cinn scríbe nó criosanna áirithe taobh istigh den Chontae a bhfuil riachtanais agus tréithe ar leith acu.

**Fócas Straitéiseach 2 - Eispéiris a Fhorbairt:** Gníomhartha a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar eispéiris na gcuairteoirí, rud a chuideoidh le fís agus treo na Straitéise seo a chur i bhfeidhm.

**Fócas Straitéiseach 3 - Cumas & Scileanna a Fhorbairt**: Gníomhartha a chabhraíonn leis an tionscal a fhorbairt agus a fheabhsú agus a chuidíonn le daoine eile a bhíonn ag cur seirbhísí agus eispéiris ar fáil don turasóireacht.

**Fócas Straitéiseach 4 - Margaíocht agus Cumarsáid:** Áirítear leis seo ní hamháin go mbeadh margaíocht á déanamh ar an gceann scríbe ach go mbeadh cumarsáid ar siúl freisin leis an tionscal, leis na páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne.


Ó thaobh na turasóireachta de beidh sé ina thosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i rith an ama go leanfaí de bheith ag cur tionscadail chomhoibríocha atá ann cheana féin i bhfeidhm, chomh maith le tionscadail chomhoibríocha nua a thugann deiseanna móra chun an turasóireachta a fhás ar fud an Chontae. Ina measc seo tá Pleananna Forbartha d'Eispéireas na gCuairteoirí i gConamara agus na hOileáin, Máistirphleananna Turasóireachta do Loch Deirgeirt, don Bhoirinn agus d'Abhainn na Sionainne, Máistirphlean Bhealach Bheara Bhréifne, agus Glasbhealaí Bhaile Átha Luain-na Gaillimhe agus na Gaillimhe-an Chlocháin.

### PRIONSABAIL TREORACH MAIDIR LE FÁS NA TURASÓIREACHTA I GCONTAE NA GAILLIMHE

A number of principles will help guide activities and interventions, ensuring future growth is sustainable.

1. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta do chur i bhfeidhm na ndeiseanna móra comhoibríocha le comhpháirtithe straitéiseacha, ina measc Pleananna Forbartha ar Eispéiris/Cinn Scríbe na gCuairteoirí, Máistirphleananna Turasóireachta, agus na Glasbhealaí atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.
2. Iarracht a dhéanamh cur leis an tréimhse a fhanann na cuairteoirí sa Chontae agus leis an méid a chaitheann siad, agus iad a spreagadh le taiscéalaíocht a dhéanamh sna ceantair nach bhfaigheann an oiread sin cuairteoirí.
3. Tús áite a thabhairt do sprioc na turasóireachta lán-inbhuanaithe agus a bheith ag teacht le Pleananna Náisiúnta agus Áitiúla Gníomhaithe ar son na hAeráide. (Féach Fíor. 11).
4. Tacú le cultúr, le teanga agus le pobail na Gaeltachta.
5. Tús áite a thabhairt d' úsáid na n-áiseanna nádúrtha agus na n-áiseanna tógtha atá ann cheana féin, an turasóireacht faoin aer agus infheistíochtaí leanúnacha, go háirithe i mbonneagar gorm agus glas.
6. An turasóireacht a bhunú mar chroíghníomhaíocht don gheilleagar ar fud an Chontae agus fás na turasóireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear í a chur chun cinn i gceantair nach bhfaigheann mórán cuairteoirí, trí fhorbairt a dhéanamh ar eispéiris agus ar chinn scríbe turasóireachta atá ann cheana féin agus ar chuid nua.
7. Cur chuige criosaithe a fhorbairt le go bhféadfar díriú isteach ar idirghabhálacha ábhartha ag leibhéal níos áitiúla.
8. Nuálaíocht a thabhairt isteach agus tacú léi.
9. An comhoibriú idir an tionscal, na pobail agus na páirtithe leasmhara a fheabhsú.
10. Feabhas a chur le go mbeidh rochtain ag cách ar eispéiris na turasóireachta.

FÍOR 11: LEAS-MHÚNLA D'FHORBAIRT INBHUANAITHE NA TURASÓIREACHTA



Cuireann an turasóireacht inbhuanaithe san áireamh na tionchair eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil ar fad atá aici faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcuairteoirí, riachtanais an tionscail, riachtanais an chomhshaoil agus riachtanais na bpobal a bhíonn i mbun óstála.
(UNWTO)



## 5.4 Na Criosanna Forbartha Turasóireachta

Cé go dtabharfar tús áite i gcónaí do na mórthionscadail chomhoibríocha a chur i gcrích, tá tuilleadh deiseanna agus dúshláin ann freisin a bhaineann go sonrach le ceantair áirithe. Rachadh sé chun tairbhe do na ceantair seo dá mbainfí úsáid as cur chuige a bheadh in ann déileáil leo go díreach. Tá an cur chuige seo leagtha amach thíos.

### 5.4.1 Criosanna Forbartha a Aithint

Is léir nach bhfuil cumas ná acmhainneacht na turasóireacht á ndáileadh go cothrom ar fud an Chontae. Go traidisiúnta, d'fhás an turasóireacht sna stráicí is suntasaí den tírdhreach agus den chósta, áiteanna a fuair tacaíocht bhreise nuair a forbraíodh Bealach camchuairte an Atlantaigh Fhiáin. Ciallaíonn sé seo freisin go bhfuil an chuid is mó de na hacmhainní turasóireachta, an taithí ar fhorbairt, agus na tionscail atá seanbhunaithe cruinnithe le chéile sna ceantair seo, agus sna gníomhaíochtaí forbartha le tamall anuas feadh Abhainn na Sionainne atá dírithe go háirithe ar an gceantar thart ar Loch Deirgeirt. San iomlán, léiríonn sé seo go bhfuil gá le cur chuige níos nuálaí mar a bhaineann le forbairt na turasóireachta ar fud an Chontae – cur chuige a aithníonn cosúlachtaí nuair is ann dóibh ach a chuireann idirghabhálacha atá níos straitéisí i bhfeidhm freisin, bunaithe ar na saintréithe a bhaineann le ceantair ar leith. Mar gheall air sin, moltar go mbainfí úsáid as cur chuige criosaithe i gcás gnéithe áirithe den straitéis forbartha turasóireachta.

Aithnítear na Criosanna Forbartha bunaithe ar na cúinsí seo a leanas

1. Aibíocht – maidir leis na Cinn Scríbe
2. Inbhuanaitheacht – ó thaobh an chomhshaoil, an phobail agus an gheilleagair.
3. Acmhainní – An ní is fearr a bhaint amach as na ceantair atá ann agus na ceantair nach bhfuil mórán tóra orthu a fheabhsú.
4. Acmhainneacht Tionscail agus Pobail - Oibreoirí chun a thaispeáint mar is féidir acmhainneacht áitiúil a fhorbairt.

#### Leibhéal aibíochta

Bunaithe ar an múnla aibíochta atá ag Fáilte Ireland i dtaca le cinn scríbe, tá cinn scríbe ag Contae na Gaillimhe ag gach ceann de na ceithre leibhéal aibíochta.

- **Ceann Scríbe Uaillmhianach:** Próifíl turasóireachta atá ag forbairt atá acu seo. Is gá dóibh díriú ar bhonneagar agus ar tháirgí do chuairteoirí a fhorbairt. Rachadh sé chun tairbhe dóibh líonraí a bhunú agus cumas a fhorbairt. Tá an chuid is mó d'Oirthear Chontae na Gaillimhe sa chatagóir seo.

- **Cinn Scríbe Ceannródaíocha:** Tá siad seo díreach ag fáil aitheantais sa mhargadh baile. Is gá dóibh díriú ar tháirgí agus ar eispéiris a chuideoidh leo a fhorbairt. Rachadh sé chun tairbhe dóibh USP agus straitéis shoiléir a bheith acu. Tá na ceantair in oirdheisceart na Gaillimhe, a bhfuil teorainn acu le Loch Deirgeirt, sa chatagóir seo.

- **Cinn scríbe atá ag déanamh dul chun cinn**: Tá aitheantas maith acu seo sa mhargadh baile agus aitheantas idirnáisiúnta á fhorbairt acu. Is gá dóibh díriú ar bharr feabhais a bhaint amach ó thaobh eispéiris a fhorbairt, má theastaíonn sé uathu cuairteoirí nua a mhealladh. Rachadh sé chun tairbhe dóibh díriú ar an iomaíochas mar a bhaineann le cinn scríbe. Tá Conamara agus iardheisceart na Gaillimhe (Boirinn na Gaillimhe) sa chatagóir seo, cé go bhféadfaí ceantair áirithe a mheas faoin gceathrú catagóir thíos.

- **Cinn Scríbe a Fheabhsú:** Is cinn scríbe seanbhunaithe iad seo a bhfuil an-aitheantas acu go hidirnáisiúnta. Is gá dóibh díriú ar eispéiris nuálacha agus ar na cuairteoirí a scaipeadh amach. Cé go bhféadfaí a rá go bhfuil Conamara sa chatagóir seo, níl na ceantair ar fad i gConamara chomh cáiliúil lena chéile, mar shampla bailte cosúil leis an Spidéal agus ceantair amhail Ceantar na nOileán agus Corr na Móna.

## Inbhuanaitheacht

Mar a dúradh roimhe seo, tá lear mór ceantar i gContae na Gaillimhe a bhfuil cosaint acu agus atá speisialta ó thaobh na bithéagsúlachta, an tírdhreacha, na n-uiscebhealaí agus chultúr na Gaeltachta de. Anuas air sin, tá fianaise ann go mbíonn ceantair áirithe faoi bhagairt ag amanna áirithe den bhliain mar gheall ar a n-éilíonn an turasóireacht. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí na tosca seo san áireamh agus forbairt agus bainistiú na turasóireachta á phleanáil, go háirithe i gceantair na Gaeltachta, na ceithre oileán atá amach ón gcósta, an Clochán, an Geopháirc JWCL atá beartaithe, na príomhlimistéir uisce agus na ceantair cois cósta, chomh maith le limistéir chomhshaoil eile atá caomhnaithe.

## Acmhainneacht

Tá tionscnaimh/pleananna forbartha ar siúl freisin i roinnt ceantair agus iad ag leagan síos bunchloch don fhás sa todhchaí. Is gá iad sin a chur san áireamh agus cumas an tionscail á mheas. Bheadh cuid de na bailte in ann forbairt mar mhoil mar chuid de straitéisí agus de phleananna níos mó atá ann cheana féin e.g. Port Omna, Uachtar Ard, An Gort, Baile Átha an Rí agus Órán Mór. Tá roinnt tionscnaimh thurasóireachta phobalbhunaithe a bhaineann le caitheamh aimsire agus le hoidhreacht ar siúl i gcuid mhaith ceantair freisin, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Slí Ghleann an tSuca, Eachroim, Baile an Mhuilinn, An Spidéal agus An Cheathrú Rua.

## Acmhainní

Maidir le cóiríocht, ní féidir a rá go bhfuil aon cheann de na bailte sa Chontae ina mbailte ceann scríbe turasóireachta ó cheann ceann na bliana, i.e. bailte a bhfuil acmhainn leapacha níos airde ná 1,000[34] acu. D'fhéadfaí a rá áfach, gur baile ceann scríbe séasúrach é an Clochán, áit a bhfuil níos mó ná 500 spás leapa ar fáil. I gcás bailte suntasacha eile sa Chontae - Port Omna, Béal Átha na Sluaighe, Tuaim, Uachtar Ard, Gort agus Baile Átha an Rí - níl acu ach fíorbheagán leapacha agus gan tuilleadh forbartha ní fhéadfaí a rá gur bailte ceann scríbe atá iontu ag an bpointe seo.

Tá ceangal díreach iarnróid ag cuid de na bailte. Ina measc seo tá Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí agus An Gort.

Chomh maith leis sin, mar a dúradh níos túisce, cé is moite de na príomhcheantair ar chósta Chonamara, tá an táirge turasóireachta gann ar an talamh. Mar sin féin, tá sé de bhuntáiste ag ceantair áirithe sa Chontae go bhfuil acmhainní suntasacha nádúrtha agus oidhreachta acu atá á bhforbairt do chuairteoirí, nó atá fós le forbairt. Ina measc seo tá na ceantair timpeall ar Loch Deirgeirt agus ar an tSionainn, an Bhoirinn, Geopháirc Lochanna Iarthair Dhúiche Sheoigheach, Loch Coirib agus Slí Bhéara Bhréifne.

Mar fhocal scoir, d'fhéadfadh Tuaim - mir gheall ar an áit a bhfuil sé suite, a mhéid, a oidhreacht thógtha agus an dea-cháil atá a fhorbairt do bhia - a bheith ina tháirseach/ina mhol don oirthuaisceart.



34 Sainmhíniú ar  bhaile ceann scríbe bunaithe ar Threoirlínte *Bailte Ceann Scríbe Turasóireachta* Fáilte Ireland

### 5.4.2 Na Criosanna Forbartha a Thabhairt Isteach

r thoradh ar an méid atá thuas, tá sé Chrios Forbartha á moladh. Cuireann na Criosanna struchtúr ar fáil le haghaidh idirghabhálacha atá comhtháite agus dírithe, agus iad ag meaitseáil riachtanais reatha na turasóireachta agus acmhainneacht na turasóireachta sa todhchaí. Ní cinn scríbe margaíochta iad.

Tá príomhbhaile amháin ar a laghad ag gach Crios a chuireann nó a chuirfidh na seirbhísí agus na háiseanna riachtanacha ar fáil, a bheidh ina bhunáit do thurasóirí agus a oibreoidh mar thairseach chuig cnuasach níos leithne de bhailte agus sráidbhailte chuig an gceantar tuaithe ina thimpeall. D'fhéadfadh cuid de na bailte seo a bheith bunaithe thart ar níos mó ná Crios amháin, ag brath ar na saintréithe agus an suíomh ar leith a bhaineann leo.


Mar atá luaite cheana, tá sé i gceist go dtacódh na Criosanna le hidirghabhálacha níos caolchúisí ach tá na 'teorainneacha' idir na Criosanna doiléir, rud a fhágann gur féidir leis an bhforbairt leathadh idir Criosanna de réir mar a bhíonn gá leis agus an deis a bheith ann chuige. Bainfidh ceantair atá gar do Chathair na Gaillimhe, mar shampla, tairbhe ó nádúr as a suíomh mar thairseach a thugann deis do chuairteoirí a bheith ag taisteal idir eispéiris tuaithe agus eispéiris cathrach.

Beidh cur chuige comhordaithe ag teastáil maidir leis na Criosanna. Sa chaoi is nach gcaithfear struchtúir nua a bhunú, tógfar an cur chuige seo, ar an gcéad dul síos, ar líonraí atá ann cheana féin, foirne baile, srl., agus leathnóidh siad a bhfócas de réir a chéile thar thréimhse na Straitéise nó go mbeidh an Chrios ar fad clúdaithe. I gcás na dtograí a bhaineann le tionscadail agus le gníomhaíochtaí nua taobh istigh de gach Crios déanfar iad seo a mheas i gcomhthéacs na saintréithe agus na riachtanais ar leith atá ag an gCrios, agus déanfar iarracht nasc a aimsiú leis an bpríomhbhaile/ leis na príomhbhailte.

Cuirtear na Criosanna seo i láthair sna leathanaigh ina dhiaidh seo ar bhealach níos mionsonraithe, lena n-áirítear na láidreachtaí, na dúshláin agus na deiseanna a ndéantar tuilleadh forbartha orthu sa chaoi go bhfuil siad ina ngníomhartha sonracha sa Phlean Gnímh, Aguisín 8.1. Tugtar léiriú imlíneach i bhFíor 12.


**Ba cheart a thabhairt faoi deara nach léirítear na deiseanna atá comónta ar fud an Chontae ar fad sna leathanaigh ina dhiadh seo ach go bpléitear leo mar chomhréimsí gníomhartha sa Phlean Gnímh. Ina measc seo tá deiseanna comhroinnte a bhaineann le caitheamh aimsire faoin aer.**


"Má dhírítear sna beartais idirghabhála ar theorainneacha riaracháin nó ar earnálacha eacnamaíochta agus iad deighilte ó chéile cailleann siad an deis sineirgí a scaoileadh a chomhlíonann na cuspóirí leathana a bhaineann le beartais do réigiúin agus do thíortha tuaithe." (OECD)[35]




35 'Nóta maidir le Saincheisteanna don Chomhdháil Forbartha Tuaithe, an Cabhán, Éire, 28-30 Meán Fómhair 2022'


FÍOR 12: LEARÁID DE NA CRIOSANNA FORBARTHA STRAITÉISEACHA DON TURASÓIREACHT




Zone
3
Tuaim
Béal átha na Sluaighe
Gaillimh
Baile Átha An Rí
Orán Mór
Baile Locha Riach
Zone
2
Zone
1
Cinn Mhara
Port Omna
Gort




| | |
|---|---|
| **CRIOS 1:**<br>**OIRDHEISCEART NA GAILLIMHE** | Cuimsíonn Crios 1 oirdheisceart na Gaillimhe (ó dheas den M6), lena n-áirítear Baile Locha Riach agus Port Omna. Tá sé aitheanta ag Fáilte Ireland mar 'Cheann Scríbe Ceannródaíoch'. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | Tá Crios 1 dírithe i dtreo na Sionainne agus Loch Deirgeirt, ceangailte isteach sa Mháistirphlean Turasóireachta don tSionainn, i bPlean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Loch Deirgeirt agus i Máistirphlean Turasóireachta Bhealach Bheara Bhréifne - tá fuinneamh nach beag taobh thiar de gach ceann acu seo agus cuireann siad struchtúir ar fáil trína bhféadfar díriú níos fearr ar an bhforbairt ar mhórcheantar an Oirdheiscirt. |
| **DEISEANNA** | • Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Loch Deirgeirt agus Plean Forbartha Phort Omna a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.<br>• Máistirphlean Turasóireachta Bhealach Bheara Bhréifne: Forbairt a dhéanamh ar éispéiris agus ar an nascacht feadh dheisceart Bhealach Ó Maine, lena n-áirítear earnáil na tionsclaíochta agus na pobail a bheith i mbun gnímh.<br>• Glasbhealach Bhaile Átha Luain-na Gaillimhe, lena n-áirítear go mbeadh earnáil na tionsclaíochta agus na pobail i mbun oibre sula dtosódh an fhorbairt, le linn na forbartha agus ina diaidh.<br>• An turasóireacht a cheangal níos fearr leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair do Bhaile Locha Riach agus do Phort Omna.<br>• Tuilleadh forbartha ar thionscadail chomhoibríocha le hUiscebhealaí Éireann, agus le Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus Uíbh Fhailí, ina measc Droichead Mhílic agus Beannchar.<br>• Tránna le Brat Gorm i bPort Omna agus i mBaile Locha Riach.<br>• Forbairt leanúnach ar Chroíthailte Ceilte na hÉireann. |




# Crios 2

| | |
|---|---|
| **CRIOS 2:**<br>**IARDHEISCEART NA GAILLIMHE** | Cuimsíonn Crios 2 iardheisceart na Gaillimhe, lena n-áirítear, Órán Mór, Droichead an Chláirín, An Gort, Cinn Mhara agus Creachmhaoil. Is féidir a rá gur 'Ceann Scríbe atá ag déanamh Dul Chun Cinn' atá ann, cé go bhfuil codanna den Chrios nach bhfuil an fhorbairt chéanna déanta iontu. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | Tá Crios 2 dírithe i dtreo Bhoirne agus Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, tá teacht go héasca air tríd an M18 agus tá ceangal traenach aige chomh maith. Nascann sé isteach le hÍsealchríocha Bhoirne, leis an mBoirinn agus le Plean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Bhoirne agus Aillte an Mhothair.<br><br>D'fhéadfadh An Gort oibriú mar phríomhbhaile. Tá Cinn Mhara agus Droichead an Chláirín tábhachtach freisin mar mhoil bheaga mhalartacha ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith le hÓrán Mór a d'fhéadfadh feidhmiú mar thairseach chuig/ó Chathair na Gaillimhe agus úsáid an Ghlasbhealaigh nua a uasmhéadú freisin.<br><br>D'fhéadfadh an ceantar freastal ar chuairteoirí ginearálta a bheadh ar camchuairt feadh Bhealach an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith leo siúd a bhíonn ag lorg bunáite agus an dream a bhfuil níos mó spéiseanna nideoige acu sa bhithéagsúlacht, sa tírdhreach, san oidhreacht agus sna spóirt uisce.<br><br>Is iad na príomhdhúshláin don réimse seo ná leanúint ar aghaidh ag díriú ar tháirgí agus ar eispéiris a fhorbairt agus ag an am céanna feabhas a chur ar chaighdeán na n-eispéireas atá ann cheana d'fhonn cur leis an eolas atá ann go hidirnáisiúnta ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin agus ar an mBoirinn. |
| **DEISEANNA** | • Níos mó comhtháthaithe idir Ísealchríocha Bhoirne, Boirinn agus Phlean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Bhoirne agus Aillte an Mhothair.<br>• An turasóireacht a cheangal níos fearr leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair don Ghort, do Chinn Mhara, d'Órán Mór, do Dhroichead an Chláirín agus do Chreachmhaoil.<br>• Glasbhealach Bhaile Átha Luain-na Gaillimhe, lena n-áirítear go mbeadh earnáil na tionsclaíochta agus na pobail i mbun oibre sula dtosódh an fhorbairt, le linn na forbartha agus ina diaidh. |




# Crios 3

| | |
|---|---|
| **CRIOS 3:**<br>**OIRTHUAISCEART NA GAILLIMHE** | Cuimsíonn Crios 3 an limistéar mór in oirthuaisceart na Gaillimhe a shíneann soir ón M17, ó thuaidh ón M6 agus siar ó Ghleann na Suca. Cuimsíonn sé Baile Átha an Rí, Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe. Tá sé aitheanta ag Fáilte Ireland mar 'Cheann Scríbe Uaillmhianach'. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | Féadfaidh Baile Átha an Rí, Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe, trí cinn de na bailte móra sa Chontae a bhfuil poitéinseal acu nár fíoraíodh, feidhmiú mar phríomhbhailte do Chrios 3 – agus iad ina moil turasóireachta, cé go mbeadh siad ar scála níos lú ná na bailte in áiteanna sa Chontae a mbíonn níos mó turasóirí ag tarraingt orthu. Tá sé de bhuntáiste acu freisin go bhfuil ceangal iarnróid acu. Tá tuilleadh bailte beaga agus sráidbhailte a d'fhéadfaí a fhorbairt mar mhoil don chaitheamh aimsire faoin aer, ina measc Baile an Mhuilinn agus Bhéal Átha Ghártha.<br><br>Tá an Crios seo sna túschéimeanna ó thaobh na turasóireachta a fhorbairt agus dá bhrí sin caithfidh sé díriú ar bhunchloch a leagan síos ó thaobh bonneagair, seirbhísí/áiseanna agus líonraithe de. De bharr a laghad atá ar fáil ann ó thaobh na n-eispéireas agus na cóiríochta don turasóireacht, d'oirfeadh eispéiris nua agus eispéiris níos nuálaí don Chrios seo agus chabhródh sé le níos mó airde a tharraingt air, chomh maith le margaí nideoige a mhealladh. I measc na samplaí tá folacháin tráchtála agus eispéiris eile bunaithe ar an dúlra, glampáil, stadanna RV, eispéiris áineasa do dhaoine faoi mhíchumas, tacaíocht do lucht siúlóide. |
| **DEISEANNA** | • Máistirphlean Turasóireachta Bhealach Bheara Bhréifne: Forbairt a dhéanamh ar éispéiris agus ar an nascacht feadh chuid Ghleann an tSuca de Bhealach Ó Máine, lena n-áirítear earnáil na tionsclaíochta agus na pobail a bheith i mbun gnímh.<br>• Glasbhealach Bhaile Átha Luain-na Gaillimhe, lena n-áirítear earnáil na tionsclaíochta agus na pobail a bheith i mbun oibre sula dtosódh an obair, le linn na forbartha agus ina diaidh.<br>• An turasóireacht a cheangal isteach níos fearr leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair do Thuaim agus do Bhaile Átha an Rí go háirithe.<br>• An turasóireacht a cheangal isteach níos fearr freisin leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair do Bhaile Átha an Ghártha, Gleann na Madadh, An Creagán, Baile an Mhuilinn, Dún Mór agus Maigh Locha.<br>-• Acmhainní oidhreachta tógtha m.sh. i mBaile Átha an Rí.<br>• Campas Nuálaí BIA i mBaile Átha an Rí.<br>• Forbairt ar rochtain uilíoch i mBéal Átha na Sluaighe.<br>• Úsáid nua a bhaint as talamh Bhord na Móna le haghaidh caitheamh aimsire agus tionscadail inbhuanaithe |




| | |
|---|---|
| **CRIOS 4: CONAMARA THOIR AGUS LOCH COIRIB** | Cuimsíonn Crios 4 oirthear Chonamara, ag síneadh soir ón Teach Dóite agus siar ón M17, agus Loch Coirib san áireamh. Cuimsíonn sé Uachtar Ard, Áth Cinn, Maigh Cuilinn, Bearna agus An Fhairche. Cé go meastar gur 'Ceann Scríbe atá ag déanamh Dul Chun Cinn' é Conamara go ginearálta, tá ceantair taobh istigh de nach bhfuil chomh forbartha sin. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | D'fhéadfadh Uachtar Ard a bheith ina phríomhbhaile le haghaidh Chrios 4, ach tá ról freisin ag Áth Cinn, Maigh Cuilinn, Bearna agus An Fhairche mar mhoil níos lú a d'fhreastalódh ar chuairteoirí gníomhacha go háirithe. Cé go bhfuil Conamara seanbhunaithe agus go mbíodh an-tóir ar an gceantar timpeall ar Uachtar Ard roimhe seo ag slatiascairí, rachaidh sé go mór chun tairbhe don Chrios seo má dhírítear tuilleadh ar chroíshócmhainní agus ar eispéiris a fhorbairt.<br><br>Má dhéantar iarracht chomhpháirtíochta agus chomhordaithe Loch Coirib a fhorbairt le haghaidh caitheamh aimsire rachaidh sé go mór chun tairbhe do bhailte agus do shráidbhailte an cheantair agus cinnteoidh sé go mbainfear an oiread úsáide agus is féidir as an acmhainn luachmhar nádúrtha seo agus go dtabharfar cosaint dó.<br><br>Ba cheart go dtabharfaí tacaíocht freisin d'iarratas Gheopháirc Lochanna Iarthair Dhúiche Sheoigheach stádas UNESCO a bhaint amach agus go mbeifí ag comhoibriú ar mhaithe le forbairt bhreise a dhéanamh ar mhicrea-chinn scríbe taobh istigh den cheantar.<br><br>Tá láidreacht ar leith ag an bhFairche mar a bhaineann le siúlóirí agus d'fhéadfadh bailte beaga eile foghlaim uaidh (m.sh. an scéim Fáilte roimh Shiúlóirí). Tá Maigh Cuilinn suite in áit mhaith ar an nGlasbhealach atá á fhorbairt le go bhfásfadh sé mar mhol do shiúlóirí agus do rothaithe.<br><br>Tá tábhacht straitéiseach ag baint le forbairt agus comhtháthú breise a dhéanamh ar Mhainistir an Rois le go mbeidh níos mó eolais i dtaobh Áth Cinn agus go gcabhrófar leis an bhfás mar mhol beag turasóireachta agus mar thairseach chuig oirthear Chonamara agus chuig an nGeopháirc atá beartaithe. |
| **DEISEANNA** | • Glasbhealach na Gaillimhe – An Chlochán, lena n-áirítear go mbeadh earnáil na tionsclaíochta agus an pobal i mbun oibre sula dtosódh an fhorbairt, le linn na forbartha agus ina diaidh.<br>• Loch Coirib a fhorbairt agus a bhainistiú mar acmhainn don chaitheamh aimsire.<br>• Geopháirc Lochanna Iarthair Dhúiche Sheoigheach a fhorbairt (féach freisin Crios 6).<br>• An turasóireacht a cheangal isteach níos fearr leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair d' Uachtar Ard, Áth Cinn, Maigh Cuilinn agus An Fhairche.<br>• Feabhas a chur ar eispéiris na gcuairteoirí ag Mainistir an Rois.<br>• Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le Comhairlí Contae Mhaigh Eo agus Ros Comáin ar bhonn leanúnach. |




# Crios 5

| | |
|---|---|
| **CRIOS 5: GAELTACHT CHONAMARA THEAS** | Cuimsíonn Crios 5 ceantar Gaeltachta Chonamara Theas, Ceantar na nOileán agus Oileáin Árann, agus Carna, An Spidéal agus An Cheathrú Rua san áireamh. Cé gur féidir a rá gur 'Ceann Scríbe atá ag Déanamh Dul Chun Cinn' é Conamara go ginearálta, tá ceantair taobh istigh de nach bhfuil chomh forbartha sin cé go bhféadfaí a rá gur 'Ceann Scríbe Feabhsaithe' atá in Oileáin Árann. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | D'fhéadfadh An Spidéal a bheith ina phríomhbhaile do Chrios 5 mar gheall ar an ról atá aige cheana féin mar phointe teagmhála leis an teanga agus leis an gcultúr traidisiúnta, chomh maith le chomh láidir agus atá sé ó thaobh na n-ealaíon de.<br>Tá láidreachtaí ar leith ag an gCrios mar a bhaineann le cultúr na Gaeltachta agus na n-oileán, radhairc iontacha an chósta, caitheamh aimsire ar an bhfarraige, agus caitheamh aimsire eile amuigh faoin aer. Is gá béim ar leith a leagan air ó thaobh bearta inbhuanaitheachta a thabharfadh cosaint don chultúr agus a neartódh é, agus ag an am céanna croí-áiseanna, seirbhísí agus eispéiris a fhorbairt ar mhaithe le tuilleadh cuairteoirí a mhealladh go dtí na ceantair sin taobh istigh den Chrios nach bhfaigheann an oiread céanna cuairteoirí.<br>Chuideodh mealltóir breise i gCeantar na nOileán, agus tacaíocht do mhicrea-ghnólachtaí agus do ghnólachtaí soghluaiste.<br>Beidh an comhoibriú leanúnach le Líonra Turasóireachta Chonamara agus na nOileán agus cur i bhfeidhm Phlean Forbartha Eispéireas Cuairteoirí Chonamara agus na nOileán fós i gcroílár na hoibre, fad is atáthar ag obair ar an limistéar níos leithne sa Chrios a chomhtháthú. Tabharfaidh an obair leanúnach le Coiste/Fochoiste na nOileán deis do na hoileáin guth aontaithe a bheith acu. |
| **DEISEANNA** | • VEDP Chonamara agus na nOileán a chur i bhfeidhm go leanúnach.<br>• Cur chuige comhoibríoch a úsáid maidir le forbairt na turasóireachta sa Spidéal.<br>• Caitheamh aimsire bunaithe ar an uisce agus úsáid a bheith bainte as bonneagar na gcéanna.<br>• Tránna: Tránna ag a bhfuil Brata Gorma in Indreabhán, ar an gCeathrú Rua agus in Inis Mór; Tá Brat Gorm agus Gradam mar Chósta Ghlas ag Inis Oírr.<br>• Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta ar bhonn leanúnach.<br>• An turasóireacht a cheangal isteach níos fearr anois agus sa todhchaí leis an réimse poiblí, leis an athghiniúint agus leis na pleananna iompair do Charna, don Spidéal agus don Cheathrú Rua.<br>• Coincheap na farraige / coincheap an húicéir mar théama tairsí do Cheantar na nOileán.<br>• Eispéiris na gcuairteoirí ar na hoileáin amach ón gcósta a fheabhsú. |




# Crios 6

| | |
|---|---|
| **CRIOS 6:**<br>**CONAMARA THIAR** | Cuimsíonn Crios 6 limistéar iarthar Chonamara, a shíneann siar ón Teach Dóite agus ó Chloch na Rón go dtí An Líonán agus An Clochán, agus Inis Bó Finne san áireamh. Cé go bhféadfaí a rá go ginearálta gur 'Ceann Scríbe atá ag Deanamh Dul Chun Cinn' é Conamara, d'fhéadfaí 'Ceann Scríbe Feabhsaithe' a thabhairt ar an gClochán. |
| **LÁIDREACHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN** | Is i gCrios 6 atá go leor de na gnéithe a shamhlaíonn turasóirí le Conamara, lena n-áirítear Baile Ceann Scríbe Turasóireachta an Chlocháin, na Beanna Beola, cósta le radhairc aoibhne, agus péire de na rudaí is mó a tharraingíonn cuairteoirí -i.e Mainistir na Cille Móire agus Páirc Náisiúnta Chonamara. Is é an Clochán an príomhbhaile don Chrios seo, ach tá aitheantas mar mhoil níos lú ag Cloch na Rón agus ag an Líonán freisin.<br><br>Ar na príomhdhúshláin atá ag an gCrios seo tá aird a dhíriú ar bhainistiú agus ar scaipeadh na gcuairteoirí sa bhuaicshéasúr, feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí, agus an turasóireacht sa seachshéasúr agus san idirshéasúr a fhorbairt.<br><br>Is gá go ndéanfaí forbairt ar bhonn leanúnach ar an gClochán mar Bhaile Forbartha Turasóireachta do Chontae na Gaillimhe. Beidh tacaíocht do Gheopháirc UNESCO JCWL atá beartaithe, agus an fhorbairt uirthi, ina chabhair anseo freisin (féach freisin Crios 4).<br><br>Beidh comhoibriú leanúnach le Líonra Turasóireachta Chonamara agus na nOileán agus cur i bhfeidhm Phlean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí ar Chonamara agus ar na hOileáin fós an-lárnach, agus obair ar bun le limistéir eile sa Chrios a thabhairt isteach ann. Tabharfaidh an obair leanúnach le Coiste/ Fochoiste na nOileán deis do na hoileáin guth aontaithe a bheith acu. |
| **DEISEANNA** | • Plean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí i gConamara a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.<br>• Comhoibriú le Comhairle Contae Mhaigh Eo ar bhonn leanúnach.<br>• Pleananna a bhaineann le Baile Ceann Scríbe an Chlocháin.<br>• Tránna: Tá ceithre thrá sa Chrios ag a bhfuil gradam Cósta Glas.<br>• Eispéiris na gcuairteoirí ar na hoileáin amach ón gcósta a fheabhsú. |








# 6 Straitéis Margaíochta

## 6.1 Suíomh an Mhargaidh

**Gaillimh | Galway: A New Destination Brand:**

In éineacht le Fáilte Ireland, tá comhbhranda turasóireachta á fhorbairt ag Comhairlí Chontae agus Chathair na Gaillimhe chun Gaillimn a léiriú mar cheann scríbe aontaithe don chéad uair.

Cruthaíonn an deis uathúil seo féiniúlacht nua leis an ceann scríbe a chuir chun cinn agus le cabhrú leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach i Straitéisí Turasóireachta Chathair & Chontae na Gaillimhe Comhairlí a sheachadadh.

In 2022 rinneadh taighde fairsing agus comhairliúchán leis an tionscail chun na príomhghnéithe a thuiscint a ba cheart don bhranda a chur in iúl. Mar aschuir ar na comhairliúcháin seo, aithníodh príomhthéamaí do bhranda an cheann scríbe, lena n-áirítear féilte agus imeachtaí, uisce (uiscebhealaí, cóstaí, locha), Conamara agus Na hOileáin, bia, Gaeilge,oidhreacht agus Cathair na Gaillimhe.

Is branda comhaimseartha atá in úsáid, le cló oidhreachta saincheaptha na Gaillimhe, Tuam Unical. Roghníodh go speisialta dathanna agus sraith deilbhíní gaolmhara an bhranda chun Gaillimh a léiriú, agus tá siad tarraingthe as go leor foinsí agus láithreacha geografacha. Oibríonn siad le chéile chun pailéad leathan a chruthú a léiríonn gach rud ón dúlra go séadchomharthaí áitiúla.

Cuirfidh branda nua turasóireachta na Gaillimhe an cheann scríbe in iúl trí shócmhainní branda nua, lena n-áirítear suíomh gréasáin ceann scríbe nua, banc meán nua de ghrianghrafadóireacht agus físeáin ar ardchaighdeán chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Chontae ar fad, bealaí meán sóisialta agus comharthaíocht. Mar thosnú, gníomhóidh feachtas margaíochta, 'Gaillimh, i gcónaí' an branda sna príomh-mhargaí baile agus idirnáisiúnta.

## 6.2 Comhpháirteanna den Chur Chuige Straitéiseach i dTaca le Margaíocht ar Thurasóireacht Chontae na Gaillimhe

Is iad spriocanna uileghabhálacha na straitéise margaíochta don turasóireacht i gContae na Gaillimhe ná feasacht a ardú ar an gceann scríbe - lena n-áirítear tuiscint ar éagsúlacht na n-eispéireas atá le fáil taobh istigh den Chontae - agus tomhaltóirí a spreagadh le teacht ar cuairt ar mhaithe le hinbhuanaithe a chur faoin turasóireachta.

Tá naoi bpríomhghné den chur chuige straitéiseach atá á mholadh leagtha amach thíos.

1. Tacú le gníomhaíochtaí margaíochta an tionscail ar an gcéad dul síos mar úinéirí an táirge indíolta.
2. Cainéil ar líne (ár gcuid féin, na meáin shóisialta agus cuid le tríú páirtithe) a úsáid an oiread agus is féidir chun freastal ar gach tomhaltóir.
3. Úsáid a bhaint as líonrú agus as cumarsáid dhíreach ar mhaithe le caidrimh a bhunú i sciartha nideoioge den mhargadh.
4. Teachtaireachtaí margaíochta a leagan amach i bhfoirm cuirí le bheith páirteach in eispéiris chomhroinnte, in áit iad a bheith ag cur 'brú' rud a cheannach.
5. An oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an bhfógraíocht a bhaineann leis an bhfocal béil ó lucht leanúna agus ó ghrúpaí pobail sna cinn scríbe.
6. A chinntiú go mbaintear úsáid sheiftiúil as poiblíocht agus as PR i rith na bliana.
7. A laghad agus is féidir a chaitheamh ar ábhar priontáilte agus ar aontaí turasóireachta náisiúnta/ idirnáisiúnta mura bhfuil fianaise ann gur fiú an infheistíocht iontu.
8. Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh chomhoibríocha margaíochta de chuid Thurasóireachta Éireann / Fáilte Ireland.
9. Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag na gníomhaíochtaí margaíochta agus na pleananna don todhchaí a chur in oiriúint dá réir.
10. Féachaint le deiseanna margaíochta comhoibríocha a fhorbairt, de réir mar a oireann, le háiteanna atá in aice láimhe, go háirithe le Cathair na Gaillimhe.



## 6.3 Achoimre ar an bPlean Gnímh Margaíochta

Tá Plean imlíneach Gnímh Margaíochta in Aguisín A8.2 agus é bunaithe ar na saintréithe a bhaineann leis an sciar nideoige (a aithníodh in gCuid 3.2 agus i gCuid 4.1) agus ar na gnéithe straitéiseacha atá sainaitheanta thuas. Tá gníomhaíochtaí breise margaíochta a chuideoidh le tionscnaimh chomhoibríocha ar leith san áireamh sa phríomhphlean gnímh, de réir mar is ábhartha.

Tugann an Plean Margaíochta aghaidh ar réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus tugann Tábla 13 breac-chuntas achoimre orthu seo. I gcás na ngníomhaíochtaí seo ar fad díreofar ar thacaíocht a bheith ag an ngníomhaíocht ón tionscal nó an tionscadal a bheith á stiúradh mar úinéirí díreacha ar na heispéiris agus na táirgí turasóireachta atá á ndíol.

**TÁBLA 13: ACHOIMRE AR NA GNÍOMHARTHA MARGAÍOCHTA**

| Réimse na Gníomhartha | Sciar |
|---|---|
| **1. Forbairt ar Bhranda** | Gach ceann |
| **2. Comhthaobhacht Priontála/Ábhair Dhigitigh** | Gach ceann, B2B san áireamh |
| **3. Margaíocht Dhigiteach** | Gach ceann |
| **4. PR agus Cumarsáid** | Gach ceann |
| **5. Bolscaireacht** | Béim ar thacú leis an tionscal mar úinéirí 'táirge' i ndíolacháin dhíreacha |
| **6. Margaíocht Dhíreach** | Tacaíocht do thionscnaimh a bhíonn á n-eagrú ag grúpaí sna margaí nideoige, lena n-áirítear dreasachtaí agus imeachtaí, clubanna gníomhaíochta, cumainn do dhaoine faoi mhíchumas |
| **7. Fógraíocht: Priontáil & Digiteach** | Sosanna sa séasúr ciúin; teaghlaigh bhaile; siúlóidí; rothaíocht; slatiascaireacht agus margaí nideoige eile. |



# Cur i bhFeidhm na Straitéise





## 7.1 Cur i bhFeidhm

Tá i bhfad níos mó i gceist le timpeallacht bhisiúil a chruthú le haghaidh fáis ná earnáil na turasóireachta í féin. Le go n-éireoidh go maith leis an Straitéis Turasóireachta seo braitheann go leor ar an gcreat eagrúcháin atá ann chun í a chur i bhfeidhm, ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara, agus ar na hacmhainní a bheith ar fáil. Tá tábhachtach ag baint le hidirspleáchas na bpáirtithe leasmhara agus Straitéis Turasóireachta á cur ar fáil ag leibhéal an chinn scríbe, agus cé go bhfuil gníomhartha ann a bhféadfadh an t-údarás áitiúil oibriú orthu, tá gníomhartha eile ann nach mbeadh ach páirtithe leasmhara eile chomh maith leis na hearnálacha gnó agus pobail in ann tabhairt fúthu. Ní féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe, as féin, Straitéis Turasóireachta rathúil a chur i gcrích ach is féidir léi ról an-tábhachtach a bheith aici ó thaobh a bheith ag spreagadh, ag comhordú agus ag nascadh an lucht leasa agus na bpáirtithe leasmhara éagsúla.

Nuair a bhíonn comhpháirtíocht agus comhoibriú ar bun ar shraith de ghníomhartha agus de spriocanna comhaontaithe, mar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh, cruthaítear coinníollacha fabhracha a chuidíonn leis an bhfás inbhuanaithe. Déanann tionscal na turasóireachta, an dream is fearr atá in ann iad féin agus a chéile a dhíol, díolacháin dhíreacha ar bhonn gníomhach.

## 7.2 Comhpháirtíochtaí agus Acmhainní Straitéiseacha

Teastaíonn tionscnamh agus ceannaireacht le go n-éireoidh leis an bhforbairt. D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe an Straitéis Turasóireachta seo chun creat a chur ar fáil don turasóireacht agus do thionscal na turasóireachta i nGaillimh sna hocht mbliana atá amach romhainn. Tá ionchur ríthábhachtach le déanamh ag an gComhairle le go dtarlóidh an fhorbairt seo, go háirithe maidir le forbairt a dhéanamh ar bhonneagar, an réimse poiblí i mbailte agus i sráidbhailte a fheabhsú, an comhshaol agus an tírdhreach a chosaint, an treo/an fhís a leagan síos agus an comhordú a dhéanamh. Tá róil rí-thábhachtacha ag na foirne inmheánacha dá cuid atá ag obair i réimsí na hAthghiniúna, na nEalaíon, na hOidhreachta, an Áineasa Lasmuigh agus na gCeantar Bardasach.

Mar sin féin, caithfidh páirtithe leasmhara eile go leor de na tionscadail atá sa Phlean Gnímh mionsonraithe a chur i bhfeidhm - go háirithe earnáil na turasóireachta féin, agus freisin trí chomhpháirtíochtaí idir páirtithe leasmhara agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí maoinithe. Mar a tharlaíonn i gcás contaetha eile, tá go leor comhlachtaí éagsúla a bhfuil ról acu sa turasóireacht i nGaillimh. Ina measc seo tá:

- Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus na Comhairlí Contae in aice láimhe
- Údarás na Gaeltachta
- Coillte
- Uiscebhealaí Éireann
- Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Biúró Choinbhinsiún na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Gnólachtaí fáilteachais, bia agus ceardaíochta
- Earnáil na n-ealaíon
- An Bord Oideachais agus Oiliúna
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil na Gaillimhe
- Líonraí turasóireachta atá ann cheana féin, e.g. Loch Deirgeirt, Conamara agus na hOileáin

Ina theannta sin, tá go leor tionscadal ar siúl faoi láthair leis na comhpháirtithe thuas a chuireann bunús ar fáil le haghaidh tuilleadh comhoibrithe, lena n-áirítear tionscadail tras-Chomhairle amhail Branda na Gaillimhe, Pleananna Forbartha ar Eispéiris do Chuairteoirí, Glasbhealaí, Bealaí Gorma, cosáin eile, agus Geopháirc Lochanna Iarthair Dhúiche Sheoigheach atá beartaithe.

Agus é seo á scríobh, is iad seo a leanas na príomhfhoinsí maoinithe atá ar fáil faoi láthair do thionscadal na turasóireachta, taobh amuigh den infheistíocht ón earnáil phríobháideach, agus tugann an Straitéis an deis cur chuige comhleanúnach a úsáid ina leith seo.

- Maoiniú ón gComhairle
- An Ciste Forbartha Áineasa Tuaithe
- An Ciste Forbartha Bonneagair Tuaithe
- URDF/URDF
- Athnuachan Baile agus Sráidbhaile
- ORIS
- Maoiniú Éire Ildánach
- Scéim na Léiriúchán Beo Áitiúil
- Just Transition
- Leader
- ERDF
- Clár FLAG Bhord Iascaigh Mhara
- Maoiniú ó Fáilte Ireland agus maoiniú eile, de réir mar a bhíonn fáil air, e.g. Bailte Ceann Scríbe Turasóireachta, Athamharc ar Spásanna Uirbeacha, Ardáin Fáis - Clár um Infheistíocht Turasóireachta 2019-2022
- Scéim Tacaíochta don Gheilleagar Oíche



## 7.3 Tomhas

Chomh maith le méid agus luach a thomhas, ba cheart go mbeadh méadracht/tomhais, bunaithe orthu seo a leanas, ag ceann scríbe a bhfuil turasóireachta inbhuanaithe ann:

- Na cuairteoirí, e.g. a leibhéil sástachta, á thomhas trí aiseolas cáilíochtúil trí ardáin agus fóraim ar líne amhail TripAdvisor agus Google
- An pobal, m.sh. inbhuanaitheacht, rannpháirtíocht, sástacht leis an turasóireacht
- An Tionscal, m.sh. inmharthanacht, rannpháirtíocht
- An Timpeallacht. Is réimse é seo a ndéantar monatóireacht air faoi láthair trí mheicníochtaí éagsúla ag leibhéal an Chontae agus ag an leibhéal náisiúnta araon (féach freisin Tuarascálacha ar leithligh SEA/ AA ).Leagtar síos sa Straitéis seo creat trínar féidir gníomhartha turasóireachta a cheangal go díreach leis na meicníochtaí sin, d'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh an fhorbairt agus an mhargaíocht timpeallacht Chontae na Gaillimhe a chosaint agus a chur chun cinn agus nach gcuirfear tuilleadh brú ar an mbainistíocht dramhaíola, ar chaighdeán an uisce ná ar an mbithéagsúlacht, áit a bhfuil fadhbanna aitheanta. Ós rud é go bhfuil Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe fós ar an bpríomhchreat maidir le húsáid na talún agus an phleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha nua, d'fhéadfaí go leor de na cuspóirí inbhuanaitheachta agus comhshaoil seo a bhaint amach ach na bearta atá cheana féin sa CDP agus sa LECP maidir le cosaint an chomhshaoil agus leis an turasóireacht a chur i bhfeidhm.

I bhfianaise na laigí atá aitheanta cheana féin i staitisticí oifigiúla náisiúnta, moltar go ndéanfaí iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le suirbhéanna breise a bhunú don tionscail agus do chuairteoirí. D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh:

**Suirbhé ar áitíocht chóiríochta:** D'fhéadfaí é seo a leagan amach mar thairseach rúnda ar líne, áit a mbeadh gnólachtaí in ann eolas i dtaobh acmhainneacht maidir le seomraí agus leapacha agus ó thaobh áitíochta a chur isteach go héasca. D'fhéadfaí eolas a bhailiú maidir le méadrachtaí breise a bhaineann leis na príomh-mhargaidh as ar tháinig na cuairteoirí agus comhdhéanamh an ghrúpa. Mar sin féin, ba cheart go gcoinneofaí an suirbhé simplí agus an-ghairid le go mbeadh níos mó daoine páirteach ann.

**Suirbhé d'ionaid spéise na gcuairteoirí:** Bheadh sé seo cosúil leis an gceann thuas ach é dírithe ar an earnáil atá ag plé leis na hionaid spéise do chuairteoirí.

**Suirbhé do chuairteoirí:** D'fhonn aiseolas pearsanta a fháil ó chuairteoirí a thagann go dtí an Contae, chuirfeadh suirbhé sa bhuaicshéasúr ag na príomhshuíomhanna a dtagann neart turasóirí chucu eolas luachmhar ar fáil maidir le leibhéil sástachta, iompar le linn saoire agus ábhair spéise.

B'fhéidir go bhféadfaí na suirbhéanna thuas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal. Chabhródh suirbhé bliantúil ar an tionscal freisin le haon fhadhbanna chomh maith le deiseanna a aithint, agus bheadh sé ina chuidiú ó thaobh díriú isteach ar ghníomhaíochtaí na bliana dár gcionn.

Ina theannta sin, déanfaidh Turasóireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe monatóireacht ar staidéir réigiúnacha ábhartha agus aithneoidh sé iad, amhail an tionscadal atá ar bun faoi láthair ag an Roinn Oidhreachta & Turasóireachta, Teangacha & Daonnachtaí i Scoil Óstán Idirnáisiúnta na Gaillimhe, ATU.

Beidh athbhreithniú feidhmíochta agus measúnú ar thorthaí mar chuid rialta den ghníomhaíocht réamhbhreathnaitheach agus iad bunaithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta aitheanta. Baineann an tomhas inmheánach seo leis an mbainistiú inmheánach taobh istigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus beidh sé ina chuid de chórais mhonatóireachta agus tomhais na Comhairle féin.



## 7.4 Tosca atá an-Tábhachtach don Rath

Agus é ag tabhairt faoin bpróiseas forbartha turasóireachta, tá deis ag Contae na Gaillimhe díriú ar a láidreachtaí agus é féin a chur sa suíomh go bhfuil sé feiceálach agus tarraingteach sa mhargadh. Tá deiseanna suntasacha ag an gContae agus má dhírítear fuinneamh agus acmhainní i dtreo roinnt príomhthosaíochtaí, mar atá leagtha amach sa Straitéis, is féidir leis an gContae buntáiste a bhaint as gach rud a chuireann an turasóireacht inbhuanaithe ar fáil dó mar cheann scríbe, atá ina ceann scríbe tuaithe go bunúsach.

Mar a dúradh cheana, bíonn lear mór páirtithe leasmhara éagsúla páirteach agus eispéireas turasóireachta, ar ardchaighdeán, a mhairfidh sa chuimhne, á chur ar fáil. Mar gheall air sin, le go mbeidh dea-thoradh air tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí bainistiú éifeachtach ar chur i bhfeidhm na Straitéise Turasóireachta, lena n-áirítear comhordú na bpríomhpháirtithe leasmhara. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh páirt ghníomhach ag na gcomhpháirtithe sainaitheanta atá maoinithe.

Gné eile atá ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an Straitéis is ea go gcuirfí na hacmhainní a theastaíonn ó thaobh foirne agus buiséad ar fáil. Treisíonn sé seo deiseanna a bhaineann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha - mar shampla le Fáilte Ireland, Údarás na  Gaeltachta, Uiscebhealaí Éireann, Coillte, Bord na Móna, NPWS agus Oifig na nOibreacha Poiblí  - chomh maith leis na deiseanna a thugann cláir mhaoinithe éagsúla. Sa chomhthéacs seo, bheadh uaillmhian níos fadtéarmaí ann a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr rialachais na turasóireachta taobh istigh den Chontae le go mbeadh tuilleadh maoinithe ann di.

Toisc eile atá ríthábhachtach le go mbeidh dea-thoradh ann is ea go nglacfaí go hiomlán leis an inbhuanaitheacht mar modus operandi don cheann scríbe - lena n-áirítear bearta a bhaineann le ceann scríbe a bhainistiú, leis an tionscal agus le cuairteoirí. Is féidir é seo a chur chun cinn ar an gcéad dul síos trí ghrúpa oibre tiomnaithe a bhunú a thiocfadh ar an gcur chuige is fearr mar a bhaineann le caighdeáin agus cleachtais inbhuanaitheachta a leabú.

Mar fhocal scoir, mura mbíonn an tionscal agus an pobal páirteach ag iarraidh an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna atá léirithe sa Straitéis seo, ní fhásfaidh ná ní fhorbróidh an Contae mar cheann scríbe turasóireachta atá rathúil agus inbhuanaithe. Is éard atá i gceist le seachadadh na turasóireachta ná iarracht chomhoibríoch óna dteastaíonn rannpháirtíocht ag gach leibhéal agus i ngach ceantar.





# AGUISÍN



## A8.1 Plean Gnímh38

### Gluais

| | |
|---|---|
| **CGCC** | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| **FI** | Fáilte Ireland |
| **ÚG** | Údarás na Gaeltachta |
| **WI** | Uiscebhealaí Éireann |
| **NPWS** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **LEO** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **G City** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **MCC** | Comhairle Contae Mhaigh Eo |
| **CCC** | Comhairle Contae an Chláir |
| **RCC** | Comhairle Contae Ros Comáin |
| **TCC** | Comhairle Contae Thiobraid Árann |
| **OCC** | Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| **VEDP** | Plean Forbartha Eispéireas do Chuairteoirí |
| **DEDP** | Plean Forbartha maidir le Ceann Scríbe agus Eispéireas |
| **IHH** | Croíthailte Ceilte na hÉireann |
| **WAW** | Bealach an Atlantaigh Fhiáin |
| **ATU** | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| **CDP** | Plean Forbartha an Chontae |
| **JCWL** | Lochanna Iarthair Dhúiche Sheoigheach |
| **CGCA** | Cósta Gaelach Chonamara agus Árann |
| **CAITN** | Líonra Turasóireachta Oileáin Árann agus Chonamara |

## Téama Straitéiseach 1: Ceann Scríbe a Bhainistiú

**Sprioc Ardleibhéil 1:** Forbairt inbhuanaithe na turasóireachta ar fud Chontae na Gaillimhe a fheabhsú, na deiseanna atá ar fáil a uasmhéadú trí fheabhas a chur ar an gcomhordú agus idirghabháil chaolchúiseach a éascú de réir na dtréithe áitiúla.

### Cuspóir 1: Feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an mbainistíocht, lena n-áirítear tacú leis an gcomhoibriú le tionscal na turasóireachta

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.1 Grúpa oibre a bhunú le comhpháirtithe straitéiseacha ar mhaithe le maoirseacht a dhéanamh ar an obair chomhoibritheach ar fud an Chontae, lena n-áirítear an Straitéis Turasóireachta. | Tá gá le grúpa oibre ag ardleibhéal a thabharfaidh le chéile comhpháirtithe sinsearacha taobh istigh de CCG chomh maith le comhpháirtithe straitéiseacha seachtracha. | GCC; FI; WI; ÚG;<br>Coillte; NPWS; OPW; LEO | É a bhunú sa ghearrthéarma agus teacht le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad, i rith shaolré na Straitéise. | Gníomhartha na Straitéise Turasóireachta a rianú agus a bheith in ann dul in oiriúint do chúinsí atá ag athrú agus do na dúshláin dhomhanda.<br>Cláir oibre a ailíniú ag an leibhéal straitéiseach. | Grúpa Oibre a bhunú agus a scóip a chomhaontú.<br>Ar a laghad dhá chruinniú in aghaidh na bliana. |
| 1.2 Comhoibriú le húdaráis áitiúla in aice láimhe (féach thuas freisin). | VEDP Bhoirne, VEDP Loch Deirgeirt agus Máistirphlean Turasóireachta Bhealach Bheara Bréifne agus na Sionainne a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, chomh maith le -Comhordú seasta a dhéanamh ar thionscadail amhail forbairt/bainistiú ar chosáin. (Féach freisin thíos moltaí a bhaineann le ceantair ar leith, m.sh. Oileáin Árann agus Loch Coirib). | GCC; G City; MCC; CCC; RCC; TCC; OCC | An chéad chumarsáid taobh istigh de mhí ón am a nglacfar leis an Straitéis.<br>Go leanúnach ina dhiaidh sin. | Cláir oibre a ailíniú thar theorainneach an chontae.<br>Úsáid éifeachtach as acmhainní | Cumarsáid le hOifigigh Turasóireachta agus an Straitéis Turasóireachta a roinnt.<br>Clár oibre maidir le gníomhartha réigiúnacha coiteanna comhaontaithe.<br>KPIanna bliantúla a aontú. |
| 1.3 Acmhainní a chur ar fáil don fheidhm / A chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun an straitéis a chur ar fáil. | Teastaíonn foireann turasóireachta thiomanta chun cur i bhfeidhm na Straitéise Turasóireachta a threorú agus a chomhordú agus oibriú leis na comhpháirtithe ar fad chun an straitéis a chur ar fáil (go hinmheánach agus go seachtrach). | GCC | Meántéarma | Acmhainní a mhéadú ó bhonnlíne na bliana 2022.<br>Pleananna gnímh a chur ar fáil go héifeachtúil agus go tráthúil | Oifigeach agus foireann tacaíochta a cheapadh.<br>Buiséad méadaithe.<br>KPIanna na Straitéise Turasóireachta a chur i bhfeidhm. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 1.4 Leanúint ar aghaidh ag seachadadh Ghlasbhealaí Bhaile Átha Luain-na Gaillimhe agus Chonamara, agus na VEDPanna, na Máistirphleananna agus na pleananna forbartha leis na líonraí/foirne turasóireachta atá ann cheana féin agus criosanna níos leithne a thabhairt isteach nuair a bhíonn an deis ann. | Ba cheart go leanfadh an obair ar na Glasbhealaí atá ag dul ó neart go neart ar aghaidh, chomh maith leis an obair le líonraí agus le foirne atá ann cheana féin, e.g. Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne, Máistirphlean Bhealach Bheara Bhréifne, VEDPanna, CAITN, Foirne Baile agus grúpaí turasóireachta pobail. De réir mar a dhéanfar athbhreithniú ar phleananna atá ann cheana féin agus nuair a fhorbrófar DEDPanna nua, ba cheart na criosanna níos leithne a chomhtháthú (féach 1.5 thíos). | GCC; FI; na comhph-áirtithe ar fad | Ar bhonn leanúnach | Feabhas ar an mbonneagar agus ar eispéireas na gcuairteoirí ar fud an Chontae.<br>Méadú ar líon na gcuairteoirí ar fud an Chontae, go háirithe chuig áiteanna nach bhfaigheann an oiread sin cuairteoirí. | Seachadadh na KPIanna a shainaithnítear laistigh de phleananna atá ann cheana.<br>KPIanna breise ar an leibhéal áitiúil le |
| 1.5 Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail agus ar phleananna turasóireachta atá ann cheana (1.4 thuas) d'fhonn gníomhartha/ ionaid nach bhfuil comhtháite faoi láthair a aithint (féach thíos gníomhartha ar leith do na Criosanna) | Tá ceantair taobh istigh den Chontae nach bhfuil ag baint buntáiste faoi láthair as VEDP comhtháite agus cé go bhfuil DEDP nua, a chuimseoidh oirthear na Gaillimhe, molta do 2023 beidh ceantair fós nach mbeidh clúdaithe. Tá gá le hathbhreithniú cuimsitheach ar na ceantair sin agus le huaillmhian fhadtéarmach d'fhonn iad a chomhtháthú i dtionscnaimh atá ann cheana agus / nó i dtionscnaimh nua níos leithne. | GCC; FI; líonraí/ foirne atá ann cheana. | Gearrthéarma go meántéarma | Comhtháthú níos fearr ar fhorbairt agus ar chur chun cinn na turasóireachta. Úsáid éifeachtach as acmhainní. | Gníomhartha agus suíomhanna a shainaithint le go ndéanfar iad a chomhtháthú. |
| 1.6 Tacú le grúpaí pobail maidir le bearta a leagann béim ar dheiseanna d'fhorbairt turasóireachta, lena n-áirítear an oidhreacht agus an bhithéagsúlacht. | Leanfar de bheith ag tabhairt tacaíochta do ghrúpaí pobail, áit a bhfuil fianaise ann go bhfuil na tionscadail atá i gceist bunaithe ar an inbhuanaitheacht agus gur féidir iad a chomhtháthú i gceantair tíreolaíochta/i dtionscnamh níos leithne a d'fhéadfadh cabhrú leo. | Grúpaí pobail áitiúla; GCC | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas níos fearr do chuairteoirí ag an leibhéal áitiúil. | KPIanna le haithint i gcás gach tionscadal. |

**Cuspóir 2: An inbhuanaitheacht a leabú laistigh den turasóireacht atá ar fáil i gContae na Gaillimhe trí oibriú le Fáilte Ireland agus leis an tionscal**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 Tacaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht an chomhshaoil le linn do na gníomhartha ar fad a bheith á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm. | Ba cheart go mbeadh gach plean, gach clár agus gach tionscadal a bhaineann leis an Straitéis ag cloí leis na caighdeáin is airde ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbeadh na dualgais ar fad a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an éiceolaíocht á gcomhlíonadh, ina measc na riachtanais atá bainteach leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga. Ba cheart go gcuirfeadh na Cinn Scríbe turasóireachta rompu cloí leis na prionsabail a bhaineann le Ná fág Rian. | GCC; gach comhpháirtí, lena n-áirítear an tionscadal agus na pobail. | Ar bhonn leanúnach | Meas léirithe ar an gcomhshaol,é a cosaint agus a fheabhsú. | Na méadrachtaí comhshaoil atá mar chuid den CDP agus meicníochtaí reachtúla eile. |
| 2.2 Oibriú le Fáilte Ireland d'fhonn cabhrú le caighdeáin agus cleachtais na hinbhuanaitheachta a leabú sa turasóireacht. | I ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, dualgais an Rialtais faoi Chomhaontú Pháras agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2021, caithfear a chinntiú go mbeidh an turasóireacht ag éirí níos inbhuanaithe an t-am ar fad. Tá sraith de thionscnaimh aitheanta i Straitéis Forbartha Turasóireachta Fáilte Ireland do na Réigiúin agus tacóidh GCC leo seo agus déanfaidh sé ailíniú leo. | FI; GCC; Tionscal na Turasóireachta. | Meántéarma go fadtéarma | Caighdeáin agus cleachtais inbhuanaithe a leabú i ngach cuid d'earnáil na turasóireachta | KPI a aontú nuair a bheidh cur chuige forbartha ag FI. |
| 2.3 Oibriú le Fáilte Ireland ar mhaithe le clár inbhuanaitheachta na hÉireann a chur i bhfeidhm, céim ar chéim. | Beidh an oiliúint agus an chumarsáid ábhartha ag teastáil ón gclár. | FI; GCC; Earnáil na Turasóireachta | Meántéarma go fadtéarma | Caighdeáin agus cleachtais inbhuanaithe a leabú i ngach cuid de thionscadal na turasóireachta. | KPIanna le haontú nuair a bheidh cur chuige forbartha ag FI. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.4 Comhaireamh tráchta a bheith ar siúl go séasúrach /athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaireamh tráchta ar na príomhbhealaí trí Chonamara agus trí Bhoirinn na Gaillimhe. | Is gá bunús a chur leis an bhfianaise shuibiachtúil a mhaíonn gur gá bainistiú a dhéanamh ar na turais busanna le linn an ardséasúir in áiteanna a mbíonn an- tóir orthu. | GCC | Meántéarma | Bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an trácht séasúrach. | Athbhreithniú déanta. Gníomhartha comhaontaithe. |
| 2.5 Oibriú le comhpháirtithe chun ionaid luchtaithe EV a bhunú, mar chabhair do thurasóirí a bhíonn ag taiscéalaíocht ar fud an Chontae i bhfeithiclí leictreacha agus Straitéis EV a fhorbairt. | Tá níos mó éilimh ar luchtóirí leictreacha do na feithiclí éagsúla a bhíonn in úsáid ag turasóirí, ina measc carranna, RVanna agus rothair.<br>Straitéis Chontae na Gaillimhe i dtaca le EVanna bheith ag teacht leis na straitéisí atá / a bheidh aitheanta ag Fáilte Ireland, ag WI agus ag páirtithe leasmhara eile | GCC; FI; WI; Coillte; NPWS; OPW | Meántéarma go fadtéarma | Líonra d'ionaid luchtaithe EV bunaithe ar fud an Chontae. | Na chéad chainteanna a reáchtáladh.<br>An cur chuige agus an plean aontaithe.<br>Forbairt ar na suíomhanna. |

**Cuspóir 3: A chinntiú go bhfuil córas monatóireachta agus tomhais atá éifeachtach i bhfeidhm, chun cur i bhfeidhm na Straitéise a rianú**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 Pleananna gnímh a fhorbairt faoi dhó sa bhliain a bheadh ailínithe le próiseas / le hamlínte an Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil | Córais agus KPIanna a fhorbairt do GCC.<br>Úsáid a bhaint as líonraí atá ann cheana. | GCC | Ar bhonn leanúnach | Pleananna gnímh mionsonraithe 2 bhliain, athbhreithnithe gach bliain | Pleananna 2 bhliain aontaithe.<br>Athbhreithnithe bliantúla curtha i gcrích. |
| 3.2 Athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis | Toisc gur Straitéis fhadtréimhseach í an Straitéis seo, teastaíonn athbhreithniú bliantúil a dhéanamh go rialta ar na gníomhartha agus ar na torthaí. Ba chóir é seo a fhorlíonadh le hathbhreithniú eatramhach níos déine a chuirfeadh san áireamh freisin aon athrú suntasach a thiocfadh ar thimpeallacht ginearálta an mhargaidh. | GCC | Athbhreithniú meántéarma | Measúnú ar ghníomhartha agus athbhreithniú nuair is cuí | Athbhreithniú curtha i gcrích. Plean gnímh bunaithe ar na hathbhreithnithe forbartha· |
| 3.3 Tásc-chóras Turasóireachta na hEorpa a chríochnú, i gcomhar le ATU. | Tá múnla an ETIS aontaithe ag leibhéal na hEorpa agus úsáidtear go forleathan é san AE chun an turasóireacht inbhuanaithe i gcinn scríbe éagsúla a thomhas. Tá an múnla á úsáid ag an ATU faoi láthair ar thrí Oileán Árann, agus cuirfidh an t-aschur bonn eolais faoi chúinsí pleanála amach anseo do GCC agus do pháirtithe leasmhara eile. D'fheadfaí an múnla a leathnú go dtí an contae ar fad agus tacú lena úsáid ar bhonn bliantúil chun an anailís fhadtéarmach agus an phleanáil fhadtéarmach a éascú.- féach freisin 3.4. | ATU; GCC | Gearrthéarma agus go leanúnach ina dhiaidh sin má chuirtear i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne é. | Tuiscint níos fearr ar phatrúin na turasóireachta ar na hoileáin atá amach ón gcósta | ETIS<br>Curtha i gcrích. Comhaontú maidir le rolladh amach breise, más cuí.<br>KPIanna breise le haontú. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 3.4 Meicníochtaí nua a bhunú le monatóireacht agus tomhas a dhéanamh. | Oibriú le Fáilte Ireland agus le ATU (nó le hinstitiúidí tríú leibhéal eile) chun teacht ar mhúnla comhaontaithe a dhéanfadh gníomhú na turasóireachta agus an inbhuanaitheacht a thomhas agus monatóireacht bhliantúil a dhéanamh ar ghníomhú na turasóireachta agus ar inbhuanaitheacht na turasóireacht. Is iad na príomhréimsí a ndíreofar orthu ná acmhainneacht cóiríochta agus áitíochta, dearcadh agus sástacht na gcuairteoirí, tionchar ar an gcomhshaol, lorg carbóin a thomhas, an tionchar ar na pobail, agus suirbhé fiontraíochta. (Féach freisin 3.3). | GCC; FI; institiúid tríú leibhéal; an tionscal | Meántéarma | Tuiscint níos fearr ar threochtaí na turasóireachta sa Chontae. | Plé déanta.<br>Cur chuige aontaithe agus na huirlisí tomhais i bhfeidhm.<br>Ráta freagartha. |

**Cuspóir 4: Eispéireas na gcuairteoirí a fheabhsú trí thionscadail leanúnacha a bhaineann le treoshuíomh agus le nascacht**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.1 Oibriú le Fáilte Ireland le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras iompair idir na príomhbhailte sa chrios, na bailte máguaird agus na hionaid a mheallann turasóirí chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar na córais iompair go dtí na hoileáin agus idir na hoileáin. Rogha 'páirceáil agus taistil' a thabhairt isteach ar bhonn píolótach sa bhuaicshéasúr sna háiteanna is mó a bhíonn tóir orthu. | Comhoibriú le Fáilte Ireland agus le tionscnaimh de chuid Active Travel d'fhonn a chinntiú go mbeidh an turasóireacht fite fuaite leis na fo-straitéisí do na príomhbhailte agus na sráidbhailte a bhaineann le cúrsaí iompair, an bhainistíocht thráchta, an rothaíocht agus an siúl. (tagairt CDP, Aguisín 3). Bailte / sráidbhailte eile a bheith san áireamh, más gá, agus féachaint ar chúrsaí taistil chuig na hoileáin agus idir na hoileáin freisin.<br><br>Tionscnaimh phíolótacha sa bhuaicshéasúr. A chinntiú go mbeidh siad seo comhtháite leis na cuspóirí sa Straitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí a bhaineann leis an gcórais iompair áitiúla. | GCC; FI; an tionscadal | Ar bhonn leanúnach | Nach mbeadh an oiread céanna carranna á n-úsáid ag turasóirí agus go mbeadh feabhas ar an gceangal idir na bailte, na sráidbhailte, na hoileáin agus na príomhshuíomhanna. | Athbhreithniú curtha i gcrích.<br><br>Tionscnaimh aitheanta.<br><br>Tuilleadh KPIanna aitheanta le haghaidh tionscnaimh ar leith. |
| 4.2 Oibriú le Fáilte Ireland le teacht ar chur chuige ciallmhar maidir leis an gcomharthaíocht agus leis na bealaí turasóireachta ar fad sa Chontae, ag díriú go háirithe ar chriosanna baile. | De bharr go bhfuil an oiread sin gníomhaireachtaí agus grúpaí pobail ag plé leis an turasóireacht agus le caitheamh aimsire, tá go leor cineálacha comharthaíochta agus brandaí ann, go háirithe sna ceantair sin sa chontae is mó atá dírithe ar an turasóireacht. Is gá iad seo a chóiriú mar is cuí le go mbeidh teachtaireachtaí ciallmhara á dtabhairt. | FI; GCC; gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile. | Gearrthéarma go meántéarma | An chomharthaíocht agus an t-eolas a chur i láthair ar bhealach níos fearr do chuairteoirí agus ar bhealach níos aontaithe ar fud an Chontae. | Cur chuige aontaithe.<br><br>Athbhreithniú déanta.<br><br>Na gníomhartha a thiocfaidh ina dhiaidh seo aontaithe. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar an gceangal atá ag Glasbhealaí, na Bealaí Gorma agus Bealach Bheara Bhréifne agus cosáin eile le bailte agus sráidbhailte feadh na mbealaí. | Tá go leor infheistíocht shuntasach déanta sa Ghlasbhealach idir Gaillimh agus Baile Átha Luain, i nGlasbhealach Chonamara, i mBealach Bheara Bhréifne, i nGormbhealach Loch Deirgeirt agus i gcosáin éagsúla ar fud an Chontae. Le go mbainfear an oiread tairbhe agus is féidir astu seo ó thaobh an gheilleagair de, is gá a chinntiú go mbeidh na bailte agus na sráidbhailte sa cheantar ceangailte isteach go maith ó thaobh na comharthaíochta, na páirceála de agus iad ceangailte go fisiciúil nuair is féidir. Is gá athbhreithniú a dhéanamh chun bailte agus sráidbhailte tábhachtacha ar na bealaí (sporbhealaí san áireamh) a nascadh le comhpháirtithe straitéiseacha le haghaidh clár nascachta. (nóta: Dírítear isteach ar na cosáin ar na Bealaí Gorma agus ar na tionscnaimh a bhaineann leo i VEDP Mháistirphlean na Sionainne agus Loch Deirgeirt) | FI; GCC; Coillte, NPWS; WI | Gearrthéarma agus ar bhonn leanúnach | Líonra na gcosán a cheangal isteach leis na bailte, leis na sráidbhailte agus leis na príomhláithreáin le go mbeidh éispéiris níos fearr ag na cuairteoirí agus go mbainfidh pobal an cheantair an oiread tairbhe agus is féidir as an teacht isteach | Athbhreithniú curtha i gcrích.<br>Gníomhartha aontaithe. |
| 4.4 Tacú le Fáilte Ireland maidir le Cosán nua a chur ar fáil ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin | Moltar sa nDréachtStraitéis Forbartha Turasóireachta Réigiúnaí do Bhealach an Atlantaigh Fhiáin go ndéanfaí Cosán nua Cósta agus tionscnaimh eile atá beartaithe a fhorbairt leis na cosáin atá cheana féin feadh an chósta a uasghrádú agus a fheabhsú. | FI; GCC; an tionscadal agus na pobail áitiúla. | Meántéarma go fadtéarma | Spreagadh a thabhairt feadh an chósta don turasóireacht níos moille agus an cineál turasóireachta nach mbraitheann ar charr. | Le bheith aontaithe nuair a bheidh plean FÉ forbartha |
| 4.4 Tacaíocht Fáilte Éireann chun Cosán Cósta a sheachadadh ar Slí an Atlantaigh Fhiáin | Tá Cosán Cósta nua beartaithe san dréacht Straitéis Réigiúnach d'Forbairt Turasóireachta do Shlí an Atlantaigh Fhiáin a d'fhágfadh go mbeadh beartaithe uasghrádú agus feabhsú a dhéanamh ar chosáin chósta atá ann cheana agus tionscnaimh eile a fhorbairt. | FI; GCC; an tionscadal agus na pobail áitiúla. | Meántéarma go fadtéarma | Spreagadh do thurasóireacht níos moille agus neamhcharanna ar an gcósta | Le comhaontú i gcomhairle le FI trí forbairt an plean seo |

**Cuspóir 5: Feabhas a chur ar an Rochtain Uilíoch do Thurasóirí sa Chontae**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.1 Oibriú le Fáilte Ireland chun rochtain do chách ar eispéiris turasóireachta ar fud an chontae a athbhreithniú agus a fheabhsú. | Baineann an gníomh seo leis na nithe seo a leanas:<br>- Fáil a bheith ar chóiríocht, ar nithe a bheadh ina ndíol spéise do chuairteoirí, ar bhia, ar chosáin agus ar bhealaí chuig an uisce agus ar sholáthraithe a chuireann eispéiris faoin aer ar fáil. Cé nach féidir gach láthair uisce a fhorbairt le go mbeidh teacht ag gach uile dhuine air, is gá roinnt pointí rochtana ar an bhfarraige, ar aibhneacha agus ar locha a roghnú ar fud an Chontae le forbairt a dhéanamh orthu. Maidir leis na tránna, is samplaí maithe iad Cinn Mhara agus Indreabhán.<br>- Scéim a bhunú chun inrochtaineacht a fheabhsú nuair is gá agus a chinntiú go mbíonn liosta ar líne de na suíomhanna/ na táirgí/na heispéiris turasóireachta a bhfuil teacht ag gach duine orthu.<br>- Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch le húsáid i gcláir Athghiniúna agus MD. | FI; GCC; an tionscal; na pobail áitiúla | Meántéarma | Tuilleadh rochtana do na cuairteoirí a bhfuil cumais éagsúla acu. | Athbhreithniú curtha i gcrích.<br>Gníomhartha aontaithe.<br>Méadrachtaí sonracha le bunú a bhainfidh leis an méid áiseanna lán-inrochtana a bhfuil fáil orthu. |

**Cuspóir 6: An Fháilte a chuirtear roimh chuairteoirí a fheabhsú**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 6.1 Oibriú le Fáilte Ireland chun athbhreithniú a dhéanamh ar eispéireas na gcuairteoirí agus ar chaighdeán gach a bhfuil á thairiscint i ngach príomhbhaile. | Is príomhchuspóir é *Tús Áite do Lár an Bhaile*. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfáilte a chuirtear roimh chuairteoirí i mbailte agus i sráidbhailte, agus tagairt á dhéanamh don sraith straitéisí atá in *Bailte Ceann Scríbe Turasóireachta*. Ba chóir go gcuirfí na nithe seo a leanas san áireamh:<br>- cur chuige comhoibríoch i gcás tionscadail athghiniúna, agus an fháilte a chuirtear roimh an gcuairteoir mar phríomhcholún den fhorbairt gheilleagrach;<br>- comhtháthú le tionscadail atá bunaithe cheana féin, m.sh. Béal Átha na Sluaighe, Tuaim<br>- comharthaíocht, eolas an tslí agus treoshuíomh;<br>- cosáin a nascadh le lár na mbailte, le caitheamh aimsire agus le suíomhanna atá spéisiúil ó thaobh na staire de;<br>- deiseanna cóiríochta solúbtha sna bailte tuaithe e.g. glampáil, múnla cóiríochta scaipthe;<br>- áiseanna RV gar do lár na mbailte;<br>- Scéimeanna Feabhsúcháin do Lár na mBailte;<br>- tacú le háiteanna cruthaitheacha / leis an gcruthaitheacht i mbailte. | GCC; FI; líonraí/ foirne atá ar an bhfód cheana | Gearrtéarma go meántéarma | Feabhas ar an gcaoi a mbreathnaíonn na bailte agus na sráidbhailte chomh maith le feabhas a bheith ar na heispéiris a chuirtear ar fáil iontu. | Athbhreithniú curtha i gcrích. Gníomhartha comhaontaithe.<br>KPIanna sonracha le haontú, bunaithe ar na gníomhartha a sainaithníodh. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 6.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil sna príomhionaid maidir le leithris phoiblí, páirceáil, cithfholcadáin agus scairdeáin uisce agus plean a leagan amach a dhíreoidh ar aon bhearnaí a líonadh. | A chinntiú go bhfuil neart seirbhísí poiblí ar fáil, rud atá ríthábhachtach ó thaobh fáilte a chur roimh thurasóirí | GCC | Gearrtéarma go meántéarma | Na seirbhísí riachtanacha ar fáil sna príomhionaid | Athbhreithniú curtha i gcrích. Gníomhartha comhaontaithe i gcás láithreacha ar leith. |
| 6.3 Staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhainfeadh le huasghrádú a dhéanamh ar eispéireas na gcuairteoirí ag na príomhionaid, lena n-áirítear táirgí áitiúla a bheith á gcur chun cinn agus á ndíol. | Bhainfeadh go leor de na láithreáin áineasa agus fóillíochta sa chontae tairbhe as infheistíocht chéad chéime eile i soláthar cumhachta lasmuigh, i scéimeanna soilsithe atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de agus i spásanna do thobsholáthraithe fáilteachais. Thabharfadh an infheistíocht seo ardú céime do na hionaid a bhraitheann ar thaitneamh a bheith á bhaint as an tírdhreach, le go mbeidís ina gcinn scríbe fóillíochta. D'fhéadfadh Fodhlíthe atá ann faoi láthair constaicí a chruthú maidir leis seo agus ba cheart féachaint le teacht ar réitigh eile nuair is féidir e.g. oibriú le húinéirí talún a chuirfeadh spásanna oiriúnacha ar fáil. | GCC; FI; Coillte; NPWS; líonraí/ foirne atá ann cheana | Meántéarma go fadtéarma | Méadú ar líon na gcuairteoirí, cur leis an tréimse a fhanann siad agus deiseanna do ghnólachtaí beaga ag príomhionaid. | Láithreáin oiriúnacha aitheanta. Idirghabháil aontaithe agus ar bun. |

**Cuspóir 7: Na deiseanna a uasmhéadú agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le CRIOS 1 (Oirdheisceart na Gaillimhe, i gCroíthailte Ceilte na hÉireann)**

Nóta: Tá gníomhartha breise a bhaineann leis na Criosanna istigh i gCuspóirí 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 7.1 Tacú go háitiúil le cur i bhfeidhm na gcuspóirí atá i Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne agus i VEDP Loch Deirgeirt. | Áirítear leis an ngníomh seo leanúint ar aghaidh ag cur acmhainní ar fáil do chomhpháirtíocht Cheann Scríbe Loch Deirgeirt agus a bheith ag obair leo; gníomhartha comhoibríocha a chur chun cinn le páirtithe leasmhara i bPort Omna; agus gníomhartha eile a bhaineann leis an gcuid seo den tSionainn a chur i bhfeidhm.<br>Áiritear leis seo freisin comhoibriú le OCC agus le WI i dtaca le Beannchar a fhorbairt mar mhol agus cosáin a fhorbairt sa cheantar i gcoitinne, Droichead Mhílic san áireamh. Féach freisin 1.5. | WI; FI; GCC; / TCC; CCC; OCC;<br>Ceann Scríbe Loch Deirgeirt; Coillte; tionscadal an cheantair. | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas na gcuairteoirí feabhsaithe feadh na Sionainne agus ag Loch Deirgeirt | Foireann baile bunaithe i bPort Omna. KPIanna eile de réir STM agus VEDP. Athbhreithniú lár téarma déanta. |
| 7.2 Leanúint ar aghaidh ag cur thionscadail Phort Omna i bhfeidhm faoi na comhpháirtíochtaí straitéiseacha. | Agus béim ar Phort Omna mar mhol do cheantar níos leithne atá níos faide ó bhaile ná Loch Deirgeirt agus an tSionainn, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhtháthú le cosáin, bailte agus sráidbhailte atá ann cheana féin agus atá a bhforbairt agus go mór leis an gceantar tuaithe atá ó thuaidh agus taobh thiar de.<br>Leanfar leis na cruinnithe comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí i bPort Omna. | GCC; FI; WI;<br>OPW;Coillte; Cumann Tráchtála Phort Omna; IFI | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas na gcuairteoirí fheabhsaithe i bPort Omna. | Tionscadail a bhí aontaithe curtha ar fáil.<br>Ardú ar líon na gcuairteoirí. |

**Objective 8: Addressing specific needs and opportunities in Zone 2 (South West Galway, in the Wild Atlantic Way)**

Note: Additional actions relating to the Zones are embedded in Objectives 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 8.1 Na deiseanna a thapú an oiread agus is féidir le comhordú a dhéanamh le VEDP Bhoirne agus le pleananna forbartha don réigiún amach anseo. | Go dtí seo, is le Co. an Chláir is mó a samhlaíodh an Bhoirinn ach tá deis ann tógáil ar an bhfuinneamh atá ann cheana féin i nGort agus i bPáirc na Cúile chun Crios 2 a fhorbairt ar bhealach níos iomláine mar limistéar tairsí. Bheadh Boirinn an Chláir á ceangal ansin le Contae na Gaillimhe agus freastal á dhéanamh ar chuairteoirí a bhíonn ag taisteal ó thuaidh agus ó dheas ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. | GCC; FI; CCC; NPWS; an tionscadal | Ar bhonn leanúnach | Comhoibriú níos fearr ar fud cheantar Bhoirne i gcoitinne, agus níos mó eolais i dtaobh cheantair Bhoirne atá taobh istigh de Chontae na Gaillimhe. | Féach 1.5 |
| 8.2 Tacú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta ar mhaithe le cur chuige straitéiseach a fhorbairt maidir le láithreáin sa Chrios agus pobail leasa/grúpaí oidhreachta áitiúla á gcur san áireamh. | Tá láithreáin ar leith taobh istigh de Chrios 2 a bhféadfaí iad a fheabhsú go straitéiseach agus a nascadh le bailte ar leith. I measc na dtéamaí láidre don cheann scríbe seo tá an oidhreacht, na caisleáin, an bhithéagsúlacht, an Bhoirinn /an gheolaíocht. Ba chóir iad seo a nascadh le 8.1 de bharr go dtugann cur chuige an VEDP/DEDP cur chuige níos aontaithe dúinn mar a bhaineann leis an bhforbairt ar an turasóireacht áitiúil. | OPW; GCC; FI | Meántéarma go fadtéarma | An oidhreacht atá sa cheantar curtha i láthair níos fearr. Méadú ar líon na gcuairteoirí | KPIanna le haontú tar éis plé le príomhpháirtithe leasmhara |
| 8.3 Tacú le NPWS seirbhísí agus áiseanna inbhuanaithe cuairteoirí a fhorbairt i bPáirc na Cúile. | Tá Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta forbartha ag an NPWS, in éineacht le Fáilte Ireland, dá bPáirceanna Náisiúnta agus do Pháirc na Cúile, ina dtugtar breac-chuntas ar an gcreat léirmhínithe don suíomh seo. Tacaíonn an doiciméad seo le heispéiris níos fearr do chuairteoirí i bPáirc na Cúile, agus é mar aidhm aige an suíomh a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta den scoth. | NPWS; GCC; FI | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas do chuairteoirí fheabhsaithe i bPáirc na Cúile | KPIanna de réir an Mháistirphlean |

**Cuspóir 9: Aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dheiseanna sonracha atá i gCrios (Gaillimh Thoir Thuaidh, i gCroíthailte Ceilte na hÉireann)**

Nóta: Tá gníomhartha breise a bhaineann leis na Criosanna istigh i gCuspóirí 1-6

| An Pobal Áitiúil; GCC | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 9.1 Tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm an DEDP atá beartaithe do Ghaillimh Thoir. | I ndréachtstraitéis Forbartha Turasóireachta IHH don cheantar, a chuimsíonn oirthuaisceart an Chontae, moltar go mbeadh DEDP nua ann. | FI; GCC;<br>an tionscal agus na pobail áitiúla. | Meántéarma go fadtéarma | Eispéireas na gcuairteoirí sa cheantar feabhsaithe. | DEDP bunaithe.<br>Plean gnímh aontaithe. |
| 9.2 Tacú le cur i bhfeidhm Mháistirphlean Bhealach Bheara Bréifne trí fheabhas a chur ar Bhealach Ghleann an tSuca, rud a chabhródh leis na tacaíochtaí don turasóireachta agus na héicea-eispéiris a leathnú amach, agus féachaint an féidir ceangal suas le cosáin atá ann cheana agus le cosáin eile a d'fhéadfaí a fhorbairt, e.g. ar thailte de chuid BNM. | Oibriú le grúpaí agus le hoibreoirí príobháideacha atá ar an bhfód cheana féin chun scéimeanna píolótacha a fhorbairt a dhéanfadh an fhorbairt ar chosáin nua agus ar dheiseanna maoinithe a uasmhéadú. D'fhéadfadh folacháin tráchtála, seirbhísí iompair bagáiste agus seirbhísí cóiríochta nó glampáil a bheith i gceist. Staidéar a dhéanamh freisin ar dheiseanna chun an t-eispéireas a fheabhsú trí rianta agus cosáin bhreise a fhorbairt/a cheangal isteach leo. | FI; GCC; RCC;<br>An tionscadal; Bord na Móna | Ar bhonn leanúnach | Feabhas ar eispéireas na gcuairteoirí ar an stráice seo de Bhealach Bheara Bhréifne | Tuilleadh cuairteoirí feadh Bhealach Ghleann na Suca.<br>KPlanna le leagan síos i gcás tionscnaimh ar leith, tar éis dóibh a bheith aontaithe. |
| 9.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar an deis Bealach Ghas a fhorbairt do Ghleann Abhainn an Chláir, agus Baile an Mhuilinn á úsáid mar mhol. | Tá tacaíocht áitiúil ann don fhorbairt bhreise ar Bhaile an Mhuilinn mar thairseach isteach go Contae na Gaillimhe agus mar mhol le haghaidh tuilleadh siúlóirí. Dá mbeadh sé ceangailte isteach leis an bhforbairt ar an nGlasbhealach agus tuilleadh forbartha déanta ar an turasóireacht i dTuaim, d'fhéadfaí cur le tarraingteacht an cheantair seo, atá lag faoi láthair ó thaobh bonneagar turasóireachta de. | An Pobal Áitiúil; GCC | Meántéarma go fadtéarma | A fháil amach an bhféadfaí Bealach a fhorbairt do Ghleann Abhainn an Chláir. | Athbhreithniú curtha i gcrích agus torthaí aontaithe |

**Objective 10: Addressing specific needs and opportunities in Zone 4 (East Conamara and Lough Corrib, in the Wild Atlantic Way)**

Note: Additional actions relating to the Zones are embedded in Objectives 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 10.1 An Staidéar féidearthachta ar Ghormbhealach Mór an Iarthair / An Staidéar ar Loch Coirib – Loch Measca a chríochnú agus Plean Áineasa níos leithne do Loch Coirib a fhiosrú. | Is acmhainn iontach í an 'fharraige intíre', ní hamháin ó thaobh camchuairteanna agus oidhreachta de ach freisin ó thaobh na bádóireachta mar chaitheamh aimsire, snámh fiáin agus slatiascaireachta. Rachadh cur chuige comhordaithe, mar atá ann i gcás Loch Deirgeirt, chun tairbhe dó chun cúram a dhéanamh den fhorbairt agus den bhainistíocht. | GCC; G City; MCC; IFI; OPW; Corrib Navigation | Meántéarma | Feabhas ar bhainistíocht agus ar fhorbairt i gcás Loch Coirib agus deis níos fearr ag cuairteoir rochtain a bheith acu ar an uisce agus úsáid a bhaint as an loch agus as a bhruacha. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an nGormbhealach nuair a chríochnófar é chun féachaint an bhféadfaí é a leathnú amach go dtí plean áineasa.<br>É a phlé leis na príomhpháirtithe.<br>Toradh a aontú. |
| 10.2 Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a bhainfeadh le Plean Bainistithe Caomhnaithe do Mhainistir an Rois. | Dul i mbun cainte leis an OPW maidir le Plean a fhorbairt don suíomh suntasach mainistreach seo agus é a chomhtháthú níos fearr le hÁth Cinn agus leis an gceantar máguaird. | OPW; GCC; na pobail áitiúla | Meántéarma go fad téarma | Níos mó meas ar Mhainistir an Rois, é curtha i láthair níos fearr agus in ann líon mór turasóirí a mhealladh. | KPlanna le haithint nuair a bheidh an cur chuige aontaithe |
| 10.3 Tacú le NPWS agus seirbhísí agus áiseanna inbhuanaithe do chuairteoirí á bhforbairt i bPáirc Náisiúnta Chonamara. | Tá NPWS i bpáirt le Fáilte Ireland tar éis Máistirphlean Léirmhínithe Turasóireachta a fhorbairt, a thugann breac-chuntas ar an gcreat léirmhínithe do na suíomhanna seo. Tacaítear sa doiciméad seo le feabhas a chur ar eispéiris na gcuairteoirí i bPáirc Náisiúnta Chonamara, lena n-áirítear cosáin nua, carrchlós malartach nua agus ionad nua do chuairteoirí. | NPWS; GCC; FI | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas na gcuairteoirí feabhsaithe i bPáirc Náisiúnta Chonamara | KPlanna de réir an Mháistirphlean |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 10.4 Tacú le NPWS agus seirbhísí agus áiseanna inbhuanaithe do chuairteoirí á bhfhorbairt i gCoill Chnoc Meá. | Tá an NPWS ag obair leis an bpobal áitiúil agus leis an gComhairle ar áiseanna do chuairteoirí a fhorbairt agus feabhas a chur ar líonra na gcosán ag Coill Chnoc Meá. Tá siad ag féachaint freisin ar a indéanta a bheadh sé naisc siúil agus naisc rothaíochta a chur go dtí Béal Chláir, Tuaim agus chuig an gceantar i gcoitinne. D'fhéadfadh na forbairtí seo, má théann siad chun cinn, cur le tarraingteach an cheantair seo atá lag faoi láthair ó thaobh bonneagar turasóireachta de. | NPWS; GCC; pobail áitiúla | Ar bhonn leanúnach | Eispéireas na gcuairteoirí uasghrádaithe ag Coill Choc Meá agus feabhas ar an nascacht leis an gceantar i gcoitinne. | KPIanna le haontú i gcomhar le NPWS |
| 10.5 Tacú leis an bhforbairt ar mhionchinn scríbe agus eispéiris a chabhródh leo a fhorbairt taobh den Gheopháirc. | Tacú leis an nGeopháirc ina iarratas agus mionchinn scríbe a fhorbairt a thabharfaidh fócas do dheiseanna gníomhaíochta agus eacnamaíocha. Ar na heispéiris taobh istigh de limistéar na Geopháirce a d'fhéadfadh cuairteoirí a mhealladh, spreagtar cuairteoirí le fanacht níos faide agus tugtar deis ioncam a ghiniúint go háitiúil, lena n-áirítear an Ghaeilge, Dark Skies, an tslatiascaireacht agus caitheamh aimsire eile amuigh faoin aer, chomh maith le tionscnaimh a bhaineann leis an oidhreacht nádúrtha. | Geopháirc JCWL GCC;, MCC; ÚG | Ar bhonn leanúnach | Ainmniúchán mar Gheopháirc bainte amach.<br>Eispéiris oiriúnacha do chuairteoirí ar fáil sa cheantar. | Iarratas curtha isteach go rathúil.<br>Riachtanais oiliúna agus forbartha a bheith aitheanta (féach Téama Straitéiseach 4). |

**Cuspóir 11: Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus ar na deiseanna comónta ar leith atá ag Criosanna 4, 5 & 6 (Conamara ar fad, ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin)**

Nóta: Tá gníomhartha breise a bhaineann leis na Criosanna istigh i gCuspóirí 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 11.1 Tacú le cur i bhfeidhm VEDP Chonamara agus na nOileán. | Tá fuinneamh suntasach taobh thiar den obair a bhaineann leis an VEDP seo agus ba cheart go leanfadh sé seo ar aghaidh, agus é á leathnú de réir mar is gá chun go bhféadfar gníomhartha nua a thabhairt isteach (féach 1.5). | FI; GCC; An tionscadal | Mar atá i VEDLP 2018-2023 | Feabhas ar eispéiris na gcuairteoirí sa cheantar agus comhoibriú níos fearr leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara | KPIanna bunaithe ar an VEDP |
| 11.2 Tacú le gníomhartha ábhartha sna pleananna turasóireachta áitiúla. | D'fhorbair CGCA agus Geopháirc JCWL araon pleananna turasóireachta a bhí coimisiúnaithe go neamhspleách le grúpaí stiúrtha. Tá príomhpháirtithe leasmhara ón dá ghrúpa i líonra leis an oifig Turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Beidh an Oifig Turasóireachta i dteagmháil go rialta agus tacóidh sí le gníomhartha a bhfuil cuspóirí comónta ag baint leo maidir le bolscaireacht don turasóireacht, líonrú agus forbairt, lena n-áirítear ionadaíocht ag imeachtaí líonraithe. Féach freisin 1.5. | GCC; CAITN; JCWL; comhpháirtithe eile | Ar bhonn leanúnach | Na pleananna, na VEDPanna/ DEDPanna agus na Máistirphleananna ar fad comhtháite faoi Straitéis uileghabhálach. | KPIanna mar a shainaithnítear iad i bpleananna ábhartha. |
| 11.3 An Clochán a fhorbairt mar phríomh-mhol turasóireachta do Chonamara trí leanúint ar aghaidh ag seachadadh na gclár a bhaineann leis na Bailte Ceann Scríbe agus leis na cláir athghiniúna. | Tá maoiniú suntasach bronnta ar an gClochán trí scéim Bhaile Cheann Scríbe Turasóireachta Fáilte Ireland agus tá clár athghiniúna ar siúl sa bhaile freisin. Cabhróidh an dá rud seo le baile ceann scríbe tarraingteach agus mol rothaíochta do Chonamara a bhunú. Is gá comharthaíocht, eolas an bhealaigh agus léirmhíniú a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht a thabhairt don Phlean Gaeilge atá á fhorbairt don Chlochán ag Fóram Chonamara. | GCC; FI; Fóram Chonamara | Ar bhonn leanúnach | Eispéiris atá ar ardchaighdeán agus atá inbhuanaithe do chuairteoirí sa Chlochán agus buntáistí dá réir ag an bpobal agus ag an tionscal go háitiúil. | Gach gníomh a comhaontaíodh curtha i bhfeidhm de réir na bpleananna agus na dtionscnamh eile. |

**Cuspóir 12: Aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus ar na deiseanna sonracha atá comónta do Chriosanna 5 & 6 (Deisceart agus Iarthar Chonamara ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin)**

Nóta: Tá gníomhartha breise a bhaineann leis na Criosanna istigh i gCuspóirí 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 12.1 Tacú le forbairt a dhéanamh ar Phlean Bainistithe do Chuairteoirí chuig na hOileáin. | Is limistéir bheaga ó thaobh na tíreolaíochta iad na ceithre oileán amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu (Oileáin Árann agus Inis Bó Finne). Tá íogaireachtaí sonracha ar leith ag baint leo ó thaobh an chomhshaoil, an chultúir agus ar bhonn sóisialta. Bíonn siad faoi bhrú san ardséasúr agus chabhródh plean comhordaithe bainistithe le dul i ngleic leis seo agus an scéal a stopadh ó dhul in olcas. Tá deiseanna ann le cuairteoirí a mhealladh taobh amuigh den ardséasúr trí imeachtaí traidisiúnta agus trí chláir eile, m.sh. ceol, an Ghaeilge, forbairt scileanna agus oiliúint. I gcás suíomhanna in Inis Mór caithfear an obair atá ar bun go leanúnach, ag OPW agus ag Fáilte Ireland a chomhtháthú sa Phlean. | FI; GCC; OPW, ATU; NPWS.<br>ÚG; líonraí turasóireachta; pobail áitiúla | Gearrtéarma go meántéarma | Bainistiú níos fearr ar chuairteoirí ar na hoileáin.<br>Feabhas ar an inbhuanaitheacht ó thaobh an chomhshaoil, an phobail agus an gheilleagair de. | An Plean coimisiúnaithe.<br>An Plean curtha i gcrích.<br>Plean gnímh aontaithe. |

**Cuspóir 13: Aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dheiseanna sonracha i gCrios 5 (Deisceart Chonamara, ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin)**

Nóta: Tá gníomhartha breise a bhaineann leis na Criosanna istigh i gCuspóirí 1-6

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 13.1 Tacú leis an Údarás san athbhreithniú ar na deiseanna atá i gCeantar na nOileán i dtaca le gné nua a mheallfadh turasóirí agus cabhrú le tuilleadh margaíochta a dhéanamh. | Ar mhaithe le cnuasaigh a bhunú, teastóidh rud breise a bheadh ina dhíol spéise le gur féidir turasóirí a spreagadh le himeacht ó na bealaí is minice a úsáideann turasóirí. Níor ghá gur rud a bheadh cruthaithe ar mhaithe leis na turasóirí a bheadh i gceist anseo, d'oibreodh trá a mbeadh neart seirbhísí ann nó áit a chuirfeadh bia ar ardchaighdeán ar fáil chomh maith céanna. | ÚG; GCC; FI | Gearrtéarma go meántéarma | Tuilleadh turasóirí i gCeantar na nOileán. | É pléite le ÚG.<br>An ghné nua le turasóirí a mhealladh aitheanta. Tús curtha leis an bhforbairt. |

## Téama Straitéiseach 2: Eispéiris a fhorbairt

**Sprioc ardleibhéil 2:** An oiread leasa agus is féidir a bhaint as an turasóireachta do Chontae na Gaillimhe trína chinntiú go mbíonn réimse leathan de rudaí ar ardchaighdeán le déanamh agus le feiceáil ag an gcuairteoir.

**Cuspóir 14: Beocht a chur sa cheann scríbe**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 14.1 Polasaí maidir le Féilte agus imeachtaí. | Féilire comhtháite d'imeachtaí a leagan amach don bhliain ar fad, dírithe i dtús ama ar fheabhas a chur ar imeachtaí atá ann cheana féin (mar shampla Féile Siúil Chonamara, Baile Locha Riach na meánaoise, Baile Mhúrtha Bhaile Átha an Rí, Féile na gCloch, Cruinniú na mBád) agus iad a fhorbairt sula dtabharfar faoi chuid nua. Ba cheart go mbeadh éagsúlacht ag baint leis na himeachtaí agus go mbeadh ina measc: an cultúr traidisiúnta, na healaíona agus an cultúr comhaimseartha, an ceol, gníomhaíochtaí spóirt agus uisce, imeachtaí pobail agus bia.<br><br>Bíonn roinnt féilte báid ar siúl ar chósta Chonamara a d'fhéadfaí a chur i láthair mar eispéiris do chuairteoirí. Tá deis ann le haghaidh tuilleadh imeachtaí bunaithe ar an uisce i bpáirt le Cumann na mBád Oidhreachta agus le hUiscebhealaí Éireann.<br><br>D'fhéadfaí na bailte atá níos mó a úsáid le haghaidh cóiríochta agus mar mhoil iompair d'imeachtaí a bheadh ar siúl in ionaid níos lú mar shampla Béal Átha na Sluaighe don Chreagán. | GCC; FI | Gearrthéarma i gcás na forbartha ar an gcéad Straitéis agus go leanúnach ina dhiaidh | Tuilleadh gníomhaíochtaí ar feadh an tséasúir ar fad.<br><br>Imeachtaí áitiúla a cheiliúradh.<br><br>Na heispéiris ar leith a bhíonn ag cuairteoirí. | Bearta curtha i gcrích.<br><br>Plean gnímh aontaithe.<br><br>Féilire leanúnach ar fáil ar líne agus uasdátú déanta air go rialta. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 14.2 Clár beochta. | Cláir a thabhairt isteach a chuirfeadh beocht sna príomhbhailte agus sna hionaid is mó a mheallann turasóirí taobh istigh de Chriosanna 2, 4, 5 & 6 san ardséasúr i bpáirt le hOifig Ealaíon an Chontae, ionaid ealaíon áitiúla, grúpaí amharclainne, grúpaí ceoil thraidisiúnta agus cleachtóirí ealaíon sna pobail.<br><br>D'fhéadadh gur meascán a bheadh anseo de chláir atá ann cheana agus iad curtha in oiriúint do lucht spéise nua/d'ionaid agus d'imeachtaí nua.<br><br>Féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint go sealadach as suíomhanna/foirgnimh nach mbíonn mórán úsáide bainte astu agus nár ghá mórán a dhéanamh leo.<br><br>A chinntiú go mbíonn imeachtaí spreagúla do theaghlaigh san áireamh. É a leathnú amach go dtí bailte eile, tráth a mbeidh sé faoi lán seoil. | GCC; Ionaid Ealaíon agus grúpaí amharcla-nnaíochta Comhaltas Ceoltóirí Éireann, tábhairn-eoirí. | Meántéarma go fadtéarma | An-bheocht ar fud an Chontae i rith an lae agus níos mó siamsaíochta ar fáil sa tráthnóna. | Coimisiúnú déanta ar an gclár.<br><br>Plean gnímh aontaithe |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 14.3 Comhoibriú ar straitéis don bhia ina mbeidh an fhorbairt dírithe go mór ar an turasóireacht agus ar an míondíol, chomh maith le cosáin bia agus agrathur-asóireacht a bhunú. | Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa straitéis clár de mhargaidh agus de thobimeachtaí chomh maith le gníomhú le go mbeadh na táirgí áitiúla san áireamh ar bhiachláir agus san earnáil miondíola. Ba cheart go n-aimseofaí deiseanna le huasghrádú a dhéanamh ar mhargaí agus ar thob-imeachtaí, trí fheabhas a chur ar na Bailte agus ar na Sráidbhailte. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin comhpháirtíochtaí le BIA, le LEO agus mionthionscnaimh a chuideodh le cosáin/grúpaí a bhunú.– Chothódh sé seo naisc idir na táirgeoirí agus na hoibreoirí in earnáil an fháilteachais, ar mhaithe le feabhas a chur ar an mbia a bhíonn ar fáil ar fud an Chontae. D'fhéadfaí dul i ngleic leis na srianta a chuireann na fodhlíthe atá ann faoi láthair ar mhargaí agus ar thob-imeachtaí, ach teacht ar réitigh malartacha e.g. úsáid a bhaint as foirgnimh atá folamh nó as suíomhanna atá faoi úinéireacht phríobháideach. | GCC; FI; BIA; LEO | Go leanúnach le linn shaolré na straitéise. | Eispéiris níos fearr do thurasóirí mar a bhaineann le bia agus níos mó deiseanna ag na táirgeoirí freastal ar na turasóirí. | Straitéis críochnaithe.<br>Plean gnímh aontaithe. |

**Cuspóir 15: Soláthar a dhéanamh don gheilleagar tráthnóna**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 15.1 Obair le Fáilte Éireann chun spreagadh a thabhairt do fhorbairt geilleagar tráthnóna i bpríomhbhailte | Obair le Fáilte Éire i bpríomhbhailte, m.sh. Tuaim, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Port Omna, An Gort Bhaile Átha an Rí, chun buntáiste agus Tacaíocht a thabhairt do Gheilleagar na hoíche agus tionscnaimh eile chosúl, le cumas dul chun cinn a dhéanamh do stádas na Brataí Corcra don todhchaí.<br>Clár oibre a chruthú le ceanairí tráchtála áitiúla chun deiseanna a aithint agus féidearachtaí d'oibritheoirí fáilteachais bhunaithe. | FI; GCC; Chambers of Commerce | Fadtéarma | Tairiscint oíche Feabhsaithe do chuairteoirí i mBailte | Pleananna aontaithe.<br>KPIanna eile le n-aithint de thoradh ar mphleananna. |

**Cuspóir 16: Feabhas a chur ar an deis turasóireachta a bhaineann leis an gcaitheamh aimsire faoin aer, ar an talamh agus san uisce.**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.1 Straitéis Contae don Chaitheamh Aimsire Faoin Aer a fhorbairt agus Grúpa Stiúrtha a bhunú de réir na Straitéise Náisiúnta don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh | Tógáil ar an Straitéis Náisiúnta don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh atá ag teacht (dúnadh an comhairliúchán poiblí ina leith i mí na Bealtaine 2022) agus ar Straitéis Iompair agus Pleanála an CPD. Tá deis ann do Chontae na Gaillimhe Straitéis Caitheamh Aimsire dá chuid féin a fhorbairt dírithe ar na Glasbhealaí, ar na Gormbhealaí agus ar chosáin eile a d'fhéadfadh cabhrú leis an turasóireacht.<br>D'fhéadfaí gníomhartha eile sa Phlean seo atá ábhartha a fho-ghlacadh faoi Straitéis nua den chineál seo nó iad a fhorbairt go neamhspleách sa ghearrthéarma. | GCC; FI; NPWS; Coillte; WI; MCC; RCC; OCC; TCC; CCC; | Meántéarma go fadtéarma | Deiseanna agus éispéiris caitheamh aimsire feabhsaithe.<br>Acmhainní agus deiseanna uasmhéadaithe | Grúpa Stiúrtha Cosán a bhunú chun maoirseacht straitéiseach a aontú.<br>Straitéis forbartha.<br>Plean Gnímh aontaithe |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.2 Oibriú le comhpháirtithe sna gníomhaireachtaí d'fhonn tairbhe a bhaint as ORIS mar mheicníocht chun táirge an chaithimh aimsire lasmuigh a fhorbairt ar fud an Chontae, rud a chabhróidh leis an turasóireacht forbairt. | Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscnaimh Straitéiseacha (cosáin/ Gormbhealaí) a neartaíonn próifíl an Chontae go mór mar cheann scríbe ina bhfuil eispéiris cosán den scoth. | GCC; Gníomhair-eachtaí; GRD; Fóram Chonamara | Meántéarma go fadtéarma | Deiseanna agus éispéiris caitheamh aimsire feabhsaithe.<br>Acmhainní agus deiseanna uasmhéadaithe. | Grúpa Stiúrtha Cosán a bhunú chun maoirseacht straitéiseach a aontú.<br>Straitéis forbartha.<br>Plean Gnímh aontaithe |
| 16.3 Leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as meicníochtaí ORIS chun cosáin a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu. | Leanúint de bheith ag déanamh éascaíochta ar ghrúpaí pobail, iad a chur chun cinn, agus tacú leo ó thaobh cosáin siúil a fhorbairt, a chothabháil agus a fheabhsú in áiteanna cuí ar fud an Chontae tríd an Scéim Bonneagair don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh. | Na pobail áitiúla; GCC | Ar bhonn leanúnach | Feabhas ar tháirgí caithimh aimsire ar fud an Chontae. | KPIanna de réir tionscadail aonair |
| 16.4 Tacú le fóram a bhunú do na hoibreoirí a chuireann gníomhaíochtaí uisce ar fáil. | Tá béim níos mó i gcaitheamh an ama ar úsáid an uisce le haghaidh caitheamh aimsire agus mar bhealach le cuairteoirí a mhealladh chuig ceantair nach mbíonn an oiread sin cuairteoirí acu. Dá mbeadh líonra foirmiúil nó fóram ag na hoibreoirí a chuireann eispéiris uiscebhunaithe ar fáil chabhródh sé chun é seo a chur ar an eolas, chomh maith le gur tacaíocht a bheadh ann do na hoibreoirí, ar micreaghnólachtaí iad a bhformhór, agus iad ag fás a gcuid margaí. | WI; GCC; An tionscadal; IFI; Coillte; úinéirí talún stáit eile a bhfuil éadanas uisce acu | Meántéarma go fadtéarma. | Comhoibriú níos fearr idir na hoibreoirí a chuireann gníomhaíochtaí uisce ar fáil agus mar thoradh air sin níos mó cuairteoirí ag glacadh páirt. | An fóram bunaithe agus an maoiniú ar fáil. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.5 Scrúdú a dhéanamh ar chlár a chuirfeadh feabhas ar chéanna, ar mhaithe le cabhrú leis an snámh fiáin, leis an mbádóireacht agus le gníomhaíochtaí a bhíonn bunaithe ar an uisce. | Tá gá le cur chuige comhordaithe chun a chinntiú go mbeidh na háiseanna is tábhachtaí ar fáil agus go mbeidh na caighdeáin leagtha síos arís agus coinnithe ag láithreacha oiriúnacha mar shampla céanna atá cóngarach do bhailte/ do shráidbhailte ar na lochanna agus ag na tránna a bhfuil Brat Gorm / Gradam Cósta Glas acu, ag aibhneacha a mbíonn tóir orthu ag muintir na háite agus ag ionaid snámha ar lochanna.<br><br>Is é an chéad chéim maidir leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis atá á leagan amach ag GCC le haghaidh céanna níos lú, d'fhonn a fháil amach an bhfuil deiseanna comhoibrithe ann agus leis an inbhuanaitheacht a chomhtháthú. Is gá féachaint ar ancairí múrála a chur feadh an chosta agus tacú le pontúin i gCill Rónáin.<br><br>Tá deis ann freisin inbhuanaitheacht na gcéanna oidhreachta a fheabhsú go háirithe sa chomhthéacs níos leithne a bhaineann le bailte / sráidbhailte a fhorbairt. | GCC; WI; IFI; Clár Bhrat BIM | Gearrthéarma i gcás an athbhreithnithe ar straitéis CGC maidir leis na céanna.<br><br>Meántéarma go fadtéarma i gcás na nithe eile. | Tuilleadh deiseanna ag cuairteoirí réchúiseacha le húsáid a bhaint as an uisce, rud a chuideoidh le turasóireacht níos moille agus le go bhfanfaidh daoine níos faide. | Athbhreithniú curta i gcrích.<br><br>An clár forbartha.<br><br>Plean gnímh aontaithe. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.6 Athbhreithniú ar na deiseanna atá ann le haghaidh Gormbhealach don chósta. | Is áis shuntasach do Ghaillimh í an turasóireacht feadh an chósta. Spreagfadh Glasbhealach foirmiúla tuilleadh taiscéalaíochta cois cósta agus thabharfadh sé isteach áiteanna nach dtugtar cuairt orthu go minic. Chomh maith le Conamara ba cheart go gcuirfí san áireamh an moladh atá i VEDP Bhoirne go mbunófaí Gormbhealach feadh chósta Chinn Mhara -d'fhéadfaí é seo a úsáid mar scéim phíolótach i bpáirt le CCC. | FI; GCC; CCC; BIM (Brat) | Meántéarma go fadtéarmach | Tuilleadh deiseanna ag cuairteoirí réchúiseacha úsáid a bhaint as an uisce, rud a chuideoidh le turasóireacht níos moille agus daoine a bheith ag fanacht níos faide. | Athbhreithniú curtha i gcrích. Plean gnímh aontaithe. |
| 16.7 Breathnú isteach sna deiseanna a bhaineann le 'scéim fáilte' a fhorbairt do shiúlóirí agus do rothaithe ar na Glasbhealaí, ar na Gormbhealaí agus ar na cosáin. | Oibriú leis na pobail atá in aice leis na Glasbhealaí, na Gormbhealaí agus leis na cosáin thábhachtacha eile ionas gur féidir an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as éispéiris thacaíochta a chur ar fáil do thurasóirí. Ar na bailte gur fiú breathnú orthu tá Béal Átha an Ghártha, Eachroim, Maigh Cuilinn, Carna agus Cinn Mhara, chomh maith le moill níos mó ar Ghlasbhealach Átha Luain-na Gaillimhe, mar shampla i mBéal Átha na Sluaighe.<br>Scéim phíolótach 'Fáilte roimh Shiúlóirí agus roimh Rothaithe' a dhéanamh ar son an Chontae ar fad i moil siúil/moil rothaíochta níos lú, bunaithe ar an gceann atá ann cheana féin ar an bhFairche. | GCC; Coillte; Sport Ireland; FI; WI | Meántéarma go fad fadtéarmach | Feabhas ar na háiseanna agus ar na seirbhísí a bhíonn dírithe ar ghníomhaíochtaí agus feabhas ar an bhfáilte a chuirtear roimh na cuairteoirí a úsáideann na háiseanna agus na seirbhísí. | An scéim forbartha.<br>Plean Gnímh aontaithe |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.8 Féachaint an mbeadh sporbhealach Dheirgimligh na Coille Móire ón nGlasbhealach indéanta, chomh maith le Carna/ cósta Chonamara Theas. | Cabhróidh sporbhealach Dheirgimligh – na Coille Móire le cineálacha taistil atá níos inbhuanaithe i limistéar a bhíonn gnóthach. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus tacú leis an gcur i bhfeidhm, má mheastar é a bheith indéanta.<br><br>Tá an sporbhealach do Chonamara atá molta ina chuid de bhealach EuroVelo agus dá ndéanfaí é a uasghrádú go mbeadh sé ina Ghlasbhealach iomlán, chabhródh sé le ceantar nach bhfaigheann mórán cuairteoirí a oscailt suas. | GCC; ÚG | Meántéarma go fadtéarmach | Cur le líonra na nGlasbhealaí le go mbeidh an turasóireacht scaipthe amach. | An Bealach/na Bealaí aontaithe agus glactha leo.<br><br>Tús curtha leis an obair. |
| 16.9 Tacaíocht a thabhairt do na hionaid atá ag iarraidh an t-aitheantas *Dark Sky* a bhaint amach, áit a bhfuil siad tosaithe cheana féin | D'fheilfeadh turasóireacht bunaithe ar *Dark Skies* do na hoileáin agus do na cheantair níos iargúlta sa Chontae (e.g An Geopháirc)<br><br>Is féidir le GCC cabhrú trína chinntiú go ndéantar an truailliú ó shoilse a laghdú agus go gcuirtear na soilse poiblí in oiriúint do na caighdeáin. | Grúpaí pobail agus grúpaí sainspéise; GCC; Ollscoil na Gaillimhe nó a leithéid. | Ar bhonn leanúnach | Cosaint don spéir dhorcha agus éispéiris turasóireachta atá bainteach leis a fhorbairt. | Iarratais curtha isteach.<br><br>Ionad/Ionaid faighte.<br><br>Plean gnímh aontaithe |
| 16.10 Plean margaíochta do na cosáin a fhorbairt don Chontae ar fad. | Ba cheart go dtarraingeodh an plean seo aird ar na meicníochtaí is éifeachtaí atá ann chun feasacht a ardú ionas gur féidir ilroinnt na turasóireachta a laghdú. | GCC; FI; gníomhaireachtaí eile. | Meántearma go fadtéarma | Níos mó eolais i dtaobh cosáin agus níos mó úsáide á bhaint astu. | An Plean forbartha. |

**Cuspóir 17: Soláthar cóiríochta a mhéadú nuair is gá**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 17.1 Oibriú le comhpháirtithe ar mhaithe le cóiríocht ar scála beag, a bheadh uathúil agus inbhuanaithe, a spreagadh lena n-áirítear áiteanna oiriúnacha a aimsiú le haghaidh campáil fhiáin ar thalamh stáit. | Oibriú le Fáilte Ireland le húinéirí talún stáit, leis na pobail agus leis an tionscal le cóiríocht ar scála beag a bheadh uathúil agus inbhuanaithe agus a thacódh le himeachtaí amuigh faoin aer, a aimsiú agus a fhorbairt. Ba cheart go gcuirfí san áireamh anseo, más féidir, úsáid nua as talamh agus as foirgnimh nach mbaintear mórán úsáide astu faoi láthair.<br><br>Tá deis ann le haghaidh cur chuige comhoibritheach maidir le dhá nó trí shuíomh a fhorbairt don champáil fhiáin ar thailte de chuid Choillte, NPWS nó BNM, agus go gcuirfeadh GCC leithris agus cithfholcadáin ar fáil.<br><br>Chuideodh sé seo leis an turasóireacht a scaipeadh amach agus d'fheilfeadh sé do cheantar na Geopháirce chomh maith le Doire Abhra agus oirthuaisceart an Chontae. | FI; GCC; ÚG; Coillte; NPWS | Meántéarma go fadtéarma | Réimse leathan de chineálacha cóiríochta/ionaid champála bheaga uathúla a bheith ar fáil ar fud an Chontae | Roinnt aonaid nua. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 17.2 Torthaí an n-athbhreithnithe náisiúnta maidir lena indéanta a bheadh sé ionaid RV a chur san áireamh, agus cabhrú le roinnt stopann RV i stíl Aire a bhunú i gceantair sa Chontae nach bhfaigheann mórán turasóirí. | Má bhunaítear bonneagar RV sna ceantair is ciúine sa Chontae tabharfaidh sé teacht isteach tábhachtach breise go dtí ceantair atá ina ghátar agus cuideodh sé le feasacht a ardú, gan an iomarca infheistíochta a bheith déanta sa bhonneagar thógtha. Ba cheart go mbeadh siad seo cóngarach do shráidbhailte nó do bhailte beaga, nó istigh iontu, áit a mbeadh fáil ar na háiseanna bunúsacha (siopa, breosla, teach tabhairne a chuireann bia ar fáil) agus iad i dtimpeallacht tharraingteach ina mbeadh cosáin /bealaí uisce. Tá athbhreithnithe ar bun faoi láthair ag Fáilte Ireland agus ag WI. | FI; WI; GCC; Coillte; NPWS | Meántéarma go fadtéarmach. | Líonra de shuíomhanna ar stíl *Aire*.<br><br>Tacaíocht don turasóireacht sna ceantair sin sa Chontae nach bhfaigheann mórán turasóirí | Athbhreithniú curtha i gcrích.<br><br>Plean gnímh aontaithe. |
| 17.3 Tacú leis an bhforbairt ar óstáin bheaga sna bailte is mó, má léirítear gá a bheith leis seo. | Tá sé soiléir go bhfuil bearna ann ó thaobh lóistín óstáin i mbailte áirithe, go mór i mBéal Átha na Sluaighe, i dTuaim agus in Uachtar Ard. | Oibreoirí tráchtála<br><br>agus grúpaí pobail; GCC; FI | Meántéarma go fad téarma | Níos mó acmhainneachta ó thaobh freastal a dhéanamh ar an turasóireacht oíche sna príomhbhailte. | Na bailte cuí aitheanta.<br><br>Tuilleadh acmhainneachta ó thaobh óstáin de i ngach baile |

**Cuspóir 18: Tuilleadh nithe a mheallfadh cuairteoirí a chur ar fáil nuair is gá agus a chinntiú go mbeidh siad ar ardchaighdeán**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 18.1 Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le hionad ceann scríbe, a mheallfadh turasóirí, a bhunú i Ros an Mhíl. | Sa réigiún seo tá an-tábhacht ag baint leis na hábhair spéise agus leis na féilte ar leith a tharraingíonn aird ar chultúr an chósta agus ar thraidisiún na bádóireachta, go háirithe in iardheisceart na Gaillimhe.<br>D'fhéadfaí ceann scríbe nua a bhunú sa cheantar seo, mar shampla ceann a bheadh bunaithe ar théama na farraige, amhail Húicéar na Gaillimhe. Bheadh sé seo ina bhealach isteach chuig an gcultúr chomh maith le bheith ina thairseach fisiciúil go dtí Ceantar na nOileán. Anuas air sin spreagfadh sé imeachtaí bunaithe ar an bhfarraige feadh chósta an iarthair agus thiocfadh sé le Rásaí Húicéirí na Gaillimhe. | GCC; FI; ÚG | Meántéarma go fadtéarma. | Ceann scríbe nua do thurasóirí i ndeisceart Chonamara, bunaithe ar théama na farraige. | Aontú maidir leis an gcaoi le bogadh ar aghaidh.<br>Plean gnímh aontaithe |
| 18.2 Athbhreithniú ar ionaid níos lú a mheallann turasóirí agus gur leis an gComhairle nó leis an bpobal iad. | Athbhreithniú ar chuid de na hionaid spéise níos lú do thurasóirí chun a riachtanais forbartha a mheas (ie caighdeán an eispéiris agus an réimse áiseanna) agus féachaint ar na deiseanna a bhaineann le ról níos lárnaí a bheith acu ina gceantair áitiúla (mar shampla-eolas do thurasóirí, cuidiú le heispéiris nua agus gníomhaíochtaí nua a chur ar fáil, iad a cheangal isteach le heispéiris eile atá sa cheantar). I measc na n-ionad a bhfuiltear ag féachaint orthu tá Ionad Chatha Eachroma agus Ionad Turasóirí Bhaile Átha an Rí. | GCC; FI; ionaid spéise ar leith | Gearrtéarma go meántéarma | Níos mó turasóirí agus éispéiris níos fearr do thurasóirí in ionaid spéise ar leith a roghnófar. | Athbhreithniú curtha i gcrích.<br>Plean gnímh aontaithe. |

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comhpháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 18.3 Oibriú i bpáirt le gníomhaireachtaí ionas go mbainfear an oiread úsáide agus is féidir as na hacmhainní oidhreachta, ina measc iad siúd atá faoi chúram an stáit. | Tá láithreáin i nGaillimh, agus iad faoi chúram na ngníomhaireachtaí stát, an OPW agus NPWS, a bheadh in ann cuairteoirí a mhealladh. Tá deis ann bolscaireacht a dhéanamh maidir leo seo agus iad a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Tá aitheantas speisialta ag cuid acu (mar shampla Mainistir an Rois ). Is gá clár a leagan amach do gach láithreán acu agus breathnú freisin ar chuspóirí a roinnt mar shampla na cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na cuspóirí a bhaineann leis na turasóireacht inbhuanaithe.<br><br>Leanúint freisin de bheith ag tacú leis na láithreáin atá faoi úinéireacht na Comhairle mar shampla Ionad Chatha Eachroma. | NPWS; OPW; GCC; FI | Ar bhonn leanúnach | Níos mó turasóirí agus éispéiris níos fearr do thurasóirí<br><br>ag na hionaid spéise do chuairteoirí atá | Ionaid roghnaithe.<br><br>Pleananna agus gníomhartha |

## Téama Straitéiseach 3: Scileanna agus Acmhainneacht a Fhorbairt

**Sprioc ardleibhéil 3:** Achinntiú go bhfuil tionscal na turasóireachta oilte agus go bhfuil sé ar a chumas eispéiris atá tarraingteach agus atá ar ardchaighdeán a sholáthar do chuairteoirí.

**Cuspóir 19: An foghlaim ó phiaraí agus an líonrú a fheabhsú i dtionscal na turasóireachta**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 19.1 Líonra a bhunú don tionscadal sa Chontae le go bhféadfar eolas agus scileanna a roinnt. | Bheadh líonra foirmiúil in ann cabhrú le heolas agus scileanna a roinnt chomh maith le bunchloch a leagan síos le go mbeadh malartú meantóireachta ar siúl idir na líonraí atá níos seanbhunaithe sa tionscadal agus iad siúd atá ag tosú amach. | LEO; an tionscadal | Gearrtéarma go meántéarma | Eolas a bheith á roinnt ar bhealach níos fearr agus tuilleadh piar-mheantóireachta a bheith ar siúl ar fud an Chontae. | Struchtúr agus cur chuige maidir leis an líonra aontaithe.<br>An ráta rannpháirtíochta |

**Cuspóir 20: Tacú le forbairt scileanna sa tionscal**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháir-tithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 20.1 Deiseanna oiliúna agus deiseanna CPD atá ann cheana féin a chur os comhair an tionscadail (féach Cumarsáid thíos) | Cuireann Fáilte Ireland agus gníomhaireachtaí eile deiseanna ar fáil ar bhonn leanúnach le scileanna agus acmhainneacht a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint agus deiseanna CPD. Ba cheart an tionscadal a spreagadh le tairbhe a bhaint astu seo. (Tabhair faoi deara: tá oiliúint maidir leis an inbhuanaitheacht san áireamh faoi 1.2 thuas)<br>Ba cheart go mbeadh an Campas Nuálaí BIA, atá á fhorbairt, ag obair freisin ar cheardlanna/oiliúint ar chúrsaí bia a chur ar fáil. | FI; GCC; LEO; BIA | Go leanúnach. | Seirbhisí agus éispéiris ar ardleibhéal a bheith á gcur ar fáil ag an tionscadal do chuairteoirí | An ráta rannpháirtíochta.<br>Sástacht na gcuairteoirí agus iad á dtomhas tríd na meicníochtaí athbhreithnithe atá ann cheana agus trí léirmheasanna sna meáin chumarsáide |

## Téama Straitéiseach 4: Margaíocht agus Cumarsáid

**Sprioc ardleibhéil 4:** Cumarsáid chomhsheasmhach, shoiléir agus ábhartha a chinntiú leis an bpríomhlucht spéise, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara agus an pobal. (Féach freisin gníomhartha i dTéama Straitéiseach 1 agus sa Phlean Margaíochta imlíneach a leanann é seo).

**Cuspóir 21: Tacú leis an gcomhoibriú idir GCC agus tionscal na turasóireachta**

| Gníomhartha | Réasúnaíocht & Tráchtaireacht | Comh-pháirtithe | Scála ama | Torthaí | KPI |
|---|---|---|---|---|---|
| 21.1 Fóram agus líonra a bhunú don tionscadal | Is iad an fóram agus an líonra na chéad chéimeanna ó thaobh cur chuige níos aontaithe a leagan síos don fhorbairt agus don mhargaíocht ar an tionscadal sa Chontae. D'fhéadfaí fo-fhóraim/fo-líonraí a bhunú de réir a chéile, má bhíonn gá leo. | GCC; FI; Cathair na G ;an tionscadal. | Gearrthéarma | Feabhas ar an gcumarsáid agus ar an gcomhoibriú idir na páirtithe leasmhara i dtionscadal na turasóireachta. | Fóram agus líonra bunaithe.<br>Na rátaí comhpháirtíochta |

## A8.2 Plean Margaíochta

| Réimse Gníomhaíochta | Gníomh | Spriocmhargadh /Spriocsciar |
|---|---|---|
| **1. Forbairt Branda** | Ar siúl cheana féin. | Iad ar fad. |
| **2. Nithe Comhthaobhacha - ábhar priontáilte/ ábhar digiteach** | Le hathbhreithniú, ag fanacht le toradh ar chinneadh maidir le struchtúr an fhorfheidhmithe. A laghad priontála agus is féidir -díriú ar ábhar digiteach (níos éasca le nuashonrú, bainfidh na tomhaltóirí níos mó úsáide as) | Iad ar fad. |
| **3.Margaíocht Dhigiteach** | 3.1 Straitéis thiomnaithe a fhorbairt don mhargaíocht dhigiteach agus na míreanna thíos san áireamh, trí úsáid a bhaint as foirne roinnte inti nó trí speisialtóir seachtrach a cheapadh. | Iad ar fad. |
| | 3.2 Suíomh gréasáin tiomnaithe a fhorbairt agus a bharrfheabhsú, lena n-áirítear léarscáileanna idirghníomhacha: oibrithe a sholáthraíonn eispéiris; nithe ar díol spéise iad do chuairteoirí; Glasbhealaí, Gormbhealaí, agus cosáin taobh amuigh; tránna; agus 'acmhainní' eile bunaithe ar an dúlra. | Iad ar fad. |
| | 3.3 Bainistiú rialta a dhéanamh ar phríomhbhealaí na meán sóisialta: Facebook, Twitter, Instagram, Pintrest, Youtube agus TikTok. Feachtas rialta a fhorbairt trí Thurasóireacht Éireann agus úsáid á baint as íomhánna agus as scéalta atá gairid agus inroinnte chun na deiseanna atá ann cheana a choinneáil. | Iad ar fad. |
| | 3.4 Bainistiú ar cháil a dhéanamh ar shuíomhanna eile a bhaineann le tríú páirtithe agus ar shuíomhanna taistil. | Iad ar fad. |
| **4.Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid** | 4.1 Clár poiblíochta a bheadh mar chuid de na príomhfhorbairtí straitéise agus mar chuid d' fhéilte/ d'imeachtaí móra, a chomhaontú trí fhoirne chomhroinnte a úsáid nó trí sheirbhís a fhostú. Ba chóir an clár a aontú roimh ré agus é a bheith brandáilte go soiléir - branda na Gaillimhe don mhargadh baile, IHH nó Bealach an Atlantaigh Fhiáin do na margaí thar lear. | Iad ar fad. |
| | 4.2 Cuairteanna rialta ó na meáin chumarsáide a bhaineann leis na spriocmhargaí a spreagadh agus a éascú trí TI /FI, lena n-áirítear na speisialtóirí turasóireachta atá ag na meáin chumarsáide. | Iad ar fad. |
| | 4.3 Comórtais ar líne agus ábhar inroinnte (m.sh. comórtais ghrianghrafadóireachta, an taithí saoire ab fearr, srl.) a úsáid go rialta mar uirlis phoiblíochta. | An sciar de dhaoine fásta atá in ann taisteal taobh amuigh den ardseasúr. |
| **5. Bolscaireacht** | 5.1 É a dhéanamh níos fusa don tionscal a bheith páirteach sna seónna trádála agus sna seónna tomhaltóra tábhachtacha a bhíonn á n-eagrú ag gníomhaireachtaí turasóireachta, agus an tionscal a spreagadh leis an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as na deiseanna líonraithe agus as na deiseanna le haghaidh díolachán díreach. | Braitheann sé ar an imeacht. |
| **6.Margaíocht Dhíreach** | 6.1 Comhoibriú leis an tionscal ábhartha ar fheachtais mhargaíochta a bhíonn dírithe ar an dream a bhíonn i mbun grúpaí a eagrú. | An dream a eagraíonn imeachtaí; Clubanna Siúil; Clubanna Rothaíochta; Cumainn agus grúpaí Cathaoireacha Rothaí do dhaoine faoi mhíchumas |

| Réimse Gníomhaíochta | Gníomh | Spriocmhargadh /Spriocsciar |
|---|---|---|
| **7. Fógraíocht: Priontáil &Ábhar Digiteach** | 7.1 Fógraí sna príomhmheáin in Éirinn le linn na dtréimhsí i rith na bliana is mó a ndéantar cinntí, le tacaíocht ó fhógraí de chuid an tionscail. | Gach sciar baile: teaghlaigh, sosanna deireadh seachtaine, daoine a bhíonn gníomhach amuigh faoin aer. |
| **8. Margaíocht Ceann Scríbe** | 8.1 Leanúint ar aghaidh ag tacú leis na hardáin a bhaineann leis na cinn scríbe sheanbhunaithe, lena n-áirítear Conamara agus Ceann Scríbe Loch Deirgeirt, trí na cinn scríbe a dhíol ar na meáin shóisialta. Leanúint ar aghaidh ag obair le comhlachtaí léiriúcháin teilifíse agus le hoifigigh turasóireacht chun ábhar eagarthóireachta a fhorbairt don mhargaíocht bhaile agus don mhargaíocht idirnáisiúnta. | Líonraí Turasóireachta; ÚG; WI; FI; GCC; TCC; CCC |